

An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

“Oibreimid ar son an Rialtais agus ar son an Phobail d’fhonn
fostaíocht den scoth agus iomaíochas náisiúnta a fhorbairt ”

Ráiteas Straitéise 2005 - 2007

CLÁR

Ráiteas Straitéise 2005-2007

Brollach leis an Aire Fiontar, Trádála & Fostaíochta	1
Réamhrá leis an Ard-Rúnaí	2
Cuid 1 Forbhreathnú & Achoimre Fheidhmitheach	3
Cuid 2 Galláin ár Straitéise	13
Gallán 1 – Fiontar, Nuálaíocht, Fás	15
Gallán 2 – Ard-Chaighdeán Oibre agus Foghlaim	27
Gallán 3 – Feabhas a Chur ar Fheidhmiú Margai agus ar Rialú	39
Gallán 4 – Seachadadh gnó, Nuachóiriú & Fócas ar an gCustaiméir	47
Cuid 3 Saincheisteanna Tras-Rannacha	57

BROLLACH LEIS AN AIRE FIONTAR, TRÁDÁLA & FOSTAÍOCHTA

Is i gcomhthéacs geilleagair atá fós ag fás dhá uair níos tapúla ná an meán san AE a scríobhadh an Ráiteas Straitéise seo, straitéise a chlúdaíonn an tréimhse 2005-2007. Ní raibh an líon daoine fostaithe sa tír riamh chomh hard i stair an Stáit is mar atá anois agus tá an ráta is ísle dífhostaitochta san AE againn. Tá feabhas suntasach ag teacht ar chaighdeán mhaireachtála de bharr ráta measartha boilscithe agus toisc infheistíocht chaipitil bhliantúil, mar % den OTN, atá níos mó ná dhá uair an meán san AE. Mar sin féin, mar gheilleagar beag, oscailte táimid go mór faoi thionchar treochtaí neamhfhabhracha idirnáisiúnta, ar nós praghsanna tráchtarraí ag dul i méid nó éileamh idirnáisiúnta ag íslíú. De réir na tuarascála “Ahead of the Curve”, leis an nGrúpa Straitéise Fiontraíochta (ESG), cé go bhfuil geilleagar na hÉireann fós láidir, caithfear a bheith airdeallach, agus straitéise a bheith againn chun dul i ngleic le bagairtí atá ag teacht chun cinn, ar nós iomaíocht ó gheilleagair eile le costais níos ísle agus tíortha eile ag déanamh aithris ar an gcáin chorparáide íseal a chuirimid i bhfeidhm sa tír seo.

I gcomhthéacs na ndúshlán agus na ndeiseanna a ainmníodh, inter-alia, inár bPlean Forbartha Náisiúnta, i dtuarascálacha na Comhairle Náisiúnta Iomaíochais agus sa tuarascáil dheireanach ag an nGrúpa Straitéise Fiontraíochta, mar dhúshlán agus mar dheiseanna lárnacha má táthar chun feabhas a chur ar iomaíochas na hÉireann amach anseo, táim lánsásta go dtugann an Straitéis seo treoir shoiléir dúinn d’fhonn ár spriocanna sainithe a bhaint amach.

Ó mo thaobhse de, aithním go bhfuil tábhacht ar leith le tús áite a thabhairt do chur i ngníomh na moltaí atá déanta ag an nGrúpa Straitéise Fiontraíochta ina thuarascáil, mar a mholann sé tacú le hiomaíochas agus aghaidh a thabhairt ar dhúshlán atá ag teacht chun cinn. Mar dhul chun cinn ar thuarascáil an ESG, tá sé thar a bheith tráthúil, dar liom, athbhreithniú a dhéanamh ar na saincheisteanna a théann i gcion ar ghnóthaí beaga i ngeilleagar na hÉireann. Is gá infheistiú leanúnach a dhéanamh i dtaighde & forbairt chun cur le bunachar eolais na hÉireann agus is gá smaointe a réadú ina dtáirgí agus ina seirbhísí. Fáiltím roimh an dian-fhócas, tacú leis an tomhaltóir, i gcomhthéacs na moltaí atá déanta ag an nGrúpa Straitéise Tomhaltóirí, ina thuarascáil.

I réimse an mhargaidh fostaíochta, caithfidh leanúint orainn ag infheistiú san Oideachas Fadsaoil, ag teacht le polasáí na hÉireann scileanna an phobail a fheabhsú, i

ngeilleagar atá ag brath, níos mó is níos mó ar eolas, agus leanúint orainn ag soláthar tacaí dóibh siúd atá dífhostaithe agus dóibh siúd atá faoi mhíchumas. San AE méadaithe, agus baill nua ar tí ballraíocht a ghlacadh amach anseo, is gá bainistiú a dhéanamh ar imirce eacnamaíoch chun a chinntiú go leanaimid orainn ag mealladh oibríthe eachtracha a bhfuil an meascán scileanna ceart acu, rud atá riachtanach má táimid chun fás an gheilleagair a chothú. Maidir leis seo, tugaim tús áite d’achtú luath ar an mBille um Cheadanna Fostaíochta, a chruthóidh creat polasáí soiléir don imirce eacnamaíoch sa todhcháí.

Tuigim go bhfuil géarghá díriú ar pholasáí iomaíochais a théann chun sochair, ní hé amháin don ghnó, ach don tomhaltóir chomh maith ar deireadh thiar. Beidh rogha earraí agus seirbhísí níos fairsinge i margadh atá éifeachtach agus cóir, margadh nach bhfuil ró-ualaithe le dualgais a chaithfear a chomhlíonadh.

Cuirfidh an Roinn seo go mór le fás an iomaíochais náisiúnta, má leanaimid orainn ag comhoibriú le páirtithe leasmhara, náisiúnta agus idirnáisiúnta araon, d’fhonn na spriocanna atá sonraithe sa Ráiteas Straitéise seo a bhaint amach, rud a chuirfidh le caighdeán mhaireachtála, le caighdeán oibre agus le caighdeán ghnó in Éirinn. Mar thoradh air sin, beimid ag tacú le sprioc Liospóin, is é sin an Eoraip a bheith ar an ngeilleagar is iomaíche agus is eolas-bhunaithe ar domhan.



Michael Martin

RÉAMHRÁ LEIS AN ARD-RÚNAÍ

Tá deiseanna agus dúshlán mhóra i ndán d'Éirinn amach anseo. Mar thoradh ar an rath a bhí ar an tír le blianta beaga anuas, ar an bhfás gasta a tháinig ar an ngeilleagar, ar an méadú as cuimse ar an lucht oibre agus ar an íslíú ar an ráta difhostaíochta (ráta nach bhfuil a mhacasamhail ann) táimid anois i bhfad chun tosaigh ar na náisiúin atá in iomaíocht linn. Caithfidimid tógáil air sin anois agus é a chothú. Tá ról lárnach ag an Roinn seo fás leanúnach an náisiúin a chinntiú, agus rathúnas na todhchaí a chosaint.

Mar phríomh-Roinn eacnamaíoch, ag obair lenár ngníomhaireachtaí agus lenár n-oifigi reachtúla, tá sé ar ár gcumas dul i bhfeidhm go fabhrach ar fheidhmíocht an náisiúin. Beidh an ráiteas straitéise seo mar threoir dúinn don chéad trí bliana eile i ngach réimse faoinár gcúram, idir chearta fostaíochta agus chearta tomhaltóirí, pholasaí iomaíochta agus pholasaí fiontar, idir eolaíocht, teicneolaíocht & nuálaíocht agus forbairt ar an margadh fostaíochta. Déanann sé mionscrúdú ar an timpeallacht ina bhfeidhmímid, aon bhagairt ar ár rathúlacht san áireamh, agus tabharfaimid aghaidh ar an todhchaí agus muid go hiomlán in iúl ar ár staid reatha agus ar a bhfuil i ndán dúinn. Ag eascairt as ár ráiteas misin, sonraíonn an straitéis seo na tosaíochtaí, na spriocanna agus na cuspóirí againn, mar aon leis na bearta straitéiseacha atá ar intinn againn a chur i bhfeidhm d'fhonn na spriocanna sin a bhaint amach agus na táscairí a úsáidfimid chun an rathúlacht sin a mheas.

Is maith is eol dúinn na freagrachtaí atá orainn an tseirbhís is fearr a sholáthar don Rialtas, don phobal gnó agus do shaoránaigh. Táimid ag dréim le feabhas leanúnach a chur ar ár bpolasaithe agus ar ár gcleachtais. D'fháiltiomar i gcónaí roimh athruithe, agus roimh uailmhianta chun barr ár gcumais a bhaint amach. Cuirimid na caighdeáin oibre is airde romhainn sa Roinn seo, mar go gcreidimid nach féidir caighdeáin feabhais a bhaint amach gan dul sa tóir orthu ó thús. D'éirigh linn dul i ngleic leis an dúshlán sin ar bhonn seasta go dtí seo, agus leanfaimid leis an iarracht sin. Caithfidimid aghaidh a thabhairt ar dheiseanna inmheánacha agus seachtracha atá riachtanach agus ríthábhachtach, ina measc tá spriocanna Liospóin a réadú, iomaíochas náisiúnta a dhaingniú níos mó agus freastal ar na héilimh atá ann feabhas a chur ar rialú agus ar nuachóiriú leanúnach. Chomh maith leis sin caithfidimid aghaidh a thabhairt ar an dúshlán atá romhainn tuairim is 300 post Roinne a dhílárú go Ceatharlach, ar an mbealach is lú a chuirfeadh isteach ar leanúnachas gnó, agus creat oibre i bhfeidhm a chinntiú go bhfuil na daoine féin i lár an phróisis.

Tá an straitéis seo leagtha amach i gceithre ghallán agus léiríonn siad na príomh-fheidhmeanna straitéiseacha ag an Roinn: fiontar, nuálaíocht, dea-chaighdeáin oibre, rialú níos fearr agus seirbhísí custaiméara den scoth.

Chun ár misean a tabhairt chun críche, idirghníomhaíonn an Roinn le páirtithe leasmhara, ina measc tá na Páirtithe Sóisialta, Ranna Rialtais agus Gníomhaireachtaí eile, an earnáil dheonach agus réimse leathan comhlachtaí idirnáisiúnta. Ionas go mbeadh rath ar an obair, is gá dúinn comhoibriú chun spriocanna uileghabhálacha agus tras-fheidhmiúla a bhaint amach. Is deis agus dúshlán don Roinn é na nasc sin le páirtithe leasmhara a chothú agus a threisiú. Tá ár gcuid oibre go mór faoi anáil an Aontais Eorpaigh. De réir mar a thagann athrú ar chomhdhéanamh an Aontais, agus mar a dhéanfar forbairt ar an Aontas méadaithe, beidh tionchar aige ar ár modhanna oibre sa todhchaí.

Mar eagraíocht bímid de shíor ag cur lenár n-inniúlacht agus lenár scileanna. Don tríú bliain as a chéile rangaíodh an Roinn ar cheann den 50 cuideachta is fearr in Éirinn chun feidhmiú ann mar fostaí. Bunaíodh torthaí an ghradaim ar shuirbhé i measc fostaithe na Roinne agus ar shuirbhé ar chultúr agus ar pholasaithe acmhainní daonna (AD) na Roinne, agus tugann an gradam aitheantas d'ard-chaighdeáin ar an láthair oibre. Táimid anois ar thús cadhnaíochta i measc fhostóirí na seirbhíse poiblí. Rinneamar dul chun cinn sa clár oibre um bhainistíocht athruithe – trí fhorbairt foirne, d'aistriomar ón mbainistíocht pearsanra go dtí an bhainistíocht AD atá níos straitéise, chuireamar feabhas ar Bhainistíocht Airgeadais agus ar chórais TFC (Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide) agus chuireamar tionscnaimh ar bun don leasú rialaitheach. Léiríonn na bearta sin go bhfuilimid tiomanta foirfeacht a bhaint amach inár gcórais inmheánacha. Níl ach aon sprioc amháin ann i gcás na mbeart céanna - is é sin an tseirbhís chustaiméara is fearr agus is féidir a sholáthar.

D'fonn cur leis an rathúnas náisiúnta, caithfidimid na gealltanais sa ráiteas straitéise seo a chomhlíonadh. Táim lán-mhuineach go mbeidh foireann na Roinne seo lán-ábaltá dul i ngleic leis an dúshlán sin.



S. Forman

CUID 1

Forbhreathnú & Achoimre Fheidhmitheach

Misean agus Struchtúr	4
Anailís ar an Macra-Thimpeallacht	4
Achoimre ar Phríomh-Thosaíochtaí	6
Timpeallacht obrúcháin and tionchair	7
Dílárú	9
Timpeallacht Soláthar Acmhainní	9
Timpeallacht Institiúideach	10
Leasú Rialaitheach	11
Clár Oibre um Nuachóiriú	11
Monatóireacht agus Tuairisciú	11

AN MISEAN AGAINN

Oibreimid ar son an Rialtais agus ar son an Phobail d'fhonn fostaíocht den scoth agus iomaíochas náisiúnta a fhorbairt.

Cheapamar ár bpolasaithe i slí is go gcuirfí le hiomaíochas, go gcruthófaí timpeallacht ina bhféadfadh fiontar bláthú agus ina mbeadh cosaint ag tomhaltóirí, go gcuirfí le scileanna an lucht oibre, go ndéanfaí deiseanna inbhuanaithe fostaíochta a sholáthar, go gcuirfí feabhas ar chaighdeán ar an láthair oibre agus go gcothófaí muintearas sa tsochaí.

Na Luachanna Againn

Seo a leanas na luachanna lárnacha ar a mbunaimid ár gcaidreamh leis na príomh-pháirtithe leasmhara - an Rialtas agus an tOireachtas, an pobal, eagraíochtaí poiblí agus príobháideacha eile agus leis an bhfoireann againn féin:

- Cothroime & Urraim
- Oscailteacht & Trédhearcacht
- Solúbthacht & Freagrúlacht
- Comhpháirtíocht & Comhchomhairle
- Freagracht
- Inspreagadh & Feidhmíocht
- Seirbhís
- Gairmiúlacht

Foireann agus Struchtúr na Roinne

SOLÁTHAR FOIRNE

Faoi láthair tá breis is míle duine fostaithe ag an Roinn. Is i mBaile Átha Cliath agus i gCill Chainnigh (Oifig na bPaitinní) atá ár n-oifigí lonnaithe. Beidh tuairim is 300 fostaí de chuid na Roinne ag bogadh go Ceatharach toisc clár díláraithe an Rialtais. Chomh maith leis sin, tá daoine fostaithe againn thar lear i Londain, sa Bhruiséil agus sa Ghinéiv. Seo a leanas 7 rannóg na Roinne:

- Fiontar agus Gníomhaireachtaí
- Iomaíochas agus Gnóthaí Idirnáisiúnta
- Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Maoin Intleachta
- Forbairt ar an Lucht Oibre
- Cearta Fostaíochta & Caidreamh Tionsclaíoch
- Tráchtáil, Tomhaltóirí agus Iomaíocht
- Seirbhísí Corparáideacha agus Polasáí Eacnamaíoch

GALLÁIN ÁR STRAITÉISE

Tá an ráiteas straitéise seo leagtha amach i gceithre ghallán, mar seo a leanas:

Gallán a hAon	Fiontar, Nuálaíocht, Fás
Gallán a Dó	Ardchaighdeán Oibre agus Foghlaim
Gallán a Trí	Feabhas a chur ar Fheidhmiú Margáí agus ar Rialú
Gallán a Ceathair	Seachadadh Gnó, Nuachóiriú agus Fócas ar an gCustaiméar

Anailís ar an Macra-Thimpeallacht

CÚLRA AN GHEILLEAGAIR DHOMHANDA

Lean an geilleagar domhanda air ag teacht chuige féin i 2004. Tá sé le tuiscint faoi láthair go leanfar leis an téarnamh sin, chun sochair na hÉireann, amach anseo.

Réamhathrisítear go bhfásfaidh an OTI, ag ráta 5.3% ar an meán (agus an OTN ag ráta 4.8%) thar tréimhse na straitéise¹. Is ráta fabhrach é an réamhaisnéis fáis 5.3% sin i gcomparáid le ráta fáis 3.7% i 2003, agus go háirithe i gcomparáid le réamhaisnéis fáis 2.1% an Choimisiúin Eorpaigh do limistéar an euro i 2004.

Is é 1.6% sa bhliain an meán ráta fáis fostaíochta atá réamh-mheasta thar tréimhse an ráitis straitéise, ráta an-fhabhrach, agus is é 4.5% an meán ráta dífhostaíochta don tréimhse chéanna.

Tá cumas na hÉireann earraí agus seirbhísí a chur ar fáil do mhargáí idirnáisiúnta riachtanach chun an rath eacnamaíoch leanúnach a chothú, ós rud é go bhfuil ceann de na geilleagair is oscailte ar domhan againn. Le blianta beaga anuas tháinig íslí ar ár n-iomaíochas, den chuid is mó de bharr costais intire atá ag dul i méid agus toisc luachmhéadú an Euro.

Tar éis feidhmíocht lag i 2003 (thit méid na n-onnmhairí 0.8%), tháinig athrú ar an scéal i 2004, le méid na n-onnmhairí ag fás 5.6%.

Thosaigh an mheasarthacht seo sa ráta boilscithe i 2003, agus d'fhan mar a bhí i 2004, le hInnéacs Praghsanna do Thomhaltóirí (CPI) ag 2.2% ar an meán, don bhliain iomlán. Feictear don Roinn Airgeadais go mbeidh ráta measartha boilscithe ag an CPI Overview & Executive thar tréimhse na straitéise, 2.4% ar an meán idir 2005 agus 2007.

² An Roinn Airgeadais, Clár Cobhsaíochta, Nollaig 2004

Mar gheilleagar beag, oscailte is féidir le treochtaí neamhfhabhracha idirnáisiúnta dul go mór i bhfeidhm orainn. Go gearrthréimhseach, seo a leanas an baol atá ann don iomaíochas agus don fhás fostaíochta leanúnach:

- Tá an seans ann nach bhféadfaí fás geilleagair dhomhanda a chothú;
- Luachméadú sa bhreis ar an Euro nó praghsanna tráchtearraí ag dul i méid, go háirithe praghsanna ola;
- D'fhéadfaí poist a chailliúint dá mbeadh níos mó iomaíochta ann ó thíortha thar lear, go háirithe má sháraíonn ardú pá na leibhéil a comhaontaíodh faoi *Sustaining Progress*.

Mar sin braithfidh an rath eacnamaíoch atá réamh-mheasta ar chobhsaíocht réasúnta sa gheilleagar domhanda.

IOMAÍOCHAS

Is maith mar a cuireadh in iúl dúinn sa Phlean Forbartha Náisiúnta (NDP), i dtuarascálacha na Comhairle Náisiúnta Iomaíochais (NCC) agus le déanaí i dTuarascáil an Ghrúpa Straitéise Fiontraíochta na bealaí is fearr cur le hiomaíochas agus le leibhéil táirgiúlachta na hÉireann, go meántréimhseach agus go fadtréimhseach. Díritear straitéis forbartha eacnamaíoch anois ar fhorbairt geilleagair atá níos fuinniúla, atá níos sásta dul sa bhfiontar agus atá in ann caighdeán mhaireachtála níos fearr a chur ar fáil do chách. Chun é sin a bhaint amach is gá córas cánach mealltach a chothú agus tús áite a thabhairt do pholasaithe i réimse an taighde agus i gcur chun cinn nuálaíochta agus fiontraíochta, is gá feabhas a chur ar pholasaithe iomaíochta agus tomhaltóirí, is gá leasuithe rialaitheacha a chur i bhfeidhm, bonneagar a fhorbairt, infheistiú in acmhainní daonna agus leasuithe a chur i bhfeidhm san earnáil phoiblí.

De réir mór-tháscairí caighdeánacha fáis, fostaíochta agus onnmhairithe, tá ag éirí thar barr le feidhmíocht eacnamaíoch na hÉireann. Ach caithfear a bheith airdeallach, go háirithe i leith treochtaí neamhfhabhracha i leibhéil tuarastail, i leith costais ionchuir eile agus i leith praghsanna atá ag dul i méid. Is féidir leo siúd uile dul i gcion ar iomaíochas idirnáisiúnta agus tionchar fadtréimhseach a bheith acu ar inbhuaine an fháis eacnamaíoch. Sa tréimhse ceithre bliana go dtí Bealtaine 2004, chosain earraí agus seirbhísí Éireannacha, ar an meán, níos mó ná aon chúigiú sa bhreis ar a macasamhail ag ár mór-pháirtithe trádála. De réir na hanailíse a rinne an Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais, bhí leibhéil praghsanna na hÉireann, i gcomparáid lenár bpáirtithe trádála, ocht faoin gcéad níos airde, ag deireadh 2003, ná

an tréimhse inbhuanaithe fhadtréimhseach mholta². Is é a bhí i gceist leis sin go praiticiúil ná gur tháinig méadú breis is 12% ar thuarastail Éireannacha idir 1998 agus 2003, i gcomparáid le ráta 4% don chríos Eorpach ar an iomlán. Cibé scéal é, mar chóimheá ar na méaduithe sin tháinig méadú 3.1% ar tháirgiúlacht na hÉireann sa tréimhse chéanna. Seo méadú sásúil i gcomparáid le gnóthachain táirgiúlachta sna Stáit Aontaithe (2.5%), sa Fhrainc (2.2%), sa Bhreatain (1.9%) agus sa Ghearmáin (1.6%) don tréimhse chéanna.

An baol atá ann ná go mbeidh brú orainn dul leis an gcost-iomaíochas gearrthréimhseach, rud a bhainfidh ón bhfónamh a d'fhéadfaí a bhaint as bearta níos meántréimhsí agus níos fadtréimhsí. Ar an dea-uair bhí fás láidir ag teacht ar an leibhéal fostaíochta iomlán go dtí seo. Is gá polasaithe a chur i bhfeidhm chun tacú le fás leanúnach fostaíochta an gheilleagair. Caithfear aghaidh a thabhairt ar bhrú ón gcost-iomaíochas, ach ag an am céanna leasuithe struchtúracha fadtréimhseacha a dhéanamh atá dírithe ar fheabhas a chur ar leibhéil táirgiúlachta.

TÁTÁIL

Sainíonn margáí domhanda agus iomaíocht dhomhanda na timpeallachta ina gcaithfidh Éire feidhmiú go rathúil. Táimid in iomaíocht leis an margadh sin, ní hé amháin mar gheilleagar aonair, ach mar chuid den Aontas Eorpach, ina bhfuil fiche cúig ballstát ag a bhfuil fis choiteann don Eoraip mar gheilleagar domhanda, mar atá sonraithe i spriocanna Liospóin. Tá fás agus rathúnas na hÉireann fite fuaite go bunúsach lenár gcumas earraí agus seirbhísí a tháirgeadh agus a dhíol ar mhargáí domhanda, earraí agus seirbhísí atá ag éirí níos sofaisticiúla an t-am go léir agus a fhreagraíonn go maith don éileamh ón margadh. Chun go mbeidh rath ar an obair caithfidh a bheith san iomaíocht go hidirnáisiúnta ó thaobh bonn costais agus ó thaobh leibhéil táirgiúlachta de. Cuireadh polasaithe meántréimhseacha sa tsiúl d'fhonn an dara cuspóir thuasluaite a bhaint amach, is é sin córas fíoscach mealltach a chur i bhfeidhm, infheistiú i dtaighde & nuálaíocht agus i gcaipiteal daonna, díriú ar pholasáí fiontraíochta, tús áite a thabhairt d'infheistiú sa bhonneagar, polasáí iomaíochta a dhaingniú, srl. Go gearrthréimhseach caithfear aghaidh a thabhairt ar an éagothroime idir ár mbonn costais agus bonn costais na dtíortha atá in iomaíocht linn, a d'fhéadfadh an bonn a bhaint de na polasaithe meántréimhseacha agus fadtréimhseacha againn.

² Foinse: Tuarascáil Bhliantúil Iomaíochais 2004 (Comhairle Náisiúnta Iomaíochais)

ACHOIMRE AR PHRÍOMH-THOSAÍOCHTAÍ

Léiríonn na hard-spríocanna, na hard-chuspóirí agus na hard-bhearta straitéiseacha, atá sonraithe faoi gach ceann den cheithre ghallán sna caibidlí seo a leanas, na dúshlán straitéiseacha atá i ndán don Roinn thar tréimhse na straitéise agus na bealaí inar féidir dul i ngleic leis na dúshlán sin. Cé go bhfuil an Roinn tiomanta na gealltanais go léir atá sonraithe i gCuid a 2 a chomhlíonadh, seo a leanas na tosaíochtaí tras-réimseacha is tábhachtaí dar linn:

- **Grúpa Straitéise Fiontraíochta (ESG)** - tiomáinfidh an Roinn forbairt polasaí, ag teacht leis na moltaí atá i dTuarascáil an ESG agus i dTuarascáil an Choiste ardleibhéil atá faofa ag an Rialtas.
- **Gnó Beag** - déanfaidh an Roinn athbhreithniú cuimsitheach ar shuíomh an ghnó bhig in Éirinn, ag tagairt go háirithe do na gnéithe a chuidíonn le fás agus le forbairt (féach spríocanna ghallán a haon).
- **Infheistiú i dTaighde & Forbairt (T&F)** Tá Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht (ETN) riachtanach maidir le gach gné den Rialtas má táthar chun bunachar eolais na hÉireann a fhorbairt agus smaointe a réadú ina dtáirgí agus ina seirbhísí nua. Déanfaidh an Roinn éascú ar fhorbairt na straitéise náisiúnta ETN, faoi scáth an Chaibinéid agus na gCoistí Idir-rannacha, ar thóir na fise a leagadh amach sa Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta T&F agus ar thóir na sprice seo a leanas - caiteachas ar T&F a mhéadú go 2.5% den OTN faoi 2010. Mar chuid den straitéis fhoriomlán beidh sí mar aidhm againn cloí níos mó le clár ETN ghníomhaireachtaí na Roinne – SFI, EI agus IDA Éireann, agus na clár sin a bhaint amach i mbealach níos éifeachtaí.
- **Saincheisteanna bainteach le himirce eacnamaíoch** - rachaidh an Roinn sa tóir go gníomhach ar an tsaincheist seo, go háirithe maidir le hachtú luath ar an mBille um Cheadanna Fostaíochta agus maidir le monatóireacht ghinearálta ar chúrsaí tar éis mhéadú an AE.
- **Oideachas Fadsaoil** - cothóidh an Roinn an dianfhócas ar chlár oibre an Oideachais Fadsaoil (oilíúint i bhfostaíocht), de réir pholasaí na hÉireann scileanna an phobail a fheabhsú, i ngeilleagar atá ag brath níos mó ar eolas ná mar a bhí riamh, ag teacht le Clár Oibre Liospóin.
- **Daoine faoi Mhíchumas** - díreoidh an Roinn a polasaithe ar chur chun cinn fostaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas thar tréimhse na straitéise, ó thaobh soláthar lucht oibre agus cuimsitheacht shóisialta de.
- **Daoine Dífhostaithe agus Dífhostaithe go Fadtéarmach** - leanfaidh an Roinn ar aghaidh ag soláthar tacaí do dhaoine dífhostaithe chun iarracht cosc a chur le dífhostaíocht fhadtéarmach agus chun cúnaimh a thabhairt dóibh siúd atá dífhostaithe go fadtéarmach áit a fháil sa mhargadh fostaíochta arís.
- **Grúpa Straitéise Tomhaltóirí** - beidh tuarascáil an Ghrúpa Straitéise Tomhaltóirí i gcrích agus faoi bhráid an Aire faoin taca go mbeidh an ráiteas straitéise seo á chur i gcló. Beidh sí mar phríomh-thosaíocht ag an Aire agus ag an Roinn na moltaí a dhéanann an Grúpa Straitéise Tomhaltóirí a leanúint sa todhcháí.
- **Polasaí Iomaíochta** - aithníonn an Roinn go bhfuil gá fócas láidir a choinneáil ar Pholasaí Iomaíochta, agus maidir leis sin, moltaí i ndáil leis na gairmeacha a mheas agus feidhmiú orthu thar tréimhse an ráitis straitéise seo - moltaí atá le bheith i gcrích ag an Údarás Iomaíochta i rith 2005.
- **Comhaontuithe Comhpháirtíochta Náisiúnta** - tosófar ag idirbheartú an chomhaontaithe a thiocfaidh i gcomharba ar an gComhaontú Comhpháirtíochta Sóisialta *Sustaining Progress*, i 2005. Beidh páirt ag an Roinn san fhorbairt a dhéanfar ar Chomhaontú Comhpháirtíochta Sóisialta nua, a chuirfear in oiriúint don rath leanúnach atá ar an tír go heacnamaíoch agus go sóisialta. Coinneoidimid ár ról sa phróiseas comhpháirtíochta, idir mhargadh leathan fostaíochta, cearta fostaíochta is clár oibre um chuimsitheacht shóisialta, i gcomhthéacs dhúshlán uileghabhálach na hIomaíochta.
- **An Diminsean Idirnáisiúnta** - is cuid bhunúsach de rathúnas eacnamaíoch na hÉireann é rath na hÉireann i margáí idirnáisiúnta agus chun é sin a bhaint amach caithfidh polasaí seachtrach a bheith againn. Ceann de na príomh-thosaíochtaí againn, agus muid ag druidim leis an gcéad chéim eile i gClár Oibre Liospóin, ná dul i mbun gnó lenár bpáirtithe Eorpacha agus le hinstitiúidí AE, fad is atá an margadh inmheánach ag fás agus muid ag ullmhú don chéad chreat oibre airgeadais eile. Feidhmeoidh an Roinn go réamhghníomhach d'fhonn tacú leis an bhforbairt ar chreat oibre riail-bhunaithe don trádáil idirnáisiúnta, faoi scáth na hEagraíochta Domhanda Trádála (WTO)

agus chun cuidiú leis an earnáil ghnó teacht ar mhargáí idirnáisiúnta. Agus muid ag feidhmiú faoi shrianta na n-acmhainní atá ar fáil dúinn, déanfaimid ár ndícheall páirt dhearfach a ghlacadh i bhfóraim ábhartha idirnáisiúnta, mar shampla san Eagraíocht Oibreachais Idirnáisiúnta (ILO) agus san Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (OECD).

- **Dílárú** - beidh an clár díláraithe mar chuid lárnach de ghnó na Roinne thar tréimhse na straitéise, chomh fada is a théann sé i bhfeidhm ar an Roinn agus ar cheithre cinn dár bpríomh-ghníomhaireachtaí (beidh tuairim is 300 ball foirne ag bogadh go Ceatharlach thar an gcéad 3-5 bliana eile).
- **Nuachóiriú** - Tabharfaidh an Roinn tús áite don chlár oibre nuachóirithe leathan sa todhchaí, mar gur dúshlán leathan agus fairsing atá ann (ríomh-Rialtas; riarachán lúfar; clár oibre Acmhainní Daonna; Oscailteacht, Trédhearcacht agus Cuntasacht; Córais um Bhainistíocht Faisnéise). Cuirtear béim go minic ar nua-aimsearthacht agus ar lúfaireacht na státseirbhíse mar ghné a théann i gcion ar iomaíochas na hÉireann.
- **Rialú níos Fearr** - déanfaidh an Roinn a dícheall a chinntiú go gcuireann an córas rialaitheach reatha caighdeán arda um rialú corparáideach i bhfeidhm agus go mbíonn aon leasú reachtaíochta nua ar an gcóras sin ag teacht leis an gcleachtas rialaitheach is fearr, go háirithe prionsabail an rialaithe níos fearr.

TIMPEALLAUGHT OIBRIÚCHÁIN AGUS TIONCHAIR

Creat Polasaí Rialtais

Tá príomh-ról ag an Rialtas na gealltanais atá sonraithe sa Chlár Rialtais agus sa Chomhaontú *Sustaining Progress* a chomhlíonadh. Bhaineamar an t-uafás amach thar tréimhse na straitéise deireanaí, agus tá fíor-dhul chun cinn déanta againn ar na gealltanais atá mar fhreagracht orainne - réimsí ar nós athchóiriú árachais; infheistiú i T&F agus creat oibre struchtúrtha a sholáthar do pholasaithe T&F; Infheistiocht Choigríche Dhíreach ar ard-chaighdeán a mhealladh isteach sa tír, ach fós féin tacú le fiontair dhúchasacha; feabhsú scileanna agus oiliúint do dhaoine atá fostaithe; oiliúint agus fostaíocht do dhaoine faoi mhíchumas; leanúint leis an bhfócas ar dhífhostaíocht fhadtéarmach; leasú rialaitheach; tomhaltóirí agus iomaíocht; sláinte agus sábháilteacht ar an láthair oibre, agus an iliomad réimsí eile nach iad.

Ghlacamar páirt shuntasach ag plé le saincheisteanna leathana freisin, ar nós Forbairt Inbhuanaithe ag an leibhéal gnó agus ag an leibhéal tionscal. Lena chois sin, dírimid go tréan ar an Straitéis Spáis Náisiúnta sna bealaí seo a leanas: forbairt réigiúnach níos cothroime a chinntiú trí fhostaíocht a leathnú amach trasna na tíre agus infheisteoirí atá ag teacht isteach sa tír a mhealladh go ceantair lasmuigh de Bhaile Átha Cliath.

Tá príomh-ról ag an Roinn an Plean Forbartha Náisiúnta (NDP) 2000-2006 a bhrú chun cinn. Déanaimid bainistiú ar dhá cheann as trí Chlár Oibríochtúla Náisiúnta - an CO um Fhorbairt Fostaíochta & Acmhainní Daonna agus an CO don Earnáil Táirgiúlachta. Chomh maith leis sin, cuirimid le clár oibre an NDP ar bhonn níos leithne lenár rannpháirtíocht ghníomhach sa dá Chlár Oibríochtúla Réigiúnacha agus i gcreat comhordaithe Choiste Meastóireachta an Chreat Oibre um Thacaíocht Pobail.

Agus muid ag tabhairt aghaidh ar an tréimhse 2005-2007, sonraíonn an ráiteas straitéise seo na bealaí ina gcuirfimid, mar Roinn, na creataí oibre náisiúnta tábhachtacha go léir chun cinn. Sonraítear i gCuid 3 den Straitéis seo, an ról tábhachtach atá againn plé leis an iliomad saincheisteanna tras-Rannacha a théann i bhfeidhm ar pholasaithe Rialtais.

Diminsean an AE

Bíonn tionchar forleatach ag ballraíocht na hÉireann san AE ar an bpróiseas déanta cinnidh in Éirinn. Cruthaíonn ról an Aontais i bpolasaithe eacnamaíocha agus fostaíochta, go háirithe, nasc dofhuascaillte idir gníomhaíocht ag leibhéal an Aontais Eorpaigh agus spriocanna gnó na Roinne seo. Thar tréimhse an ráitis straitéise seo, beidh ról lárnach ag an Roinn dul i bhfeidhm ar fhorbairtí rithábhachtacha ag leibhéal an AE. Chun é sin a bhaint amach caithfidh a bheith réamh-ghníomhach maidir le treocheartaí polasaithe nua a aithint agus freagairt dóibh agus straitéisí idirbheartaíochta éifeachtacha, stuama a chur ar bun. I measc na straitéisí sin caithfear ceangail agus comhchaidrimh le Ballstáit agus le hinstiúidí eile a chothú.

MÉADÚ

Tá deiseanna nua i ndán d'Éirinn san AE méadaithe ina bhfuil 25 ballstát. Thacaigh Éire i gcónaí le polasaithe an AE, tacú agus cur le feidhmiú mhargadh inmheánach an AE. Is gá leanúint leis an obair atá ar bun, Margadh Inmheánach Éifeachtach d'Earraí agus do Sheirbhísí a chruthú. Is gá díriú, go háirithe, thar tréimhse na straitéise seo ar bhunú na gcoinníollacha atá riachtanach chun Margadh Inmheánach do Sheirbhísí a chruthú, agus tá moltaí reachtaíochta á n-idirbheartú faoi láthair do na coinníollacha sin. Chomh maith leis sin, chun go bhfeidhmeodh Margadh Inmheánach ar bhealach éifeachtach, is gá cloí leis an reachtaíocht a bhaineann le Margadh Inmheánach agus an reachtaíocht a chur i bhfeidhm go tráthúil.

CLÁR OIBRE LIOSPÓIN

Go heacnamaíoch díreofar ar bhaint amach na sprice a aontaíodh ag Comhairle Eorpach Liospóin i 2000, is é sin "go mbeadh an Eoraip ar an ngeilleagar is fuinniúla, is iomaíche agus is eolas-bhunaithe ar domhan, le tuilleadh fostaíochta agus poist níos fearr agus le chomhtháthú sóisialta níos mó".

I mí an Mhárta 2000 sheol Comhairle Eorpach Liospóin straitéis 10 mbliana an Aontais um athnuachan eacnamaíoch, sóisialta agus comhshaoil. An aidhm atá ag straitéis Liospóin ná an tAontas a dhaingniú go heacnamaíoch agus tacú leis ceannaireacht a léiriú go domhanda. Buntáiste eile a bhaineann leis an gcur chuige sa straitéis ná go bhfuil sé comhordaithe, cuimsitheach agus comh-athneartaithe.

Seo a leanas cuid de na príomh-réimsí gníomhaíochta ina bhfuil ról tábhachtach ag an Roinn:

- An Margadh Inmheánach a iomlánú, le heasnamh trasúimh do Threoracha AE ag gach Ballstát gan dul thar 1.5% ag aon am amháin agus le heasnamh trasúimh 0% tar éis 2 bhliain;
- Sprioc fostaíochta idirmheánach 67% a bhaint amach faoi 2005 agus 70% faoi 2010; agus
- Gluaiseacht i dtreo na sprice AE 3% den OTI a infheistiú i dTaighde & Forbairt faoi 2010.

Tá pleananna gníomhaíochta agus córais ar bun againn cheana féin chun dul i ngleic leis na réimsí lárnacha sin. Cuid de na beart-réimsí eile a bhaineann go díreach leis an Roinn seo agus atá ábhartha i straitéis Liospóin ná fiontar agus polasaí Fhiontair Bheaga agus Mheánacha (SME) (feabhas a chur ar riaradh gnóthaí nua-bhunaithe, Cairt do Ghnóthaí Beaga a chur i bhfeidhm), ríomh-ghnó (forbairt ar Straitéis Náisiúnta ríomh-Ghnó), leasú rialaitheach agus dlí cuideachtaí. Thairis sin déanann straitéis Liospóin athneartú agus comhlánú ar ár dtosaíochtaí náisiúnta iomaíochais agus déantar tagairt di tríd síos na straitéise seo.

ATHBHREITHNIÚ LÁR-THÉARMACH

Agus leath-shlí bainte amach ag straitéis Liospóin i 2005, tá córas athbhreithnithe i gcrích a thabharfaidh beatha nua don straitéis. An comhdhearcadh atá ann ná go bhfuil spriocanna fáis agus fostaíochta Liospóin díreach chomh práinneach is a bhí riamh, go háirithe agus an difríocht fáis leis an Áis agus le Stáit Aontaithe Mheiriceá ag éirí níos fairsinge. Seachas na bearta is gá a chur i bhfeidhm i réimsí lárnacha ar nós sochaí eolas-bhunaithe, an Margadh Inmheánach, an timpeallacht reatha gnó, an margadh fostaíochta agus inbhuanaithe comhshaoil, tá iarrtha ar bhallstáit comhtháthú níos fearr a dhéanamh ar pholasaithe Liospóin lena bpolasaithe náisiúnta féin agus oibriú chun go nglacfaidh páirtithe leasmhara náisiúnta páirt níos mó sa tionscnamh iomlán. Tá ról lárnach ag an Roinn seo i seachadadh príomh-réimsí i straitéis Liospóin, mar shampla réimsí nuálaíochta agus T&F, an Straitéis Fostaíochta agus an clár oibre náisiúnta iomaíochais. Tá ról lárnach againn chomh maith a chinntiú go gcloifear le dearcadh na straitéise maidir leis an réimse iomlán leasuithe struchtúracha atá mar bhunús ag straitéis Liospóin. Téitear i ngleic le straitéis Liospóin faoi thrí cinn den cheithre ghallán sa ráiteas straitéise seo.

Dílárú

Mar thoradh ar fhógairt an Chláir Díláraithe in óráid an Bhuiséid 2003, aistreoidh an Roinn tuairim is 300 dá foireann go Ceatharlach thar tréimhse na straitéise. Is iad na rannóga seo a leanas a bhogfaidh go Ceatharlach:

- Oifig um Chlárú Cuideachtaí / Clárlann na gCarachumann
- Oifig an Stiúrthóra Gnóthaí Tomhaltóirí
- Ceadanna Oibre
- Cigireacht Oibreachais / Cearta Fostaíochta
- Iomarcaíocht & Dóchmhainneacht

Freisin, tá an fhoireann ó ghníomhaireachtaí éagsúla atá faoi choimirce na Roinne ag bogadh go ceantair dhifriúla timpeall na tíre:

- Fiontraíocht Éireann go dtí an tSionainn
- FÁS go Biorra
- An tÚdarás Sláinte & Sábháilteachta go Baile Mhic Andáin
- An tÚdarás um Chaighdeán Náisiúnta go dtí an tInbhear Mór

Dúshlán ar leith a bheidh i gcur i bhfeidhm Chlár Díláraithe an Rialtais don Roinn thar tréimhse an ráitis straitéise seo.

Timpeallacht Soláthar Acmhainní

Buiséad glan na Roinne don bhliain 2005 ná €1.265 billiún (le hairgead san áireamh a tugadh anonn ó 2004). I dteannta an tsoláthair ón Stáitchiste, déanfaidh an Roinn maoirseacht ar chaiteachas airgid an Chiste Náisiúnta Oiliúna le luach €333 milliún i 2005.

Soláthar iomlán na Roinne dá chlár caiteachais caipitil, coigiltis anonn san áireamh, ná €434.4 milliún. Cuirtear na cistí seo ar fáil laistigh de chreat caipitil rothlach 5 bliana, áit a ráthaítear maoiniú do mhórchláracha caipitil thar tréimhse 5 bliana, rud a chuidíonn leis an Roinn agus a Gníomhaireachtaí pleanáil agus riaradh a dhéanamh ar chlár infheistíochta caipitil na Roinne ar bhealach níos éifeachtaí.

Cuirtear maoiniú san áireamh sa Bhuiséad le haghaidh Gníomhaireachtaí Stáit faoi chúram na Roinne mar seo a leanas:

FÁS*	€620,141,000
Fiontraíocht Éireann	€153,841,000
IDA Éireann*	€146,573,000
Fondúireacht Eolaíochta Éireann*	€131,251,000
Forfás	€27,976,000
An tÚdarás um Shláinte agus Sábháilteacht Ceirde	€16,098,000
InterTradelreland*	€9,169,000
An tÚdarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann	€6,519,000
SFADCo	€4,803,000
Bord Measúnachta Díobhála Pearsanta	€2,500,000
Nitrigin Éireann Teo	€300,000

* Coigiltis tugtha ar aghaidh san áireamh.

Meastar ioncam na Roinne don bhliain 2005 ó fháltais ó Chiste Sóisialta na hEorpa, táilli ar sheirbhísí a cuireadh ar fáil agus pionóis ar shárú dualgais reachtúla a bheith díreach faoi bhun €88 milliún.

Athbhreithniú ar Chláir agus ar Chaiteachas

Agus cinneadh á dhéanamh ar leithdháileadh na n-acmhainní, tugann an Roinn suntas ar leith, inter alia, do chinntí agus do mholtaí ó athbhreithnithe clár agus caiteachais. Tá cultúr láidir athbhreithnithe agus meastóireachta ag an Roinn. Glacaimid páirt i gcláir mheastóireachta, a reachtálar faoi phróiseas an Phlean Forbartha Náisiúnta / Struchtúr Tacaíochta Pobail, i gcomhar le hAonad Lárnach Meastóireachta an NDP, ós rud é gur muidne an tÚdarás Riaracháin ar dhá cheann as trí Chlár Oibríochtúla ag an NDP agus go bhfuilimid páirteach sna Cláir Réigiúnacha freisin. Chomh maith leis sin, tá soláthar sa buiséad Eolaíochta agus Teicneolaíochta do mheastóireacht / athbhreithniú agus tá sé de nós againn meastóireacht a dhéanamh go leanúnach. Déanann Gníomhaireachtaí Roinne eile athbhreithnithe ar bhonn leanúnach, freisin. Déantar na hathbhreithnithe faoi rúibric an Tionscnaimh Athbhreithnithe Caiteachais de bhreis ar na hathbhreithnithe eile a dhéanann an Roinn go tréimhsiúil. Le blianta beaga anuas, chuir an Roinn go suntasach leis an Tionscnamh Athbhreithnithe Caiteachais, ag déanamh athbhreithniú ar Fhostaíocht Pobail, IDA Éireann 1994-1997, Printiseacht Caighdeán-Bhunaithe ag FÁS, Forfás, Oiliúint agus Traenáil le Sainscileanna ag FÁS, An Gréasán Oifige Coigríche ag Fiontraíocht Éireann agus Cúram

Sealúchais IDA Éireann, chomh maith le dhá athbhreithniú caiteachais, an tAthbhreithniú Tras-Rannach ar Thacaí do Dhaoine Dífhostaithe go Fadtéarmach agus an t-athbhreithniú ar chaiteachas Eolaíochta agus Teicneolaíochta, atá ar bun faoi láthair.

Tá scrúdú á dhéanamh ag an Roinn i láthair na huairé ar réimsí den chlár le cur san áireamh sa chéad bhabhta eile den Tionscnamh Athbhreithnithe Caiteachais 2005-2007.

Timpeallacht Institiúideach


Ós rud é go bhfuil réimse cúramai freagrachtaí chomh leathan ag an Roinn, feidhmímid i dtimpeallacht chasta eagraíochtúil, le Gníomhaireachtaí agus Oifigí ag déanamh gnó feidhmeannach thar ceann na Roinne, nó ag feidhmiú mar fhir faire agus rialtóirí ar an margadh.

Ní mór dár dtimpeallacht institiúideach a bheith ábalta athrú de réir mar a athraíonn na hábhair a dtugtar tús áite dóibh. Ó foilsíodh ár ráiteas straitéise deireanach, tá méid áirithe athruithe suntasacha tarlaithe. Bunaíodh Fondúireacht Eolaíochta Éireann mar aonad dleathach ar leith agus acmhainní suntasacha tugtha di a bheadh in oiriúint don tosaíocht atá ag taighde agus forbairt anois. Cuireadh an tÚdarás Iomaíochta ar bun mar Gníomhaireacht reachtúil ar leith, le hacmhainní méadaithe go suntasach, ag léiriú go bhfuil mian ann níos mó iomaíochta a spreagadh sa bhaile. Cuireadh Údarás Rialála Seirbhísí Airgeadais na hÉireann (IFSRA) ar bun i mBealtaine 2003, rud a bhain freagracht rialaithe árachais ón Roinn, freagracht chreidmheas tomhaltóirí ó Oifig an Stiúrthóra Gnóthaí Tomhaltóirí agus freagracht na gComhar Creidmheasa ó Chláraitheoir na gCarachumann. Déanann an Cláraitheoir Cuideachtaí atá ann faoi láthair pé gnó atá fágtha le cur i gcrích mar Chláraitheoir Carachumann. Bunaíodh an Bord Measúnachta Diobhála Pearsanta (PIAB) in Aibreán 2004. Tá feidhm dlí anois leis an reachtaíocht chun Údarás Maoirseachta, Iniúchta agus Cúntasaíochta na hÉireann (IAASA) a bhunú, agus tá an bord sealadach don IAASA ceaptha go dtí go gcuirtear i bhfeidhm na hailt chuí san Acht chun an comhlacht nua a bhunú go reachtúil. B'fhéidir go mbeidh gá le hathruithe eile ar ár bhfócas eagraíochtúil agus struchtúrtha le linn tréimhse an ráitis seo chun déileáil le riachtanais úra a thagann chun cinn.

COMHOIBRIÚ THUaidH/THEAS

Ó cuireadh Tionól Thuaisceart Éireann ar fionraí i mí Dheireadh Fómhair 2002, bheartaigh Rialtais na Breataine agus na hÉireann gur cheart do na Forais Fhorfheidhmithe Thuaidh/Theas leanúint orthu ag comhlíonadh a ndualgais phoiblí ar bhonn 'cúraim agus cothabhála' go dtí go gcuirtear tús in athuair leis an rialtas diláraithe i dTuaisceart Éireann. Is é InterTradelreland an comhlacht a bhfuil freagracht air trádáil agus forbairt gnó Thuaidh/Theas a chur chun cinn. An phríomh-aidhm straitéiseach atá ag InterTradelreland don tréimhse 2005-2007 ná méadú a dhéanamh ar líon, éifeacht agus luach na ngréasán forbartha gnó agus trádála ar an oileán ar fad. Chun an cuspóir seo a bhaint amach ní mór comhcheangail éifeachtacha a fhorbairt idir na páirtithe cuí Thuaidh agus Theas, cur i gcás na ceapaitheoirí polasaí, gníomhaireachtaí forbartha eacnamaíocha agus tionscal agus eagraíochtaí gnó agus trádála. Tá dlúth-cheangal ag ráta forbartha ar chlár don oileán ar fad leis an dul chun cinn a dhéantar ag an leibhéal polaitiúil agus beimid ullamh i gcónaí dul i ngleic leis an scéal de réir mar a thagann athrú air.

Comhlachtaí na Roinne



Oifigí Comhghaolmhara Leis an Roinn: Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach, Oifig Um Chláru Cuideachtaí, Clárann na gCara-Chumann, Oifig an Stiúrthóra Gnóthaí Tomhaltóirí, Oifig na bPaitinní, An Chúirt Oibreachais, An Binse Achomhairc Fostaíochta, An Coimisiún Um Chaidreamh Oibreachais

Comhlachtaí Stát-Urraithe Faoi Choimirce Na Roinn: An Bord Measúnaithe Diobhála Pearsanta, Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cúntasaíochta na hÉireann, An tÚdarás Um Chalghdeáin Náisiúnta na hÉireann, Fiontraíocht Éireann, Cuideachta Forbartha Aerfort Neamhchustam na Sionna Teo, FTT Éireann, Forfás, Na Boird Fhiontraíochta Chontae, FÁS, An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, An tÚdarás Iomaíochta, Fondúireacht Eolaíochta Éireann

Leasú Rialaitheach

Is mian leis an Roinn cloi go daingean le prionsabail an rialaithe níos fearr. Mar an príomh-rialtóir ar ghnó agus ar an lucht oibre, tá a fhios againn go bhfuil gá rialú níos fearr a chur i bhfeidhm, agus gá i gcónaí le dlíthe níos dírithe agus níos éadroime. Cloíann gníomhaíochtaí na Roinne leis na prionsabail a bhaineann le rialú níos fearr sa leasú reachtaíochta atá ann faoi láthair, agus ar reachtaíocht nua a thugtar isteach, mar a leagadh amach iad sa Pháipéar Bán ó Roinn an Taoisigh, "Rialú Níos Fearr". Is minic a deirtear go bhfuil leasú rialaithe ar cheann de na gnéithe is tábhachtaí sa dúshlán iomaíochta. D'aithin tuairisc na Comhairle Náisiúnta Iomaíochais "Competitiveness Challenge 2004" an tábhacht riachtanach a bhí le clár leasaithe rialaitheach, agus chonaic an Chomhairle cé chomh tábhachtach is a bhí sé an t-ualach rialaitheach ar fhiontraíthe agus ar Fhiontraí Bheaga agus Mheánacha a mhaolú. D'fháiltigh tuairisc an Ghrúpa Straitéise Fiontraíochta "Ahead of the Curve", a foilsíodh i 2004, roimh an bPáipéar Bán "Rialú Níos Fearr", agus d'áitigh siad an tábhacht atá le rialú éifeachtach le buntáiste iomaíoch a chruthú.

Tá líon áirithe tionscal idir lámha ag an Roinn faoi láthair, agus í mar aidhm acu feabhas a chur ar an timpeallacht rialaitheach mar atá sé. Ina measc tá:

- athstruchtúrú ó bhonn, daingniú agus leasú ar dhlí cuideachtaí mar atá sé, rud a athróidh an bhonnchuideachta i ndlí cuideachtaí ó chuideachta phoiblí (CTP) go cuideachta phríobháideach theoranta ag scaireanna, dá réir seo agus ós rud é gur cuideachtaí den sórt sin iad formhór na gcuideachtaí atá cláraithe in Éirinn;
- cóiriú nua a chur ar reachtaíocht tomhaltóirí, ionas go gcruthófaí Acht nua-aimseartha amháin a thiocfadh in ionad an réimse leathan reachtaíochta atá i bhfeidhm faoi láthair;
- Bille nua Sábháilteachta, Sláinte agus Leas ag Obair, rud a leagfaidh amach cód dlí nua sábháilteachta agus sláinte don chéad 10 go 15 bliain eile; agus
- reachtaíocht i dtaca le Srianta Onnmhairithe Mileata agus Dé-Úsáide. Anailís Éifeachta Rialaitheach (RIA) – tá anailís shistéamach ar bun ar na héifeachtaí is dóichí a bheadh ag rialacháin nua atá molta ar an tionscnamh áirithe seo.

Clár Oibre um Nuachóiriú

Thosaigh an clár oibre um athruithe i Státsheirbhís na hÉireann, as ar eascair an clár um nuachóiriú forleathan atá ar bun faoi láthair, sa bhliain 1994, le seoladh an Tionscnaimh um Bhainistíocht Straitéiseach (SMI) agus cuireadh leis i 1996 le foilsiú na tuarascála "Delivering Better Government" (DBG). I 2002, fuair meastóireacht neamhspleách ar dhul chun cinn an SMI/DBG go raibh an Státsheirbhís faoi riar níos fearr agus níos éifeachtaí ná mar a bhí sé deich mbliana roimhe sin agus gurb é an clár um nuachóiriú an ghné ba shuntasai i gcur i bhfeidhm an athraithe seo. Rinneadh roinnt moltaí sa tuarascáil freisin, maidir leis an gcéad chéim eile sa chlár um nuachóiriú agus b'iad na moltaí seo a úsáideadh mar bhunchloch sna cainteanna as ar eascair an clár um nuachóiriú atá le feiceáil sa chlár comhaontaithe *Sustaining Progress*.

Ar na gealltanais maidir le nuachóiriú sa Státsheirbhís, atá beartaithe i *Sustaining Progress*, tá siad seo a leanas:

- Iarracht nua a chinntiú go bhfaightear an luach is airde ar gach caiteachas poiblí;
- Cairteanna Custaiméara le foilsiú;
- Foilsiú Ráitis Polasaí Náisiúnta ar Rialú Níos Fearr agus eiseamláir le tabhairt ar Anailís Éifeachta Rialaitheach (RIA);
- Feabhas ar chleachtais Acmhainní Daonna i dtaca le ceisteanna áirithe, mar earcaíocht, árdú céime, traenáil agus bainistíocht feidhmíochta oibre.

As seo tháinig plean gníomhaíochta cuimsitheach, a chuirfidh iallach ar an Roinn seo réimse gníomhaíochtaí a chur i bhfeidhm a chuirfidh an próiseas nuachóirithe chun cinn níos mó. Feicfeadh dúshlán eile nuachóirithe le linn tréimhse an ráitis straitéise seo thar an speictream leathan airgeadais, Acmhainní Daonna, rialú, soláthar seirbhísí agus measúnú ar fheidhmíocht sa Roinn.

Monatóireacht agus Tuairisciú

Sonraítear sa ráiteas straitéise seo na príomh-dhúshlán atá roimh an Roinn i rith na tréimhse 2005-2007 agus conas dul i ngleic leis na dúshlán chéanna agus iad a chur chun cinn le linn tréimhse na straitéise.

Chun a chinntiú go n-oibrímid i dtreo ár spriocanna straitéiseacha, ár gcuspóirí agus ár ngníomhachtaí ar bhealach éifeachtach agus tráthúil, tá réimse córas monatóireachta i bhfeidhm a choinneoidh an straitéis faoi

athbhreithniú leanúnach agus a cheadóidh gníomhaíocht cheartaitheach, nuair is gá.

Ar an gcéad dul síos, ullmhaíonn gach rannóg agus fo-roinn plean gnó ar bhonn bliantúil, rud a leagann síos treo na hoibre sa Roinn don bhliain dár gcionn. Neartaíonn na pleannanna sin na spriocanna, na cuspóirí agus na straitéisí atá leagtha amach sa ráiteas straitéise, agus d'fhéadfaidh méid áirithe cúramai nua, nach bhfacthas gá leo cheana, a theacht i gceist ó am go ham. Tugann an plean gnó fócas níos fearr do na mianta leathana atá sa ráiteas straitéise, cuireann sé cúramai áirithe nó líon cúramai ar dhaoine ar leith agus leagann sé síos spriocdhátaí agus táscairí feidhmíochta do gach ceann de na gníomhaíochtaí liostáilte. Tugann na pleannanna seo treoir leanúnach straitéise d'aonaid ghnó ar feadh na bliana agus déanann Bord Bainistíochta na Roinne athbhreithniú foirmiúil orthu gach sé mhí.

Cabhraíonn an Córas Bainistíochta Forbartha Feidhmíochta (PMDS) gníomhaíochtaí a chur i gcrích trí fhorbairt agus traenáil roimh ré a thabhairt don fhoireann, lena chinntiú go n-éiríonn linn na pleannanna a chur i bhfeidhm.

Ullmhaíonn an Roinn Tuarascáil Bhliantúil, ar chur i bhfeidhm na straitéise, laistigh de shé mhí ó dheireadh na bliana. Chomh maith le tuairisc a thabhairt ar na gníomhaíochtaí go dtugtar fúthu, tugann an tuarascáil deis dúinn aon athrú maidir le mór-straitéis na Roinne a thairfead, chun forbairt sa timpeallacht oibríochtuil a aithint, agus an cumas ár gcuspóirí straitéiseacha a cheartú más gá.

Cabhróidh cur i bhfeidhm an Chreat Oibre um Bhainistíocht Faisnéise le Tuairiscí Bainistíochta Oibre a ullmhú, rud a chuideoidh le Fo-Ranna na Roinne a dtuairiscí a nascadh leis an mBord Bainistíochta, ag úsáid na Táscairí Feidhmíochta atá leagtha amach inár ráiteas straitéise.

Ní mór don Roinn tuairisc a sholáthar dhá uair sa bhliain do Roinn an Taoisigh, ar an dul chun cinn atá déanta ar na gealltanais sa Chlár Rialtais ar a bhfuil an Roinn mar phríomh-sheachadóir nó ina rannpháirtí ar bhealach suntasach dóibh. Bíonn cruinniú déthaobhach ag an Aire leis an Taoiseach uair sa bhliain, chun athbhreithniú a dhéanamh ar an méid a bhain an Roinn amach i dtaca le comhlíonadh na ngealltanais sin atá leagtha amach sa Chlár Rialtais, sa Chomhaontú "*Sustaining Progress Social Partnership*", agus inár straitéis. Lch 12 Ráiteas Straitéise.

CUID 2
GALLÁIN ÁR STRAITÉISE

GALLÁN 1 – FIONTAR, NUÁLAÍOCHT, FÁS	15	Ceardanna Fostaíochta	36
Anailís Timpeallachta	16	Caiteachas agus gníomhaíochtaí ag FÁS	37
Polasai agus Straitéis Fiontar	16	Sonraí an Mhargaidh Fostaíochta	37
Trádáil Idirnáisiúnta	17	Ciste Sóisialta na hEorpa	37
Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht	19	Ceapadh Cláir ESF 2007-2013	37
Maoin Intleachta	21	Idirphlé Sóisialta	37
Forbairt Inbhuanaithe	21	Réiteach reachtach, comhlíonta agus díospóide	37
Tátail	21	Táscairí Feidhmíochta	38
Spriocanna	22	GALLÁN 3 – FEABHAS A CHUR AR FHEIDHMIÚ	
Cuspóirí agus Bearta Straitéiseacha	22	MARGAÍ AGUS AR RIALÚ	39
Iomaíochas	22	Anailís Timpeallachta	40
Grúpa Straitéise Fiontraíochta	23	Polasai Iomaíochta	40
Gnó Beag	23	Polasai Tomhaltóirí	40
Caiteachas Poiblí ar Fhorbairt Fiontar	23	Dlí Cuideachtaí	41
Gníomhaíocht fhiontraíoch	23	Chomhdhlúthú agus Athchóiriú	41
Úsáid TFC ag Fiontair Bheaga & Mheánacha	24	Seirbhísí Airgeadais (Struchtúr dlíthiúil don tionscal cisti)	42
Forbairt réigiúnach & Gníomhaireachtaí forbartha	24	Aontas Eorpach	42
Timpeallacht fhioscach	24	Athchóiriú Árachais	42
Cothú infheistíochta i dTaighde & Forbairt	24	Tátail	43
Maoin Intleachta	25	Spriocanna	44
Trádáil Idirnáisiúnta	25	Cuspóirí agus Bearta Straitéiseacha	44
Margadh inmheánach	25	An tÚdarás Iomaíochta	44
Inbhuaire & Iomaíochas	26	Iomaíocht in earnálacha foscaithe	44
Táscairí Feidhmíochta	26	Polasai Tomhaltóirí	44
GALLÁN 2 – ARD-CHAIGHDEÁIN OIBRE AGUS FOGHLAIM	27	Dlí Cuideachtaí & Gníomhaireachtaí Rialaitheacha	45
Anailís Timpeallachta	28	Creat oibre reachtúil na gcuideachtaí don tionscal seirbhísí airgeadais	45
Margadh Fostaíochta agus Anailís Scileanna	28	Reachtíocht an AE ar dhlí cuideachtaí	45
Todhchaí Fostaíochta	28	An tAcht Comhdhlúite agus Athchóirithe Dlí Cuideachtaí	45
Clár Oibre Liospóin	28	Clár Athchóirithe Árachais	45
Tionscnaimh Speisialta faoi 'Sustaining Progress'	29	Táscairí Feidhmíochta	46
Lucht Oibre/Treochtaí Fostaíochta 2000-2004	29	GALLÁN 4 – SEACHADH GNÓ, NUACHÓIRIÚ & FÓCAS AR AN GCUSTAIMÉIR	47
Réigiúin	30	Anailís Timpeallachta	48
Dífhostaíocht	30	Nuachóiriú agus Athrú	48
Iomarcaíocht	30	Seirbhís Chustaiméara ar Ard-Chaighdeán & Cairt Chustaiméara	48
Folúntais	30	Creat Oibre um Bhainistíocht Faisnéise	48
Riachtanais Scileanna don Todhchaí	30	Rialú Airgeadais & Bainistíocht Riosca	49
Imirce Eacnamaíoch	31	Acmhainní Daonna	49
Cláir Fostaíochta	31	Teicneolaíocht Faisnéise & Cumarsáide	50
Tacaí Fostaíochta agus Oiliúna do Dhaoine faoi Mhíchumas	31	Straitéis Staitisticí	50
Ról Chiste Sóisialta na hEorpa	32	Tátail	51
Cearta Fostaíochta & Caidreamh Tionsclaíoch	32	Spriocanna	52
Cearta Fostaíochta	32	Cuspóirí agus Bearta Straitéiseacha	52
Sláinte agus Sábháilteacht	32	Seirbhís Chustaiméara ar Ard-Chaighdeán	52
Caidreamh Tionsclaíoch	33	Nuachóiriú	52
Clár Oibre um Pholasai Sóisialta	34	Acmhainní Daonna agus Oiliúint	53
Tátail	34	Bainistíocht Acmhainní Daonna	53
Spriocanna	35	Teicneolaíocht Faisnéise & Cumarsáide	53
Cuspóirí agus Bearta Straitéiseacha	35	Dilárú	53
Oideachas Fadsaoil	35	Rialú Airgeadais & Luach ar Airgead	54
Oiliúint in-Chomhlachta	35	Iníúchadh Inmheánach	54
Oiliúint agus tacaí do dhaoine faoi mhíchumas	35	Oscailteacht, Trédhearcacht & Cuntasacht	54
Gairmoideachas agus Oiliúint ag Leibhéal an AE	36	Straitéis Staitisticí	54
Tacaíocht do dhaoine Dífhostaithe	36	Rialú Níos Fearr	55
Straitéis Fostaíochta na hEorpa	36	Bainistíocht Riosca	55
Oibríthe oílte ó lasmuigh den EEA	36	Táscairí Feidhmíochta	55

GALLÁN 1 Fiontar, Nuálaíocht, Fás

ANAILÍS TIMPEALLACHTA

Polasaí agus Straitéis Fiontar

Tá níos mó daoine fostaithe in Éirinn inniu ná ag am ar bith ó bunaíodh an Stát. Tá na caighdeáin mhaireachtála agus an olltáirgeacht intíre per capita níos airde ná an meán san AE. Tháinig eacnamaíocht na tíre slán ón íslíú domhanda agus measadh ráta fáis an OTI in Éirinn ag 5.3% i 2004. Is maith an mhaise é seo dúinn i gcomparáid leis an ráta fáis a raibh an Coimisiún Eorpach ag súil leis, a sheas ag 2.1% i 2004. Ós rud é go bhfuil caighdeáin mhaireachtála, leibhéil fáis agus leibhéil fostaíochta i bhfad níos airde sroichte againn le deich mbliana anuas, caithfear anois aghaidh a thabhairt ar chúpla ceist straitéiseach le coinneáil agus méadú a dhéanamh ar an méid atá bainte amach againn³.

Fuarthas sa tuarascáil "Ahead of the Curve" a d'fhoilsigh an Grúpa Straitéise Fiontraíochta le déanaí, go bhfuil bagairtí nach beag le feiceáil ar ghá dul i ngleic leo, bíodh is go bhfuil geilleagar na hÉireann tréan i gcónaí, mar shampla:

- Is dlúthchuid anois iad na geilleagair nua den chomórtas domhanda ag lorg margáí agus infheistiú soghluaiste agus tá bonnchostais níos ísle á dtairiscint acu, cé go bhfuil bonnchostais in Éirinn méadaithe go suntasach;
- Tá aithris á dhéanamh ag tíortha atá in iomaíocht linn ar an gcóras mealltach cánach corparáide atá in Éirinn;
- Cuirfidh teorainneacha nua i gcúnamh stáit ón AE srian ar chumas na hÉireann tacú le fiontar.

Bunaithe ar Athbhreithniú na Roinne *Review of Industrial Performance and Policy 2003*, leag an Grúpa síos deiseanna fiontar meán-téarmacha don gheilleagar. Is féidir cuspóir an Ghrúpa a bhaint amach, is é sin, geilleagar dírithe a fhorbairt, go mórmhór margáí úra agus táirgí bunaithe ar theicneolaíocht, ach fócas nua a ghlacadh maidir le forbairt agus cur i bhfeidhm polasaí. Ní miste a rá, áfach, gurb ionann cuid mhaith de na moltaí atá leagtha amach i dtuarascáil an ESG agus tionscnaimh atá cheana féin ar bun nó molta cheana ag Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais. Tugann an Tuarascáil fuinneamh nua dúinn gluaiseacht ar aghaidh chuig staid ina mbeidh tacaíocht ann don mhianach atá san earnáil fiontar, i ngeilleagar idirnáisiúnta, trína bheith dírithe go daingean ar fhoinní ar leith do bhuntáiste iomaíoch go háirithe iad siúd atá aitheanta ag an nGrúpa. Sa chomhthéacs seo go háirithe, ní mór don treo agus don ráta athraithe fóir a bhaint as agus cumasc a dhéanamh ar

na tréithe láidre agus comhlántacha atá ag na hearnálacha Éireannacha agus eachtracha.

Tabharfaidh moltaí an Ghrúpa Straitéise Fiontraíochta, atá ceadaithe ag an Rialtas, treoir agus stiúir don fhorbairt polasaí agus idirghabhála do na blianta atá díreach romhainn. Is tábhachtach go bhfeicfí mar phointe tagartha é an clár oibre fiontar thar réimse leathan na n-eagraíochtaí Stáit, agus go ndéantar aon bheartú polasaí i gcúrsaí fiontraíochta dá réir agus go ndéanfaí measúnú, go deimhin, ar na dea-éifeachtaí atá aige ar fhorbairt eacnamaíoch agus fhiontraíoch. Agus an próiseas feidhmiúcháin á chur ar aghaidh, ba chóir comhordú cláir agus polasaí a bheith ann idir na Ranna agus na gníomhaireachtaí ar fad a bhfuil tionchar acu ar an timpeallacht ghnó in Éirinn. Léiríonn bunú an tSainghrúpa, le monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm mholtaí an ESG agus ar an tuairisciú dhá uair sa bhliain ar ghníomhaíochtaí, an tábhacht atá le geilleagar a chruthú atá báil don fhiontar, chun forbairt agus fostaíocht a choinneáil.

FIONTRAÍOCHT ÉIREANN – FIONTAIR BHEAGA & MHEÁNACHA

Aithnítear go hidirnáisiúnta gur dea-chomhartha é earnáil láidir fiontar bheaga agus mheánacha (SME) a bheith ann, a chiallaíonn go bhfuil fuinneamh agus inmharthanacht ag geilleagar nua-aimseartha. Mar an gcéanna le mórán tíortha, is Fiontar Bheaga agus Mheánacha formhór na gcomhlachtaí tionsclaíocha dúchasacha in Éirinn. Tá laige nádúrtha ag Fiontar Bheaga agus Mheánacha i dtéarmaí cumais onnmhairithe, go háirithe i dtéarmaí scileanna margáíochta.

Le blianta fada anuas, chonacthas le polasaithe eacnamaíoch na hÉireann go raibh sé riachtanach dár gcomhlachtaí dúchasacha a bheith san iomaíocht thar lear. Thaispeáin anailís a rinneadh le déanaí agus tuarascáil an Ghrúpa Straitéise Fiontraíochta 'Ahead of the Curve' san áireamh, chomh gátharach is atá an sprioc seo. Ionas go mbeadh rath ar ár gcomhlachtaí agus iad ag iomaíocht i margáí idirnáisiúnta ní mór dóibh méadú a chur ar a gcumas agus ar a n-uailmhian, trí thuiscint níos fearr a fháil ar an margadh, feabhas a chur ar a dtáirgí agus feabhas a chur ar bhainistíocht a ngnó. Is í Fiontraíocht Éireann (EI) an ghníomhaireacht forbartha go bhfuil sé mar phríomh-chúram uirthi tacú leis an bhforbairt, thar gach feidhm gnó, ag Fiontar Bheaga agus Mheánacha Éireannacha sna hearnálacha táirgíochta agus seirbhísí a thrádáiltear go hidirnáisiúnta.

Cuireann Fiontraíocht Éireann acmhainní agus saineolas nach beag ar fáil dá chliaint. Déanann an Roinn monatóireacht ar an éifeacht atá ag Fiontraíocht Éireann agus, i gcomhar leis an AE, déanann sé iarracht a chinntiú

³ Foinse: An Roinn Airgeadais "Éire – Clár Cobhsaíochta, Nollaig 2004 Nuashonrú"

go gcuirtear cláir i bhfeidhm ar an mbealach is éifeachtaí agus is feidhmiúla agus is féidir.

Aithníonn an Roinn go bhfuil an-éileamh ar chisti poiblí agus déanann sé gach iarracht cothrom na Féinne a thabhairt agus an maoiniú is gá á sholáthar aige dá ghníomhaireachtaí chun na cuspóirí i dtaca le polasáí fiontar a bhaint amach. Cuideoidh athbhreithnithe leanúnacha ar chláir na Gníomhaireachta leis an Roinn agus leis an nGníomhaireacht díriú ar riachtanais chliant EI atá de shíor ag athrú.

Beidh tábhacht ar leith le méadú ar onnmhairiú, neartú ar ghníomhaíocht nuálaíochta agus T&F chomh maith le ceangail níos daingne a fhorbairt leis an ngeilleagar domhanda thar tréimhse an ráitis straitéise seo. Má shroictear na spriocanna gátaracha seo i gceart éireoidh comhlachtaí Éireannacha níos iomaíche agus cuideoidh sé na leasa fadtréimhseacha a chothú do gheilleagar na hÉireann. Caithfear an rath atá ar obair EI a mheas ag brath ar chomh héifeachtach is a fheidhmíonn na gníomhaireachtaí forbartha fiontar i réigiúin nach bhfuil chomh forbartha. Déanfaidh an Roinn agus a gníomhaireachtaí gach iarracht aon éagothroime réigiúnach a cheartú.

Tá Plean Straitéise nua forbartha ag Fiontraíocht Éireann, i ndiaidh athbhreithnithe chuimsithigh. Díreoidh EI ar thaighde feidhmeach agus ar fhorbairt, ag déanamh scálú ar chomhlachtaí agus á gcothú, ag déanamh idirnáisiúniú ar chliant agus ar fhorbairt réigiúnach agus fiontraíoch. Tá EI ag déanamh cinnte de go luíonn a straitéis go docht le moltaí an ESG maidir le treo ginearálta.

IDA ÉIREANN – INFHEISTÍOCHT CHOIGRÍCHE DHÍREACH (FDI)

Tá an leibhéal infheistíochta coigríche (FDI) in Éirinn, i gcóimheas le méid an gheilleagair, ar cheann de na leibhéil is airde ar domhan agus san Eoraip, go cinnte. Tá toradh tagtha cheana féin ar an bhfócas breise ag IDA Éireann ar chaighdeáin phoist, le breis agus leath de na poist nua-chruthaithe ag íoc tuarastal os cionn €37,000. Díreoidh IDA Éireann níos mó ar infheistíocht choigríche dhíreach a mhealladh, rud a thabharfaidh fostaíocht leis, a bhfaighfear an-luach air, toisc gnó straitéiseach na n-infheisteoirí a bheith á lonnú in Éirinn i réimsí mar ghníomhaíochtaí HQ, Taighde agus Forbairt agus feidhmeannais ghnó ard-leibhéil.

Tá IDA Éireann ag déanamh margaióchta ar Éirinn mar láthair geilleagair eolais dhomhanda nó 'global knowledge economy' i gcomhair FDI. Ba chóir go réiteodh

infheistíocht sa todhchaí i réimsí mar bhonneagar agus oideachas leis an mbunsmaoineamh seo, nuair is cuí.

Ofrálann Éire, cosúil le gach láthair atá in iomaíocht don infheistíocht choigríche dhíreach, suíomh d'infheisteoirí le tréithe ar leith i gcoibhneas costais agus caighdeán. Caithfidimid fanacht san airdeall agus gan ligint don choibhneas riachtanach seo éirí éagothrom.

Tá iomaíocht fíochmhar cheana féin ann i gcomhair FDI agus is dócha go n-éireoidh sé níos mó. Ní mór dúinn dul sa bhfiontar domhanda seo ar bhealach níos sofaisticiúla maidir lenár riachtanais agus leis an staid eacnamaíoch ina bhfuilimid. Caithfear díriú níos mó ar chaighdeáin phoist agus FDI á lorg againn.

An sórt infheistíochta is gá dúinn a mhealladh ná an sórt atá ag brath ar scileanna faoi leith, iad siúd atá bainteach le hobair taighde agus forbartha na saghsanna a b'fhearr. De réir mar a imíonn na tionscail bhunúsacha go láithreacha le bonnchostais níos ísle, ní mór dúinne poist a mhealladh a úsáideann an teicneolaíocht is nua-aimseartha, le háiseanna úrnua agus sna suímh is nuálaí ó thaobh taighde agus forbairt feidhmeach de. Déanfaimid iarracht, freisin, tionchar a bheith againn ar éabhlóid na timpeallachta fiosaí agus a chinntiú go ndíríonn an córas cánach ar na laigí sa mhargadh chun forbairt agus fás a chothú ar ghníomhaíochtaí a theastaíonn uainn a fheiceáil in Éirinn.

Ceann de na dúshláin is tábhachtaí gur ghá aghaidh a thabhairt air ná an cumas againn leanúint ag mealladh infheistíochta i dtáirgíocht theicneolaíoch ard, ach ag an am céanna ag cinntiú infheistíochta sna comh-earnálacha gaolmhara a bhfuil gá acu le hardleibhéal scileanna, infrastruchtúr ar an gcaighdeán is airde agus cumas substainteach nuálaíochta. Beifear ábalta na gnéithe seo le chéile a chothú go fadtréimhseach i dtimpeallacht ina mbeidh infheisteoirí ag déanamh scrúdú níos grinne ar iomaíochas costais sula dtagann siad isteach agus, sa bhealach seo, daingneofar an infheistíocht seo in Éirinn.

TRÁDÁIL IDIRNÁISIÚNTA CREAT RIAIL-BHUNAITHE SA MHARGADH DOMHANDA

Is gá go mbeadh rath orainn sna margai idirnáisiúnta chun go leanfaidh eacnamaíocht na hÉireann ag forbairt. Caithfidh comhlachtaí ilnáisiúnta agus na comhlachtaí dúchasacha atá i mbun gnó anseo cead isteach a bheith acu i margai domhanda chun forbairt a chothú.

Tá sé rí-thábhachtach timpeallacht oscailte, thrédhearcach trádála a chothú trí dhaingniú ar rialacha an Mhargaidh

Inmheánaigh agus próiseas an Aontais Eorpaigh, agus iad siúd ag an Eagraíocht Dhomhanda Trádála (WTO), chun liobrálú ar thrádáil dhomhanda a chur chun cinn. Is gné lárnach dár bpolasáí forbartha eacnamaíoch é seo.

Céim chun tosaigh é gur ghlac an Eagraíocht Dhomhanda Trádála ag an gComhairle Ghinearálta sa Gheineiv ag deireadh Iúil 2004 le Comhaontú Creat Oibre chun na cainteanna ar Chlár Forbartha Doha (DDA) a chur chun cinn agus cuidíonn sé leis an ngluaiseacht i dtreo tuilleadh liobrálaithe ar thrádáil iltaobhach. Leagann an comhaontú paraiméadair shoiléire amach ar gach ceann de na príomh-ábhair faoi bhrat an DDA, ina measc seo, Talmhaíocht, fáil ar mhargadh neamh-thalmhaíochta, seirbhísí, forbairt agus éascú trádála.

Chuir na hathruithe i struchtúr an gheilleagair dhomhanda, le deich mbliana anuas, deiseanna nua ar fáil do chomhlachtaí Éireannacha. Ní raibh na deiseanna sin ar fáil roimhe sin ach ag corparáidí móra, ilnáisiúnta. Thacaigh an dul chun cinn teicneolaíoch agus an dul chun cinn i lóistíocht agus an t-íslú ar chostais iompair agus teiléachumarsáide le dea-fhorbairtí eile maidir le trádáil. Ina measc seo tá leathnú an Aontais Eorpaigh agus fáil níos fearr ar mhargaí. Daingníonn an dul chun cinn seo na deiseanna domhanda atá ar fáil do chomhlachtaí Éireannacha idir bheag is mór.

Is gné thábhachtach den ollstraitéis eacnamaíoch é cuidiú leis na hiarrachtaí ag comhlachtaí dá leithéid seo buntáiste a bhaint as deiseanna idirnáisiúnta. An aidhm atá againn ná a chinntiú go dtacaíonn an cúnaimh Stáit atá ar fáil le riachtanais na gcomhlachtaí ag gach céim dá bhforbairt.

STRAITÉIS NA HÁISE

Aontaítear go bhfuil mianach nach beag san Áis mar mhargadh a d'fhéadfadh méadú a chur ar onnmhairiú as Éirinn. Tá tíortha ansin le rátaí fáis láidre agus buanseasmhacha, geilleagair úra le riachtanais allmhairithe shuntasacha atá ag méadú i gcónaí agus geilleagair atá ag teacht chucu féin arís atá ag dreapadh suas na dtáblaí forbartha eacnamaíochta idirnáisiúnta.

Le cúig bliana anuas tá polasáí an Rialtais tar éis cuidiú go mór, trí Straitéis na hÁise, aird lucht onnmhairithe na hÉireann a dhíriú ar an réigiún seo. Tá réimse leathan tionscadal, maoinithe le linn na tréimhse sin, le haird a tharraingt ar an réigiún agus a lán caidrimh gnó agus eagraíochtúil cruthaithe agus daingnithe dá bharr.

Tá athbhreithniú déanta ar an gcéad chéim de Straitéis na hÁise. Fuarthas gur chuidigh an straitéis seo leis na

comhcheangail eacnamaíocha, polaitiúla agus trádála a láidriú. Tá céim eile sa straitéis le forbairt agus le cur chun cinn sa fhráma ama atá clúdaithe sa ráiteas straitéise seo.

INFHEISTÍOCHT DHÍREACH AMACH

Is réimse polasáí cuíosach nua é an infheistíocht dhíreach amach agus tagraíonn sé do bhunú gnóthaí Éireannacha thar lear. Tá méid áirithe bealaí inar féidir é seo a dhéanamh, mar shampla, trí chumaisc agus éadálacha, trí áiseanna díolacháin nó dáiliúcháin a bhunú, trí dhul i mbun comh-fhiontair le comhlachtaí thar lear nó trí athlonnú go neamhiomlán nó go hiomlán. Tá léargais nua-aimseartha uainn ar na bealaí ina bhfuil infheistíocht dhíreach amach ag forbairt le déanaí mar go m'fhéidir go mbeadh impleachtaí ann don pholasáí náisiúnta trádála.

SRIANTA ONNMHAIRITHE

I dtaca le rialú trádála, tá réimse dúshlán agus forbairtí tagtha chun solais maidir le srianta onnmhairithe idirnáisiúnta. Tá tosca áirithe ann go gcaithfidh córais ceadúnaithe onnmhairithe aghaidh a thabhairt orthu, cuir i gcás athruithe i straitéis sealbhaithe ag tíortha atá ag lorg airm cogaidh núicléacha, ceimiceacha nó bitheolaíocha, an baol ó ghrúpaí atá ag beartú ionsaithe sceimhlitheoireachta, an t-idirnáisiúnú ar thionscail agus bealaí nua le gnó a dhéanamh (m.sh. aistriú airgid dholáimhsithe).

Mar thoradh ar thuairisc a foilsíodh le déanaí ar chóras ceadúnaithe onnmhairithe na hÉireann sa réimse seo, aithnítear go bhfuil gá na srianta a thabhairt suas chun dáta agus a neartú agus a chinntiú go gcloítear go hiomlán le dualgais idirnáisiúnta na hÉireann.

TUAISCEART/DEISCEART

Is maith an mhaise dúinn uile in Éirinn go mbainfí úsáid iomlán as an mianach trádála Tuaiscirt/Deiscirt. Cuirfidh sé seo leis an rath ar an eacnamaíocht agus cruthófar roghanna níos fairsinge agus deiseanna úra. Má bhaintear fóir iomlán as na deiseanna go léir atá in aice láimhe, beidh cumas níos fearr ag lucht gnó feidhm níos mó a bhaint astu siúd atá i bhfad i gcéin. Sa bhliain 2003 rinne Tuaisceart Éireann onnmhairiú ar earraí táirgthe le luach os cionn €1.04billiún go Poblacht na hÉireann. Tá ceangail onnmhairithe ag breis agus aon trian de chomhlachtaí an Tuaiscirt le comhlachtaí sa Deisceart. Ar an taobh eile den scéal, rinne an Deisceart onnmhairiú ar earraí le luach €1.41billiún go dtí an Tuaisceart. Sciar i bhfad níos lú é margadh an Tuaiscirt, faoi bhun 2 faoin gcéad d'onnmhairiú iomlán an Deiscirt. Mar sin féin, déanann os cionn 28 faoin gcéad de chomhlachtaí sa Deisceart onnmhairiú go dtí Tuaisceart Éireann. Léiríonn na staitisticí seo an mianach mór trádála Tuaiscirt/Deiscirt nach bhfuiltear ag baint fóir as go fóill.

Ríomh-Ghnó (e-Business) Ag Cruinniú Mullaigh Liospóin i Márta 2000 socraíodh go mbeadh sé mar chuspóir ag an Eoraip a bheith ar an ngeilleagar eolas-bhunaithe b'fhuinniúla ar domhan faoin mbliain 2010. Is iad na leibhéal isle úsáide TFC (murab ionann agus infheistiú TFC nó táirgiú TFC) ag comhlachtaí Eorpacha a mheasann Aonad Faisnéise Eacnamaíochta (EIU) is cúis leis an difríocht a thugann buntáiste do na Stáit Aontaithe thar an Eoraip maidir le fás táirgiúlachta. Áiríonn an EIU freisin go bhfuil na laigi is mó le feiceáil i measc na Fiontair Bheaga agus Mheánacha.

Tá earnáil an-láidir táirgíochta TFC ag Éirinn agus éiríonn go hiontach leis i gcomparáid le geilleagair cheannródaíochta eile, i gcruthú fiontar agus i mealladh Infheistiú Choigríche Dhíreach sa TFC agus earnálacha bainteach leis. Níl an scéal chomh maith céanna, áfach, agus muid ag caint ar TFC a bheith á ghlacadh chucu féin acu ag fiontair atá bunaithe cheana féin in earnálacha sa gheilleagar nach bhfuil baint acu le TFC.

Níl sa ríomh-Thráchtáil ach céatadán fíor-bheag den díol is ceannach, ach cuireann beagnach dhá oiread an méid fiontar Éireannach orduithe gnó ar na Idirilíon ná mar a fhaigheann siad mar orduithe isteach ar an Idirilíon. Caitheann aghaidh a thabhairt ar an dúshlán seo.

CÚNAMH RÉIGIÚNACH

Tá an rialú a dhéantar ar Chúnamh Stáit dirithe ar an mbealach a théann an cúnamh airgid a thugann Ballstáit d'fheachtais i bhfeidhm ar iomaíocht. Is féidir le Cúnamh Stáit bac a chur le saor-iomaíocht, agus is constaic dá réir sin é ar an dáileadh acmhainní is éifeachtaí. Cuireann sé seo éascacht reachtála an Mhargaidh Inmheánaigh i mbaol. Is féidir le cúnamh mar seo cuidiú le feachtais nach bhfuil an-éifeachtach agus fulaingíonn feachtais níos éifeachtaí dá bharr, ag cur moill ar athruithe struchtúrtha agus ag cur cosc ar fhás táirgiúlachta agus ar iomaíochas. Is córas rialaithe Cúnamh Stáit ar leith é seo atá ar fáil san Aontas Eorpach ar fad agus í mar aidhm aige na laigí mí-éifeachtacha seo a mhaolú. Chun cloí leis an gcuspóir polasaí seo tá na Ballstáit, don chuid is mó, ag íslíú na rátaí cúnaimh, i dtéarmaí céatadán OTI de, agus ag an am céanna tá siad ag úsáid an chúnamh chun tacú le bonnchuspóirí ar mhaithe leis an bPobal, ar nós comhtháthú eacnamaíoch agus sóisialta a neartú, caomhnú comshaoil, cur chun cinn ar thaighde & forbairt agus fiontair bheaga agus mheánacha. Ó glacadh Éire mar bhall den Chomhphobal Eorpach, bhí cead a cinn ag an tír seo tacú le forbairt fiontar trí Chúnamh Stáit Réigiúnach agus sa chaoi sin go bhfaighimis cothrom na Féinne inár bhforbairt eacnamaíoch. Tagann deireadh le Treoirlínte Cúnamh Réigiúnach an Choimisiúin Eorpaigh mar atá siad anois ag deireadh na bliana 2006. Treoirlínte iad

seo a rialaíonn an leibhéal Cúnaimh Stáit is féidir le Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais a bhronnadh mar Chúnamh Réigiúnach. Tá úsráta an chúnamh seo ag íslíú i Réigiúin an Deiscirt & an Oirthir ón mbliain 2000 i leith, go dtí an ráta reatha 20% (agus beagán níos lú i mBaile Átha Cliath agus san Oirthear Láir) a mhairfidh go deireadh 2006.

Coinníonn Réigiún na Teorann, Lár Tíre agus an Iarthair (BMW) ráta cúnaimh 40% go deireadh 2006. Fuarthas go raibh an ráta OTI per capita ag 93.7% den ráta ag an AE25 sa bhliain 2001, rud a ghabhann go maith thar an tairseach 75%, agus rangaítear réigiúin a thiteann faoin leibhéal seo mar "réigiúin ina bhfuil na caighdeáin mhaireachtála go mór faoin meán nó áit ina bhfuil fostaíocht an-iseal". Mar sin féin, táthar ag súil go rangófar an réigiún BMW ina 'Réigiún Fáis Eacnamaíoch' san AE agus go mbeidh sé i dteideal Cúnaimh Stáit Réigiúnach a fháil, fiú ag ráta níos ísle, ó 2007 to 2013.

Críochnóidh Réigiún an Deiscirt agus an Oirthir a thréimhse 'Athruithe ar Chuspóir 1' ('Objective 1 in Transition') ina gcuirfeadh deireadh go céimseach leis ag deireadh 2006. Ós rud é go bhfuarthas go raibh an OTI per capita i Réigiún an D&O ag 141.8% de ráta an AE25 i 2001, tá leibhéal forbartha eacnamaíoch an Réigiúin tar éis an leibhéal Cúnaimh Stáit Réigiúnach atá ceadaithe a shárú cheana féin. Cibé scéal é, ceadófar fós saghsanna eile cúnaimh 'cothrománach' do chuspóirí atá ag an Aontas Eorpach i Réigiún an Deiscirt agus an Oirthir agus sa réigiún BMW. Ar na saghsanna cúnaimh seo tá cúnamh do na Fhiontair Bheaga agus Mheánacha, cúnamh i gcomhair Taighde & Forbairt, cúnamh do Chaomhnú Comshaoil, Cúnamh Oiliúna agus Cúnamh Fostaíochta (chun fostaíocht a chruthú agus a chothabháil nach bhfuil baint acu le hinfeistiúocht).

Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht

Tá eolaíocht, teicneolaíocht agus nuálaíocht lárnach i gcur chun cinn iomaíochais. Faoi láthair tá pointe forbartha sroichte in Éirinn ina bhfuil gá buntáistí iomaíochais a lorg ó fhoinsí éagsúla. Príomh-fhoinsé amháin ná an cumas eolas agus scileanna a fhorbairt, a dhaingniú agus a chur i bhfeidhm. Má tá Éire chun bogadh i gceart i dtreo nuálaíochta agus i dtreo iomaíochas eolas-bhunaithe, caitheann téarmaí tagartha na gcoinníollacha a cheadaíonn, a spreagann agus a chothaíonn cruthaitheacht nuálaíoch a dhaingniú go suntasach thar thréimhse na straitéise seo.

Chun é sin a bhaint amach caitheann gach páirtí feidhmiú le chéile go comhtháite ar an gcóras náisiúnta nuálaíochta –

na páirithe atá i gceist ná an rialtas, fiontair agus an córas airgeadais. Caithfear cumas agus mianach T&F a fhorbairt go gasta san earnáil ardoideachais, caithfear taighde den scoth a bhaint amach, go háirithe i réimsí straitéiseacha atá bainteach le riachtanais tionscal, agus gníomhaíocht T&F a mhealladh go hÉirinn.

Chomh maith leis sin, is gá go mbeadh fócas leanúnach ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann ar thacú le cruthú eolais agus forbairt ar chaipiteal daonna, trí earcaíocht a dhéanamh ar thaighdeoirí & ar ghrúpaí taighde, agus iad a choinneáil, is é sin daoine a bhfuil sé de chumas iontu fionnachtana suntasacha mór-thioncharacha idirnáisiúnta a dhéanamh, i réimsí a thacaíonn le biteicneolaíocht agus le teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide. Is gá go mbeadh comhoibriú dlúth idir Fondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI), Fiontraíocht Éireann (EI) agus Gníomhaireacht Forbartha Tionscail na hÉireann (IDA Ireland) chun a chinntiú go réadaítear ár n-infheistíocht i T&F ina dtáirgí, ina bpróisis agus ina seirbhísí nua.

Ar bhonn níos leithne, ag leibhéal an rialtais, is céim thábhachtach í foilsiú Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann ar T&F. An dúshlán atá ann do thréimhse na straitéise seo ná plean forfheidhmithe straitéiseach a fhorbairt chun an leas is fearr a bhaint as infheistíocht agus chun spriocanna an phlean a chur chun cinn.

Tháinig méadú suntasach ar ollchaiteachas na hÉireann ar thaighde & forbairt sa tréimhse 1991-2001⁴. Ach tá an bonn ónar fhás sé íseal de réir caighdeáin idirnáisiúnta. Le linn na tréimhse sin, rangáíodh Éire san 18ú háit i measc 27 tír OECD, mar a ndearnadh measúnú orthu ó thaobh céatadán OTI a chaitear ar T&F. Cé go raibh feabhas tagtha ar fheidhmiú na hÉireann sa réimse sin, bhí an rangú cuíosach íseal (féach tábla thíos). Le 1.4% den OTN (1.2% den OTI) infheistithe ag Éire i T&F, nílimid ach ag baint amach dhá thrian den meán AE, is é sin 1.83%. Dá bhrí sin táimid go mór faoi bhun sprioc an AE, is é sin trí faoin gcéad a bhaint amach faoi 2010. Caitheann Éire níos lú ná an meán OECD (2.28%), leibhéal atá go mór faoi bhun na dtíortha is fearr – An tSualainn (4.27%), An Fhionlainn (3.49%), Na Stáit Aontaithe (2.70%) agus an tSeapáin (3.09%). Cibé scéal é, léiríonn na sonraí is déanaí OCTF (Ollchaiteachas ar Thaighde & Forbairt) go bhfuil an difríocht sin ag laghdú, le méadú ó €1,315 milliún i 2001 go €1,626 milliún i 2003 (1.46% den OTN⁵).

CAITEACHAS AR THAIGHDE AGUS FORBAIRT i 2001

Ollchaiteachas ar Thaighde agus Forbairt (OCTF) (€m)	1,315.1
OCTF mar chéatadán den OTN	1.35
OCTF mar chéatadán den OTI	1.15
Rangú na hÉireann (as 27 tír) don OCTF/OTN cóimheas	16
Rangú na hÉireann (as 27 tír) don OCTF/OTI cóimheas	18
Meán AE (OCTF mar % den OTI)	1.83
Meán OECD (OCTF mar % den OTI)	2.28

Tháinig athrú suntasach ar an timpeallacht taighde in Éirinn mar thoradh ar leithdháileadh €2.5billiún ar Thaighde, ar Fhorbairt Theicneolaíoch agus ar Nuálaíocht thar réimse leathan Ranna agus Gníomhaireachtaí faoin bPlean Forbartha Náisiúnta (NDP) 2000-2006. Tá infheistiú rithabhachtach á dhéanamh, atá dírithe ar chumas taighde na hÉireann a fhorbairt, trí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI), tríd an gClár Taighde d'Institiúidí Trí Leibhéal (PRTL), tríd an tacaíocht níos mó atá á fháil ag cumas agus mianach T&F i dtionscail, agus comhoibriú a chothú idir tionscail agus an earnáil tríú leibhéal. Príomh-fhoinse maoinithe eile don T&F poiblí agus gnó in Éirinn ná Clár Creat Oibre T&F an AE.

Léiríonn na sonraí is déanaí maidir le Caiteachas Gnó na hÉireann ar T&F go bhfuil méadú tagtha ó €914milliún i 2001 go €1,075milliún i 2003, sin méadú 0.9% den OTN i 2001 go 0.96% i 2003.

Tagann aschur déantúsaíochta na hÉireann anois as earnálacha a bhfuil T&D riachtanach dóibh má tá siad chun a gcumas iomaíochais a choinneáil. Tháinig 50% de na hearraí a onnmhairíodh faoi 2001 as earnálacha ar nós: cógaisíocht, innealra leictreach agus leictreonach, trealamh agus gléasanna próiseála sonraí agus trealamh oifige. Mhéadaigh sciar na gcomhlachtaí eachtracha san aschur déantúsaíochta iomlán ó 53% i 1991 go 76% i 1999. Ach ní tionchar ró-mhór acu ar T&F in Éirinn. Déantar an chuid is mó den taighde, a thacaíonn le feidhmiú fostaíochta, aschuir agus onnmhairithe earnáil na gcomhlachtaí eachtracha, thar lear agus ní in Éirinn. Seo laige shuntasach agus caithfear dul i ngleic léi.

Foráladh, de réir an Achta Airgeadais 2004, go mbeadh creidmheas cánach 20% ar fáil i gcoinne Cáin Chorparáide do chuideachtaí ar chaiteachas incháilithe ar thaighde & forbairt, agus tá an creidmheas sin i bhfeidhm, ní hé amháin do thaighde bunúsach agus do thaighde feidhmeach, ach d'fhorbairt thrialach chomh maith, gníomhaíocht atá

⁴ An bhliain is déanaí a bhfuil sonraí cuimsitheacha comparáideacha ar fáil di.

⁵ Toisc an difríocht shuntasach idir OTI agus OTN Éireannach, tá brí níos mó ag baint le feidhmiú an OTN i gcomhthéacs comparáideach.

rithábachtach do chuideachtaí Éireannacha. Cuideoidh sé seo gnólaachtaí eachtracha agus dúchasacha a mhealladh, forleathnú a dhéanamh ar a bhfeidhmeanna taighde in Éirinn. Déanfar athbhreithniú ar an moladh seo le linn thréimhse an ráitis straitéise seo, d'fhonn a chinntiú go bhfeidhmíonn sé mar dhreasacht éifeachtach cuideachtaí a spreagadh cur lena gcuid T&F.

MAOIN INTLEACHTA

Is áit mhealltach í Éire a bheith i seilbh maoin intleachta, le ráta cánach 12.5% atá infheidhmithe ar bhrabús a ghineann an chuideachta shealbháiochta maoin intleachta. Chuir an tAcht Airgeadais 2004, go mór leis an timpeallacht chánachais, chun go mbeadh Éire níos mó san iomaíocht go hidirnáisiúnta maidir le ceanncheathrúna móra creidiúnacha agus cuideachtaí sealbháiochta a mhealladh anseo leis an díolúine cánach ar Ghnóthachain Chaipitiúla do chuideachtaí atá lonnaithe in Éirinn. Tá an díolúine sin ar fáil nuair a chuireann siad de láimh scairshealbháiocht i bhfochuideachta (bíodh sí Éireannach nó Eachtrach). Chomh maith leis sin, cuireadh athruithe i bhfeidhm ar scóip fhorálacha an chánachais dhúbailte maidir le hioncam díbhinne a dhíoltar le máthair-chuideachtaí. Baineadh dleacht stampála ar chlárú paitinní, rud eile a léiríonn ceannródaíocht na hÉireann ag réadú smaointe ina bpoist.

Chun rathúnas fadtéarmach a chinntiú caithfear eolas a chruthú, a scaipeadh agus a úsáid agus is gá maoin intleachta agus teicneolaíochtaí a fhorbairt in Éirinn chomh maith.

Ní raibh an claonadh paitinnithe céanna in Éirinn is a bhí i dtíortha inchomparáide. I 2001, níor chomhlánaigh Éire ach 86 iarratas in aghaidh gach milliún duine den daonra le hOifig Phaitinní na hEorpa, sin i gcomparáid le 161, atá mar mheán san AE.

Coinníoll tábhachtach i mealladh infheistíochta i T&F soghluaiste agus nuálaíocht a spreagadh sa gheilleagar go ginearálta, ná cruthú timpeallachta atá slán, deimhneach agus gnó-fháilteach. Tá creat oibre nua-aimseartha dlíthiúil ag Éire anois sna réimsí lárnacha a bhaineann le Maoin Intleachta .i. paitinní, trádmhairc, dearaí tionsclaíocha agus cóipcheart.

FORBAIRT INBHUANAITHE

Le blianta beaga anuas bhíomar ag teacht ar an tuiscint go bhfuil gá feidhmiú i measc gach earnáil d'fhonn cothromaíocht a bhaint amach idir ghnéithe eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil an fháis agus na forbartha. Is é sin le rá, táthar ag tacú níos mó is níos mó le coincheap na forbartha inbhuanaithe.

Feictear dúinn anois gur féidir le hiomaíochas agus le hinbhuanaithe tacú lena chéile, má oibrimid go nuálaíoch. Aithnítear ag leibhéal na hEorpa, gur féidir le nuálaíocht éic-éifeachtach cur go mór le baint amach spriocanna Liospóin, agus rinneadh mionscrúdú ar an gcoincheap sin san athbhreithniú lárthéarmach a rinneadh ar Straitéis Liospóin.

Aithníonn an Roinn go bhfuil deiseanna gnó ann má bhaintear leas as an dea-shineirgíocht idir iomaíochas agus caomhnú comhshaoil. Ráiteas atá i mbéal an phobail faoi láthair, ná gur mhaith linn go mbeadh gnó na hÉireann “glan, cliste agus iomaíoch”.

Cé go bhfáiltímid roimh na deiseanna a sholáthraíonn an bhéim seo ar fhorbairt inbhuanaithe, is maith is eol don Roinn na dúshláin atá i ndán dúinn maidir leis sin. Ceann de na dúshláin sin ná an géarghá atá ann gearradh siar, i measc gach earnáil sa gheilleagar, an earnáil fiontar san áireamh, ar astaíocht CO2 ionas gur féidir ár ndualgais a chomhlíonadh faoi Phrótacal Kyoto. Dúshlán eile ná moltaí an AE, leasú bunúsach a dhéanamh ar an gcóras rialaithe ar dhéantúsaíocht, allmhairiú agus úsáid ceimicí (REACH).

Tátail

Tá fóir bainte ag Éire as an toilteanas atá ann athmheasúnú leanúnach a dhéanamh ar pholasaithe cothaithe fiontar, ar chláir agus ar institiúidí fiontar. Cé gur éirigh linn polasaithe a chur in oiriúint le go gcruthófaí geilleagar níos sofaisticiúla, is gá polasaithe lárnacha a mhionathrú ar bhonn rialta chun an fuinneamh sa dul chun cinn eacnamaíoch agus sóisialta a chothú. Toisc luas agus méid an athraithe dhomhanda sa teicneolaíocht agus san iomaíochas, tá an timpeallacht ghnó ina bhfeidhmíonn fiontar de shíor ag athrú. Fiú amháin go gearrthréimhseach beidh mór-thionchar aige sin ar an mbealach inar féidir linn dul i bhfeidhm ar an timpeallacht ghnó agus inar féidir linn tacú le gnóthaí a gcuid straitéisí a dhírú ar tháirgí, ar sheirbhísí agus ar mhargáí níos brabúsaí agus níos inbhuanaithe.

SPRIOCANNA

- I Feabhas a chur ar leibhéal táirgiúlachta agus iomaíochais na hÉireann ionas gur féidir earraí agus seirbhísí a chuireann leis an leas náisiúnta a tháirgeadh agus a dhíol le margaí domhanda.
- II Polasaithe a cheapadh agus a chur i bhfeidhm chun feabhas a chur ar an timpeallacht fiontar, d'fhonn gníomhaíocht fiontraíochta inbhuanaithe a spreagadh, tacú le bunú gnólachtaí nua agus tacú le fás gnólachtaí iomaíocha, infheistíocht choigríoch dhíreach a mhealladh isteach sa tír, agus oibriú ar fhorbairt inbhuanaithe.
- III Gealltanas a lorg ó ghnóthaí go gcuirfidh siad lena gcuid T&F, nuálaíocht agus cultúr fiontraíochta a chur chun cinn i measc taighdeoirí agus ceangail éifeachtacha agus buntáisteacha a chruthú idir fiontair agus an saol acadúil.
- IV Fóir a bhaint as na buntáistí a bhaineann le geilleagar eolas-bhunaithe ó thaobh folláine eacnamaíoch agus shóisialta de, ag baint úsáide as an eolas sin chun táirgí agus seirbhísí a chruthú agus cur le forbairt ar fhiontair a bheadh san iomaíocht go hidirnáisiúnta chun níos mó fostaíochta a chur ar fáil, chun sochair chách.
- V Oibriú leis na páirtithe leasmhara cuí chun a chinntiú go mbíonn dea-cháil ar Éire go hidirnáisiúnta toisc taighde den scoth agus go mbeadh Éire mar cheannródaí i ngineadh agus in úsáid an eolais sin sa dul chun cinn eacnamaíoch, sóisialta, laistigh de chultúr atá tiomáinte ag an nuálaíocht.
- VI Athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar pholasaithe agus ar idirghabhálacha tionsclaíocha i gcomhthéacs na timpeallachta iomaíochais atá de shíor ag athrú, forbairtí a dhéanamh maidir leis an ngeilleagar uile-oileáin agus an gá atá ann cothromaíocht réigiúnach a bhaint amach.

CUSPÓIRÍ AGUS BEARTA STRAITÉISEACHA

Iomaíochas

CUSPÓIR

1.1 Iomaíochas a chur chun cinn d'fhonn leibhéal táirgiúlachta a bhaint amach in Éirinn a bheadh ar aon dul leis an gcuid is mó de na geilleagair is rathúla ar domhan, trí thús áite a thabhairt don idirghabháil polasaí sna réimsí seo a leanas: fiontraíocht, infheistiú i dtaighde & forbairt, polasaí iomaíochais agus tomhaltóirí, leasú rialaitheach, forbairt ar acmhainní daonna agus leasú ar an earnáil phoiblí. Déanfar é sin a chomhlánú le fócas ar chost-iomaíochas ionas go dtabharfaí praghsanna ar ais ar chomh-chéim fhabhrach le tíortha inchomparáide agus le gealltanas oibriú i dteannta lenár bpáirtithe AE ar bhearta, d'fhonn spriocanna iomaíochais Liospóin a bhaint amach.

BEARTA STRAITÉISEACHA

1.1.1 Cothóimid próifíl ard ag saincheisteanna agus ag dúshlán iomaíochais thar tréimhse na straitéise, trí thuairisciú don Rialtais gach sé mhí.

1.1.2 Tuairisceoidimid gach bliain don Rialtas ar an Tuarascáil Bhliantúil Iomaíochais agus ar Dhúshlán na Comhairle Náisiúnta Iomaíochais agus leanfaimid na moltaí a dhéantar i mbealach gníomh-threoraithe.

1.1.3 Gabhfaimid idir lámha anailís théamach nó anailís de réir earnála ar shaincheisteanna iomaíochais ó am go chéile, nó nuair is gá.

1.1.4 Tacóimid go gníomhach, mar chuid den fhreagracht náisiúnta i leith Straitéis Liospóin, le glacadh agus cur i bhfeidhm éifeachtach ar réimsí agus ar ionstraimí polasaí a comhaontaíodh tar éis athbhreithniú lárthéarmach ar Straitéise Liospóin, freagracht atá laistigh de raon na Roinne. Mar chuid den ghealltanas cur le 'seilbh' na bpáirtithe leasmhara ar an gclár oibre, is gá cumarsáid thráthúil agus éifeachtach a bheith ann le Coiste an Oireachtais ar Ghnóthaí AE, ar shaincheisteanna a thagann chun cinn. Chomh maith leis sin, is gá oibriú go héifeachtach le foirne tras-Rannacha a bhíonn ag plé le cúrsaí AE, go háirithe le clár oibre Liospóin.

1.1.5 Tabharfaimid tacaíocht réamh-ghníomhach do na hiarrachtaí a dhéantar, tús áite a thabhairt do Chomhairle Iomaíochais an AE ag cur leasuithe i bhfeidhm a bhaineann le hiomaíochas ag leibhéal an Aontais.

1.1.6 Leanfaimid leis an gcomhchomhairle, agus cothóimid feacht maidir le saincheistanna a théann i gcion ar earnálacha fiontar ar leith agus déanfaimid ár ndícheall a chinntiú go dtéitear i ngleic leis na saincheistanna sin chomh fada agus is féidir, ag leibhéal náisiúnta, ag leibhéal an AE agus ag leibhéal idirnáisiúnta.

Grúpa Straitéise Fiontraíochta (ESG)

CUSPÓIR

1.2 Moltáí an Ghrúpa Straitéise Fiontraíochta a chur i bhfeidhm mar a chinneann an Rialtas.

BEARTA STRAITÉISEACHA

1.2.1 Cuirfimid i bhfeidhm moltáí na tuarascála ESG, ag teacht le cinntí Rialtais agus leis an bplean gníomhaíochta a bhí aontaithe.

1.2.2 Úsáidfimid an Sainghrúpa, a cuireadh ar bun chun monatóireacht a dhéanamh ar mholtaí an ESG, chun a chinntiú go bhfuil ‘dul chun cinn inbuanaithe’ ag baint a chuspóir amach.

1.2.3 Tuairisceoidimid dhá uair sa bhliain don Rialtas ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ar mholtaí an ESG agus tuairisceofar ar na gníomhaíochtaí sin i dtuarascáil bhliantúil na Roinne.

Gnó Beag

CUSPÓIR

1.3 A chinntiú go bhfuil timpeallacht fhabhrach ann d’fhás agus d’fhorbairt ghnóthaí beaga in Éirinn.

BEARTA STRAITÉISEACHA

1.3.1 Déanfaimid athbhreithniú ar shuíomh ghnóthaí beaga na hÉireann, ag tagairt go háirithe do ghnéithe a éascaíonn forbairt agus fás na ngnóthaí sin.

1.3.2 Cinnteoidimid go bhfuil idirphlé éifeachtach gan teorainn ann le hearnáil an ghnó bhig, trí mheán Chruinnithe Comhchomhairleacha na nGnóthaí Beaga.

Caiteachas Poiblí ar Fhorbairt Fiontar

CUSPÓIR

1.4 Dlúth-mhonatóireacht a dhéanamh ar éifeacht an chaiteachais poiblí ar fhorbairt fiontar agus ar éifeacht a ghníomhaireachtaí maidir leis sin.

BEARTA STRAITÉISEACHA

1.4.1 Déanfaimid maoirseacht ar bhun-athbhreithnithe buiséadacha ag gach clár gníomhaireachta.

1.4.2 Rachaimid i ngleic le gach dúnadh cuideachta suntasach, trína chinntiú go gcuirtear gach taca ábhartha ó Ghníomhaireachtaí Stáit i ngníomh go tráthúil agus ar bhealach comhordaithe, chun go mbeadh an fhreagairt is éifeachtaí á thabhairt ag an Stát ar dhúnadh dá leithéid.

Gníomhaíocht Fhiontraíoch

CUSPÓIR

1.5 Iarracht a dhéanamh ráta gníomhaíochta fiontraíoch a fheabhsú chun cuidiú le gnólachtaí nua-bhunaithe agus le hiomaíochas gnólachtaí atá ar bun cheana féin.

BEARTA STRAITÉISEACHA

1.5.1 Tacóimid leis an soláthar a dhéanann an IDA ar shuíomh thionsclaíochta ard-sonraíochta, réigiún-dháilte, chun cuidiú leis a bheith san iomaíocht agus tionscnaimh ard-luacha a bhuachan san earnáil bhith-chógaisíochta agus san earnáil TFC.

1.5.2 Tacóimid leis na gníomhaireachtaí forbartha tionsclaíochta sa soláthar a dhéanann siad ar chlár a chuidíonn le fás agus forbairt fiontar, trí thacaí airgeadais a chur ar fáil mar aon le clár a fhorbraíonn scileanna inniúlachta bainistíochta agus le bearta a chuireann fiontraíocht agus cultúr fiontraíochta chun cinn ar fud an gheilleagair.

1.5.3 Déanfaimid iarracht an t-uasaischur agus is féidir a fháil ó Chiste Forbartha Réigiúnach na hEorpa, trí mhonatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm airgeadais agus fisiceach Chlár Oibríochtúil na hEarnála Táirgiúlachta.

1.5.4 Déanfaimid iarracht a chinntiú go nglacann Éire páirt ghníomhach sa Chlár Ilbhliantúil Fiontar agus Fiontraíochta 2001-2005 agus sa chlár a thiocfaidh ina dhiaidh, an Clár um Iomaíochas Fiontar.

Úsáid TFC ag Fiontair Bheaga & Mheánacha

CUSPÓIR

1.6 Fiontair Bheaga agus Mheánacha (SME) a mhealladh úsáid a bhaint as TFC, i ngach earnáil sa gheilleagar.

BEART STRAITÉISEACH

1.6.1 Thar tréimhse na straitéise seo, cuirfimid i ngníomh an straitéis ríomhghnó, a sheol an Roinn i mí na Nollag 2004. Déanfaidh Grúpa Oibre tras-Rannach/tras-ghníomhaireachta maoirseacht ar an gcur i bhfeidhm sin.

Forbairt Réigiúnach & Gníomhaireachtaí Forbartha

CUSPÓIR

1.7 A chinntiú go bhfuil straitéisí na ngníomhaireachtaí um fhorbairt fiontar ag cur le forbairt chothrom réigiúnach, ar bhealach soiléir agus infhíoraithe.

BEART STRAITÉISEACH

1.7.1 Iarrfaimid ar ghníomhaireachtaí um fhorbairt fiontar athbhreithniú iomlán a dhéanamh ar a straitéisí forbartha réigiúnacha agus oibreoidimid i dteannta na ngníomhaireachtaí sin, chun dul i ngleic le fionnachtana na n-athbhreithnithe.

Timpeallacht Fhioscach

CUSPÓIR

1.8 A chinntiú go leantar leis an tacaíocht atá ag teacht faoi láthair ón timpeallacht fhioscach, chun tacú le fiontar agus le fostaíocht ar ardchaighdeán.

BEARTA STRAITÉISEACHA

1.8.1 Feidhmeoidimid tríd an nGúrpa Straitéise Cánach, chun tacú le polasaithe fioscacha, atá in oiriúint do riachtanais na hÉireann atá ag teacht chun cinn.

1.8.2 Oibreoidimid i dteannta Gníomhaireachtaí Forbartha chun athbhreithniú agus forbairt a dhéanamh ar mholtai fioscacha, chun a chinntiú go bhfuil Éire tarraingteach mar áit maidir le gníomhaíochtaí eacnamaíocha.

1.8.3 Déanfaimid athbhreithniú ar an gcreidmheas cánach T&F, a cuireadh i bhfeidhm le déanaí, chun a chinntiú go bhfeidhmíonn sé mar dhreasacht chun cuideachtaí a spreagadh cur lena gcuid T&F.

Cothú Infheistíochta i dTaighde & Forbairt

CUSPÓIR

1.9 Polasaithe a cheapadh agus a chur i bhfeidhm d'fhonn na spriocanna a bhaint amach atá sonraithe i *Building Ireland's Knowledge Economy*, Plean Gníomhaíochta na hÉireann chun Infheistíocht i T&F a chur chun cinn go dtí 2010. An sprioc foriomlán atá leis ná go mbeadh sé mar thoradh ar fheidhmiú feabhsaithe T&F i ngnó, san Ardoideachas agus san earnáil phoiblí, go mbeadh ollcaiteachas ar T&F méadaithe go 2.5% den OTN faoi 2010.

BEARTA STRAITÉISEACHA

1.9.1 Forbróimid agus úsáidfimid, chun an fóir is mó a bhaint astu, na struchtúir agus na modhanna oibre atá ann, comhordú agus cur i ngníomh a dhéanamh ar an bpolasáí náisiúnta don Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht in Éirinn.

1.9.2 Oibreoidimid le IDA Éireann agus le EI chun athbhreithniú a dhéanamh, agus mionathrú nuair is gá, ar chlár Fhiontraíocht Éireann agus IDA Éireann atá dírithe ar inniúlacht T&F a gcliant-chuideachtaí a dhaingniú, comhoibriú T&F i measc na gcomhlachtaí sin a fhorbairt agus idir na cuideachtaí sin agus Ardoideachas agus cuideachtaí T&F san earnáil phoiblí, agus éascú a dhéanamh ar thaighde ó na foinsí sin a chur in oiriúint don margadh.

1.9.3 Déanfaimid maoirseacht agus meastóireacht ar an úsáid a bhaineann Fondúireacht Eolaíochta Éireann as na hacmhainní suntasacha atá aici chun inniúlacht agus feabhas taighde a fhorbairt, rud atá riachtanach mar thaca don iomaíochas sa todhchaí.

1.9.4 Cuirfimid feabhas ar an bhfeasacht eolaíochta atá ann i measc an aos óig, agus i measc an phobail i gcoitinne, tríd an gclár feasachta comhtháite *Discover Science & Engineering*, agus leanfaimid leis an monatóireacht agus leis an tacaíocht do *Exploration Station*, an t-ionad idirghníomhach eolaíochta agus foghlama atá le hoscailt i 2006.

1.9.5 Déanfaimid ár ndícheall a chinntiú go mbaineann Éire an t-úsáifeacht as a rannpháirtíocht agus a teidliochtaí faoin Séú Clár Creat Oibre (FP6) 2002-2006 agus a chinntiú go mbeidh ár dtosaíochtaí soiléir i ndearadh an tseachtú Clár Creat Oibre, a fheidhmeoidh ó 2007 ar aghaidh.

1.9.6 Cuirfimid tionscnaimh ar bun chun cúnaimh a thabhairt do thaighdeoirí a bhogann ó áit go háit agus chun gnáthaimh ghasta a sholáthar, chun feabhas a chur ar choinníollacha iontrála do thaighdeoirí tríú tíre (Iasmuigh

den limistéar Eacnamaíoch Eorpach (EEA)) agus a dteaghlai.

1.9.7 Cothóimid tionscnaimh atá dírithe ar fheabhsú an chomhoibríthe Thuaidh/Theas ar Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht, i gcomhar le tríú tíortha nuair is cú.

1.9.8 Déanfaimid measúnú, forbairt agus cur i bhfeidhm ar pholasaithe a bhaineann leis an bpáirt a ghlacann Éire in Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht Spáis, i gcomhthéacs ár mballraíocht le Gníomhaireacht Spáis na hEorpa (ESA), agus leis an ngaol atá ag fás idir an Aontas Eorpach agus an ESA.

Maoin Intleachta

CUSPÓIR

1.10 A chinntiú go léiríonn an creat oibre reachtúil a bhaineann le maoin intleachta na forbairtí atá á ndéanamh i gcleachtas agus i ndualgais mhaoin intleachta, a eascraíonn as comhaontuithe AE agus as comhaontuithe idirnáisiúnta.

BEART STRAITÉISEACH

1.10.1 Aitheantas a thabhairt don chreat oibre maoin intleachta nua seo mar fhoinsé ó thaobh buntáiste iomaíochais de, agus a chinntiú go mbíonn reachtaíocht maoin intleachta ag teacht leis na cleachtais is déanaí agus go gcomhlíonann an reachtaíocht sin na dualgais chomhlíonta idirnáisiúnta atá de fhreagracht orainn.

Trádáil Idirnáisiúnta

CUSPÓIR

1.11 Go mbainfeadh Éire uas-bhuntáiste as idirbheartaíocht rathúil ar Chlár Forbartha Doha, go háirithe i leith inshroicteacht margáí, maoin intleachta agus rialacha trádála.

BEART STRAITÉISEACH

1.11.1 Déanfaimid comhordú ar phríomh-leasa na hÉireann i ndáil le cúrsaí a eascraíonn as creat oibre an AE ar Chomhbheartas Tráchtála agus déanfaimid iarracht dul i bhfeidhm ar oscailt mhargáí agus ar liobrálú forbairtí i bpolasaithe trádála, trinár rannpháirtíocht i 133 Coiste agus i struchtúir ghaolmhara, mar shampla cur i gcrích ar idirbheartaíocht Doha. Forbairt ar mhianach agus cumas onnmhairithe (Developing export potential and capacity)

CUSPÓIR

1.12 Cuidiú le honnmhaireoirí Éireannacha fónamh a bhaint as na deiseanna trádála atá ar fáil dóibh i margáí ar fud an domhain agus córas a bhunú le bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar chóras ceadúnaithe onnmhairithe na hÉireann.

BEARTA STRAITÉISEACHA

1.12.1 Comhoibreoimid le Ranna Rialtais eile, le Fiontraíocht Éireann agus le gníomhaireachtaí eile a bhfuil sí de fhreagracht orthu onnmhairí a chur chun cinn, chun cuidiú le honnmhaireoirí an fónamh is mó agus is féidir a bhaint as margáí domhanda. Mar chuid den chomhoibriú seo cuirfimid córais ar bun trinár féidir le cliaint – na honnmhaireoirí – iad féin a chur in iúl agus moltaí a dhéanamh maidir le polasaí, le tacaí agus le gnáthaimh riaracháin a d'fhéadfaí a mhionathrú nó a thabhairt chun míneadais agus dá bhrí sin feabhas a chur ar ár ngníomhaíocht onnmhairithe ar bhonn leanúnach.

1.12.2 Cuirfimid gnáthaimh athchóirithe i bhfeidhm, chun tuairisciú agus monatóireacht a dhéanamh ar an tionchar a bheadh ag misin trádála thar lear agus d'fhonn tascáirí feidhmíochta a aithint a d'fhéadfaí a úsáid chun tagarmharcáil a dhéanamh ar thorthaí sa todhchaí.

1.12.3 Cuirfimid i bhfeidhm na moltaí a rinneadh san Athbhreithniú ar an gCóras Ceadúnaithe Onnmhairithe, le haon reachtaíocht nua a ritheadh san áireamh.

1.12.4 Oibreoimid sa tréimhse amach romhainn ar chur i ngníomh ar Straitéis na hÁise.

1.12.5 Rachaimid i mbun athbhreithniú uileghabhálach ar shaincheist na hinfeistíochta dhírí amach as an tír. Déanfar measúnú ar na himpleachtaí polasaí agus ar na hionstraimí is gá chun tacú le gníomhaíocht sa réimse sin, nuair a dhéantar athbhreithniú orthu i 2005.

Margadh Inmheánach

CUSPÓIR

1.13 Feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a dhaingniú, trí chóras a chruthú do Mhargadh Inmheánach sna seirbhísí, agus trí Theoracha AE a thrasú go tráthúil.

BEARTA STRAITÉISEACHA

1.13.1 Leanfaimid orainn leis an obair atá ar bun againn Margadh Inmheánach éifeachtach a chruthú d'Earraí agus do Sheirbhísí. Díreimid go háirithe, thar tréimhse na straitéise seo, ar chur leis an obair atá molta a dhéanamh ar Theoir an AE ar Sheirbhísí sa Mhargadh Inmheánach.

1.13.2 Cinnteoidimid go gcomhlíontar agus go gcuirtear i bhfeidhm go tráthúil in Éirinn dlí Mhargadh Inmheánach an AE, trí oibriú i gcomhar le Ranna Rialtais eile, chun dlúth-mhonatóireacht a dhéanamh agus tuairisciú ar thrasuí ceart agus fógra a thabhairt ar gach Treoir maidir leis an Margadh Inmheánach.

Inbhuaine & Iomaíochas

CUSPÓIR

1.14 Inbhuaine agus iomaíochas a chomhtháthú chun a chinntiú go gcuireann forbairt ar pholasáí comhshaoil ag leibhéal náisiúnta agus ag leibhéal an AE le hiomaíochas, go gcothaíonn sé fiontraíocht agus go spreagann sé nuálaíocht.

BEARTA STRAITÉISEACHA

1.14.1 Pléifimid leis an AE i gcomhar leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil, maidir le seasamh an AE ar athrú aeráide don tréimhse iar-Kyoto (2012 ar aghaidh), ag iarraidh a chinntiú go mbíonn cur chuige cothrom ann a ghlacann iomaíochas agus gnéithe comhshaoil san áireamh.M

1.14.2 Comhlíonfaimid ár bpríomh-ról idirghabhála maidir le moltaí REACH ar cheimicí. Ana I 1.

14.3 Leanfaimid leis an obair ar chur i bhfeidhm Straitéis Forbartha Inbhuanaithe na Roinne, straitéis a dhíríonn ar sholáthar córais trínar féidir le fiontair forbairt inbhuanaithe a bhaint amach.

1.14.4 Déanfaimid idirghabháil ag leibhéal an AE ar réimse tionscnamh comhshaoil a théann i gcion ar thionscal, ar nós tionscnaimh ar athrú aeráide agus moltaí maidir le reachtaíocht nua ceimicí.

Táscairí Feidhmíochta

Rangú na hÉireann i dtuarascálacha iomaíochais idirnáisiúnta agus faoi chatagóirí cuí i dTuarascáil Bhliantúil Iomaíochais an NCC (Comhairle Náisiúnta Iomaíochais), go háirithe iad siúd atá laistigh de raon na Roinne.

Meastóireacht bhliantúil (fómhar) ar an dul chun cinn atá déanta ar Chlár Oibre Liospóin, go háirithe maidir le comhlíonadh na hÉireann agus gnéithe atá laistigh de raon na Roinne.

Fás ar idirnáisiúnú gnólachtaí, mar a n-áireofaí fás ar onnmhairí agus ar an leibhéal éagsúlachta i margaí onnmhairithe.

Meastóireacht ar thoradh Bhabhta Doha maidir le leasa trádála.

Caiteachas Gnó ar Thaighde & Forbairt.

Ollchaiteachas Gnó ar Thaighde & Forbairt.

An líon taighdeoirí in aghaidh gach 1,000 duine fostaithe.

Dáileadh réigiúnach ar thionscadail atá tacaithe ag gníomhaireachtaí.

Comhlíonadh oibre de réir gnólacht atá gníomhaireacht-thacaithe, ag tagairt do ghnéithe ar nós líon post, caighdeán post agus tionchar ar an ngeilleagar áitiúil.

Ráta fiontraíochta.

Cur i bhfeidhm bearta ón tuarascáil ESG a bhaineann go sonrach le gníomhaireachtaí.

Ginearálta

Tacaítear le hiomaíochas an gheilleagair má tá an margadh fostaíochta ag feidhmiú go maith.

Ceann de phríomh-chuspóirí na straitéise seo ná a chinntiú go bhfuil na scileanna agus an t-eolas riachtanach ag an lucht oibre chun dul i dtaithe ar athruithe ag an leibhéal fiontar, ach fós féin a chinntiú go bhfuil reachtaíocht chuí láthair oibre i bhfeidhm.

Seo a leanas dhá ghné a bhaineann le hArd-Chaighdeán Oibre agus Foghlaim, atá nasctha agus comhlántach:

- Margadh Fostaíochta agus Forbairt Scileanna; agus
- Cearta Fostaíochta agus Caidreamh Tionsclaíoch.

Is mór an tsineirgíocht idir an dá ghné, Ard-Chaighdeán Oibre agus Foghlaim.

Chun feabhas a chur ar chaighdeán oibre, ní hé amháin go gcaithfear infheistiú i sealbhú scileanna agus i gcuimsitheacht lucht oibre, ach caithfear dul i mbun idirbheartaíochta agus comhaontaithe chun éascú a dhéanamh ar an nuachóiriú laistigh de na fiontair féin, mar a n-áireofaí caidrimh ar an láthair oibre chomh maith le timpeallacht ina bhfuil an caidreamh tionsclaíoch socair, d'fhonn cobhsaíocht a chothú sa mhargadh fostaíochta. Ina theannta sin is gá réimse reachtaíochta cuí a bheith ann ar chearta fostaíochta, ar nós sláinte agus sábháilteacht agus modhanna oibre éifeachtacha ar réiteach díospóide agus sásaimh.

Tá an comhdhearcadh i leith forbairt scileanna, cearta fostaíochta agus caidreamh tionsclaíoch fíor-thábhachtach ó thaobh forbairt eacnamaíoch de - is é sin comhdhearcadh na bhfostóirí, na bhfostaithe agus an Rialtais. Tá Ard-Chaighdeán Oibre agus Foghlaim fite fuaite, mar a phléitear anseo thíos.

ANAILÍS TIMPEALLACHTA

Margadh Fostaíochta agus Anailís Scileanna

TODHCHAÍ FOSTAÍOCHTA

Téann an timpeallacht eacnamaíoch dhomhanda go mór i gcion ar mhargadh fostaíochta na hÉireann, geilleagar atá beag agus oscailte. I rith 2001-2003 mhoilligh ráta fáis eacnamaíoch na hÉireann go suntasach, rud a léirigh an treocht idirnáisiúnta, ach níor chuir sé isteach ró-mhór ar an margadh foriomlán, margadh atá daingean go maith.

D'fhéadfadh an feabhas a tháinig le déanaí ar an ngeilleagar domhanda tacú go mór leis an bhfeabhas leanúnach atá ag teacht ar an ráta fostaíochta in Éirinn.

Is é 4.9% an ráta fáis OTN in Éirinn atá teilgthe do 2004 agus is é 4.8% an ráta fáis teilgthe in aghaidh na bliana thar an tréimhse 2005-2007⁶. Eascraíonn an luas fáis sin as an timpeallacht idirnáisiúnta trádála níos fabhrúla agus as an muinín atá ag tomhaltóirí arís toisc geilleagar na hÉireann a bheith ag feabhsú go cioglach. Cé go bhfuil Éire ar tí fónamh a bhaint as an bhfeabhsú sin, ní dócha go bhfillfidh an geilleagar ar na rátaí arda neamhchoitianta a bhí follasach sa tréimhse cúig bliana roimh 2001.

An réamhaisnéis fáis fostaíochta atá a thabhairt ag an Roinn Airgeadais ná 1.6% ar an meán ó 2005 go 2007⁷. Seo réamhaisnéis atá bunaithe den chuid is mó ar athnuachan iomaíochais na hÉireann agus ar gheilleagar domhanda atá tagtha chuige féin arís.

CLÁR OIBRE LIOSPÓIN

Cuireann Straitéis Fostaíochta na hEorpa an creat oibre ar fáil d'fhonn gnéithe fostaíochta Straitéis Liospóin a chur i bhfeidhm (féach Cuid 1 freisin, Diminsean AE). Tá dul chun cinn mall á dhéanamh ag an Eoraip faoi láthair ar bhaint amach cuspóirí Liospóin. Tugadh aitheantas dó sin agus cuireadh béim air in dhá thuarascáil⁸, a dhréachtaigh an dá Ghrúpa Ard-Leibhéil neamhspleácha faoi chathaoirleacht Wim Kok Uas. do Chomhairle na hEorpa. Sonraíonn na Tuarascálacha go bhfuil na cuspóirí a socraíodh i Liospóin fós bailí agus gur chóir iad a chothú. Cibé scéal é, caithfear díriú láithreach agus go práinneach ar na gníomhaíochtaí/bearta is gá a chur i gcrích d'fhonn spriocanna Liospóin a bhaint amach. Beidh ar gach Ballstát ceannaireacht pholaitiúil láidir a léiriú chun na gealltanais a tugadh a chomhlíonadh agus a chur i bhfeidhm.

Faoin Athbhreithniú Lárthéarmach ar Straitéis Liospóin, a d'úsáid Kok mar ábhar tagartha dá thuarascálacha, chuir Coimisiún na hEorpa Teachtaireacht ar Fhás agus ar Fhostaíocht faoi bhráid Chomhairle Earraigh na hEorpa, ar an mbonn go gcaithfí beatha nua a thabhairt do Chlár Oibre Liospóin. Mhol an Teachtaireacht go gcaithfeadh Ballstáit feidhmiú níos díograisi ar an dá phríomh-thasc – fás níos láidre agus níos fadtréimhsí a sholáthar agus níos mó fostaíochta agus poist níos fearr a chruthú.

D'aontaigh Comhairle Earraigh na hEorpa go raibh gá feidhmiú go práinneach chun athnuachan a dhéanamh ar gheilleagar na hEorpa agus thugadar a dtacaíocht don Teachtaireacht, a rinne soláthar do struchtúr tuairiscithe agus comhordaithe níos éifeachtaí a bheadh bunaithe ar Threoirilinte Comhtháite, a thabharfadh le cheile

⁶ Roinn Airgeadais – Clár Cobhsaíochta Nollaig 2004, Nuashonrú

⁷ Clár Cobhsaíochta na hÉireann, Nollaig 2004 Nuashonrú – Roinn Airgeadais, 2004

⁸ Jobs, Jobs, Jobs, - Kok I (Samhain 03): Facing the Challenge - Kok II (Samhain 04)

Treoirlínte Fostaíochta agus na Treoirlínte Polasaí Leathana Eacnamaíochta.

Is iad na Treoirlínte Comhtháite, a chlúdaíonn an tréimhse 2005-2008, atá mar bhunús do Chláir Athchóirithe Náisiúnta na mBallstát. Sonróidh an Cláir Athchóirithe Náisiúnta straitéis trí bliana d'fhonn fás agus fostaíocht a sholáthar agus dul i ngleic le bearta agus le spriocanna athchóirithe a bheadh ag teacht leis na coinníollacha atá i réim sna Ballstáit. Ar bhonn na gClár Náisiúnta, dréachtóidh an Coimisiún, i mí Eanáir gach bliain, Tuarascáil Bhliantúil AE ar Dhul Chun Cinn, ag sonrú an dul chun cinn atá déanta ar straitéis Liospóin. Cuirfear an Tuarascáil sin faoi bhráid Chomhairle Earraigh na hEorpa.

Déanfaidh Roinn an Taoisigh comhordú ar Chláir Athchóirithe Náisiúnta na hÉireann, a chuirfear i bhfeidhm in ionad na dtuarascálacha éagsúla atá ann faoi láthair, a scríobhadh mar leanúint ar Straitéis Liospóin a chuir na Ballstáit faoi bhráid an Choimisiúin gach bliain – mar a n-áireofaí an Plean Náisiúnta Gníomhaíochta um Fhostaíocht, a chuirfear san áireamh mar chaibidil fostaíochta na tuarascála. Beidh polasaithe Rialtais, go háirithe *Sustaining Progress* mar fhoinsé thagartha ag an gcaibidil fostaíochta sin agus cuirfear síos ann ar an mbealach ina ndéantar na Treoirlínte Fostaíochta a ionchorprú i bpolasaí intíre agus mar a chuirtear i ngníomh iad (féach Cuid 3, Saincheisteanna Tras-Rannacha, freisin). Clúdóidh an Clár Athchóirithe Náisiúnta saincheisteanna mór-gheilleagair agus athchóiriú struchtúrach agus margaidh freisin.

TIONSCNAIMH SPEISIALTA FAOI 'SUSTAINING PROGRESS'

Ainmníodh cúpla tionscnamh faoi *Sustaining Progress*, ceann acu ná "Tacú leo siúd atá difhostaithe go fadtéarmach, iad siúd atá difhostaithe de barr iomarcaíochta agus iad siúd atá fostaíthe i bpoist íseal-scileanna". Cuirtear síos sa Plean Náisiúnta Gníomhaíochta um Fhostaíocht ar na bearta atá ar bun ag FÁS agus ag Ranna eile chun an tionscnamh sin a chur chun cinn. Tá béim ar leith ar fhorbairt ar níos mó bearta gníomhachtaithe, ar straitéis chomhleanúnach dóibh siúd lasmuigh den lucht oibre, scéimeanna fostaíochta a chothú ag an leibhéal gníomhaíochta reatha agus Scéim Fostaíochta Lánaimseartha do Dhaoine faoi Mhíchumas a thabhairt isteach.

LUCHT OIBRE/TREOCHTAÍ FOSTAÍOCHTA 2000-2004

Sa tréimhse 2000 go dtí an ceathrú ráithe 2004⁹, tháinig meán-fhás 2.58% in aghaidh na bliana ar an lucht oibre. De

réir réamhaisnéis an ESRI (Institiúid um Thaighde Eacnamaíochta agus Sóisialta) san Athbhreithniú Lárthéarmach 2003-2010 acu, tiocfaidh meán-fhás 2.2% in aghaidh na bliana ar an lucht oibre idir 2005-2007.

Seo a leanas spriocanna fostaíochta Liospóin, atá le baint amach faoi 2010: ráta fostaíochta foriomlán 70% a bheith ann, ráta fostaíochta na mban a bheith ag 60% agus ráta fostaíochta d'oibrithe níos aosta a bheith ag 50%. Mhoilligh an dul chun cinn ar na spriocanna sin le blianta beaga anuas toisc meathlú an gheilleagair dhomhanda. Tá tionchar an fheabhais a tháinig arís ar an ngeilleagar domhanda ó lár 2003 soiléir i ngníomhú feabhsaithe na hÉireann i dtreo bhaint amach na spriocanna sin. De réir na tuarascála 'Fostaíocht san Eoraip, 2004' le Coimisiún na hEorpa, meastar go mbainfidh Éire na trí sprioc amach faoi 2010.

D'fhreagair an margadh fostaíochta go maith do théarnamh an gheilleagair, a thosaigh i 2003 agus ráta fostaíochta sa cheathrú ráithe 2004¹⁰ méadaithe 3.6% ar an mbliain roimh ré. An toradh a bhí air sin ná go raibh ráta iomlán 66.7% fostaíochta ann (63.2% ab ea an ráta AE25 i 2004¹¹). Tháinig méadú 9.6% go 1,894,100 ar an líon daoine i bhfostaíocht idir 2000 agus 2004. Sa tréimhse chéanna, mhéadaigh fostaíocht lánaimseartha 10% go 1,577,500 duine agus mhéadaigh fostaíocht pháirtaimseartha 13% go 316,500.

Tá ráta rannpháirtíochta na mban sa lucht oibre fós ag fás níos tapúla ná ráta rannpháirtíochta na bhfear. Idir 2000 agus 2004, 49.1% ab ea ráta rannpháirtíochta na mban. Tháinig meán-fhás bliantúil níos mó ná 6.4% ar fhostaíocht na mban idir 1994 agus 2001, agus 3.1% idir 2001 agus 2004. 57.2% ab ea ráta fostaíochta na mban i gceathrú ráithe 2004 (55.7% ab ea ráta AE25 i 2004).

Tháinig fás 28.7% ar ráta fostaíochta oibrithe níos aosta (aoisghrúpa 55-64) idir ceathrú ráithe 2000 agus ceathrú ráithe 2004. Bhí ráta fostaíochta na n-oibrithe níos aosta ag níos mó ná 48.8% i gceathrú ráithe 2004 (40.35% ab ea ráta AE25 i 2004).

Tháinig an chuid is mó fáis sa tréimhse go dtí 2004 sna hearnálacha tógála agus seirbhísí. Fad is atá na hearnálacha talmhaíochta, foraoiseachta, iascaireachta agus óstaíochta ar meathlú, tá na hearnálacha sláinte agus mór-dhiola & miondiola fós ag fás.

Réamhathrisítear in Athbhreithniú Lárthéarmach 2003-2010 an ESRI go dtiocfaidh an fás is mó ar fhostaíocht san

⁹ CSO – *Quarterly National Household Survey*, 4ú Ráithe 2004

¹⁰ Tógadh rátaí fostaíochta/rannpháirtíochta 2004 sa chaibidil seo as CSO – *Quarterly National Household Survey*, 4ú Ráithe 2004

¹¹ Tógadh comparáidí leis an AE25 sa chaibidil seo as *Eurostat-Labour Force Survey – 2ra Ráithe 2004*.

earnáil seirbhísí. Tá féidearthachtaí suntasacha fás san earnáil sin, sa mhéid is go bhfuil sciar na hearnála seirbhísí i ngeilleagar na hÉireann níos lú ná a mhacasamhail in aon cheann de Bhallstáit AE15.

Meastar go bhfanfaidh an treocht reatha i ndéantúsaíocht ag an leibhéal céanna, fad is atá an chuma air go mbeidh na hearnálacha talmhaíochta agus tógála ar meathlú. Laistigh den earnáil seirbhísí, is dócha go mbeidh an chuid is mó den fhás sna réimsí seirbhísí airgeadais agus pearsanta, sláinte agus oideachais.

RÉIGIÚIN

Idir 2000 agus 2004 tháinig méadú níos mó ná 15.7% ar fhostaíocht i réigiún na teorann, lár tíre agus an Iarthair (BMW), agus méadú 9.1% i réigiún an deiscirt agus an oirthir (S&E).

Réamhathrisítear i réamhaisnéis FÁS/ESRI go mbeidh ráta fás fostaíochta náisiúnta 2% ann don tréimhse 2001-2010, is é sin 1.4% do réigiún na teorann, lár tíre agus an Iarthair, 2.6% do Bhaile Átha Cliath agus don oirthear láir agus 1.6% don Iarthar láir agus an deisceart.

DÍFHOSTAÍOCHT

Tá difhostaíocht fós íseal ag 85,600, ag titim 300 sa bhliain go dtí an ceathrú ráithe 2004. 4.3% ab ea an ráta difhostaíochta i gceathrú ráithe 2004, atá an-fhabhrach i gcomparáid le meán-ráta an AE25, 9%. Réamhathrisíonn Athbhreithniú Lárthéarmach an ESRI go mbeidh meán-ráta difhostaíochta 5.1% ann sa tréimhse 2005-2007.

Bhí meán-ráta difhostaíochta fadtéarmaí 1.4% ann i rith 2003 agus isteach sa bhliain 2004, agus tháinig mionmhéadú air go 1.5% i gceathrú ráithe 2004. Tá difhostaíocht fadtéarmach fós an-íseal de réir caighdeáin stairiúla agus idirnáisiúnta.

IOMARCAÍOCHT

Is féidir dea-thionchar an fháis a fheiceáil chomh maith sna sonraí treochtaí d'iomarcaíocht fógartha¹². Tháinig feabhas suntasach ar an scéal i ndara leath na bliana 2004, i gcodarsnacht leis an méadú a tháinig ar iomarcaíocht fógartha ar taifead i 2001-2003. Bhí ráta iomarcaíochta fógartha 2004 16% níos lú ná a mhacasamhail an bhliain roimh ré. Mar a tharla i 2002 agus 2003, níor tháinig na sluaite isteach sa mhargadh fostaíochta de bharr na hiomarcaíochta sin.

FOLÚNTAIS

Léirigh an suirbhé is déanaí a rinne FÁS/ESRI ar folúntais ag fostóirí go raibh, ar an meán, 6% níos mó gnólachtaí le folúntais ag deireadh an cheathrú ráithe i 2004. As na

gnólachtaí a chuir in iúl go raibh folúntais acu, bhí an chuid is mó san earnáil tógála (16%) agus san earnáil tionscal (15%); agus bhí an chuid is lú acu sna hearnálacha miondiola agus seirbhísí, le 1% agus 6% faoi seach.

Léiríonn an céatadán gnólachtaí a thuiriscigh folúntais ag deireadh an cheathrú ráithe 2004, margadh fostaíochta ina bhfuil folúntais ag eascairt as gnáth-ráta athraithe lucht oibre i margadh fostaíochta éifeachtach, seachas easnamh lucht oibre ag rátaí pá reatha.

RIACHTANAS SCILEANNA DON TODHCHAÍ

Cuireann sain-tuarascálacha, ag leibhéal náisiúnta agus ag leibhéal an AE, fós béim ar an ngá atá le rannpháirtíocht dhaoine fásta na hÉireann in oideachas agus in oiliúint. Chuir obair an tSainghrúpa ar Riachtanais Scileanna don Todhchaí, obair an Ghrúpa Straitéise Fiontraíochta agus obair an Tascfhórsa ar Oideachas Fadsaoil uile béim ar an ngá atá ag fostaíthe na tíre cur lena scileanna, réimse a scileanna a leathnú agus athnuachan a dhéanamh ar a scileanna reatha, chun freastal ar gheilleagar atá ag athrú. Aithníodh fadhbanna ar leith le cáilíochtaí oideachais ar leibhéal níos ísle agus le líon suntasach daoine atá fostaíthe i ngairmeacha íseal-scileanna sa lucht oibre.

Léiríonn figiúirí do 2001 a d'úsáid an Tascfhórsa ar Oideachas Fadsaoil go raibh 220,000 duine fostaíthe nach raibh aon oideachas dara leibhéil orthu. Caitheadh an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, agus na gníomhaireachtaí a fheidhmíonn faoina scáth, freagra a thabhairt ar na dúshláin sin. Tá struchtúr uileghabhálach comhordaithe ar bun maidir leis an gclár oibre leathan a bhaineann le hOideachas Fadsaoil agus, laistigh den struchtúr sin, tá ról níos sainithe á bhunú don Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta chun a chur ar chumas na Roinne páirt a ghlacadh i sain-tionscnaimh atá dírithe ar easpa litearthachta agus uimhriochta i measc an lucht oibre.

Ag leibhéal scileanna níos airde, caithear díriú níos mó don todhchaí ar dhaoine a oiliúint ar an láthair oibre. Seo athrú fócais atá tábhachtach go háirithe i dtéarmaí an chur chuige straitéisigh lena ghlac FÁS, an phríomh-ghníomhaireacht a dhéanann polasaí na Roinne a sheachadadh. Chomh maith leis sin is gá cur chuige comhsheasmhach a bheith ann le Gníomhaireachtaí eile a ghlacann páirt i bhforbairt agus in oiliúint oibríthe.

Réamhathrisítear i Réamhaisnéis Fostaíochta Ceirde FÁS/ESRI de réir Réigiún do 2010 go mbraitheadh fás fostaíochta níos mó is níos mó ar oibríthe ard-oilte. Ceaptar go mbeidh níos mó éilimh don chéad chúig bliana eile ar na gairmeacha seo a leanas: bainisteoirí agus úinéirí,

¹² Suirbhé Fostaíochta & Folúntas FÁS/ESRI, 4ú Ráithe, 2004

cúramaithe gairmiúla, agus oibríthe gairmiúla sláinte, oideachais agus innealtóireachta. Braithfidh fás fostaíochta sa todhchaí ar níos mó speisialtóireachta (go háirithe sna réimsí eolaíochta agus innealtóireachta), leibhéal níos airde oideachais agus oiliúna agus dea-leibhéal scileanna lárnacha agus scileanna tacaithe.

IMIRCE EACNAMAÍOCH

Bhí ról lárnach ag imirce eacnamaíoch i bhforbairt eacnamaíoch na hÉireann. Chuidigh an ghluaiseacht isteach sa tír ag oibríthe oilte leis an tír dul i ngleic le soláthar oibríthe a bhí riachtanach don fhás eacnamaíoch a cotháidh ó dheireadh na 1990aidí i leith.

Ar an 1 Bealtaine 2004, dáta tábhachtach dúinn maidir le polasaí imirce eacnamaíoch in Éirinn, glacadh le deich mBallstát nua san Aontas Eorpach (An Chipir, Poblacht na Seice, An Eastóin, An Ungáir, An Laitvia, An Liotuáin, Málta, An Pholainn, an tSlóvaic agus An tSlóivéin). Chinn Éire, roimh iontráil na mBallstát nua, cead iomlán agus láithreach a thabhairt do náisiúnaigh na Stát sin teacht isteach sa mhargadh fostaíochta in Éirinn, ó dháta an mhéadaithe. Is é atá i gceist leis seo le héifeacht ná, ón 1 Bealtaine 2004 ar aghaidh, ní raibh gá ag náisiúnaigh na mBallstát nua cead fostaíochta a bheith acu chun tosú ag obair in Éirinn.

Bhí tionchar an athraithe pholasaí sin follasach, nuair a bronnadh beagnach 27,000 céad-cheadúnas oibre i 2001 (is é sin daoine nua ag teacht isteach sa stát); thit an figiúr sin go tuairim is 18,000 i 2003. Tar éis mhéadú an AE, is dócha gur tuairim is 5,000 an líon céad-cheadúnas a bronnadh ar náisiúnaithe ó thríú tíortha i 2004, sin laghdú suntasach ar an mblain roimh ré.

Léiríonn sonraí ón Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh gur bronnadh tuairim is 50,000 Uimhir PSP ar náisiúnaithe na mBallstát nua sa tréimhse 1 Bealtaine go Nollaig 2004. Léiríonn na réamh-fhigiúirí gur ghlac 75% as an 50,000 fostaíocht sa tír sa tréimhse sin.

Cé go mbeidh gá fós ag Éire le lucht oibre coigríche má leanann na rátaí fáis eacnamaíocha reatha mar atá, is dócha go mbeidh fostóirí ábalta a gcuid folúntas a líonadh le hoibríthe ón Limistéar Eacnamaíoch Eorpach (EEA), ar a laghad go dtí deireadh 2010. Tá sé le tuiscint ó Theilgean Lucht Oibre 2006-2036 an CSO (CSO, 2004) go mbeidh a mhacasamhail de riachtanas fostaithe ón gcoigríoch de dhíth is mar a earcaíodh le blianta beaga anuas.

Leanfar le polasaí an rialtais spreagadh agus éascú a dhéanamh ar earcú pearsanra ón Limistéar Eacnamaíoch Eorpach (EEA)¹³ ar an gcéad dul síos. Díreoidh polasaí

maidir le hiarratais ar cheadanna fostaíochta ar earcú ar phearsanra ard-oilte lasmuigh den Limistéar Eacnamaíoch Eorpach, nuair nach féidir teacht ar na scileanna sin trí ghnáth-earcaíocht ná trí oiliúint. Cibé scéal é, is gá go mbeadh an polasaí cuíosach solúbtha chun dul i ngleic le teipeanna sa mhargadh fostaíochta an soláthar sin a dhéanamh, nuair is gá idirghabháil a dhéanamh i gcúinsí áirithe. Is gá creat oibre polasaí soiléir a bheith ann chun aghaidh a thabhairt ar a leithéid de theipeanna sa mhargadh. Chuige sin, tá obair curtha sa tsiúl ag an Roinn, i gcomhar le FÁS agus le Forfás, ar pholasaí meántéarmach a rachaidh i ngleic le riachtanais scileanna eacnamaíocha. Chun é sin a bhaint amach caithfear dul i gcomhchomhairle leis na Páirtithe Sóisialta, leis an Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna don Todhchaí agus leis an Eagraíocht Idirnáisiúnta ar Imirce (seo eagraíocht atá lonnaithe sa Ghinéiv faoi láthair a bhfuil mórstaidéar ar bun aici ar son NESC ar gach gné a bhaineann le himirce) agus plé a bheith ann le líon beag de gheilleagair Eorpacha atá ar chomhcheim linn (An Bhreatain, An tSualainn, An Danmhairg agus An Ísiltír). An toradh a bheadh ar an bplé go léir sin ná go gcuirfí páipear polasaí ar fháil faoi lár 2006.

CLÁIR FOSTAÍOCHTA

Rinne Cláir Fostaíochta FÁS (Fostaíocht Pobail, Tionscnamh Post agus Geilleagar Sóisialta) an t-uafás ar son daoine atá difhostaithe go fadtéarmach agus ar son grúpaí eile faoi mhíbhuntáiste, d'fhonn iad a chomhtháthú ag an tús sa mhargadh fostaíochta. Chinn an Rialtas go gcothófaí na Cláir Fostaíochta sin mar atá, le 25,000 áit, i 2005, leis na cuspóirí seo a leanas:

- (a) formhór na rannpháirtithe a thabhairt chomh fada leis an margadh fostaíochta; agus
- (b) seirbhísí pobail riachtanacha a chothú trí dheireadh a chur leis an teorainn rannpháirtíochta 3 bliana do dhaoine 55 bliain d'aois nó níos mó ar CE.

TACAÍ FOSTAÍOCHTA AGUS OILIÚNA DO DHAOINE FAOI MHÍCHUMAS

Gnéithe lárnacha den Straitéis Náisiúnta Míchumais, creat oibre de bhearta dearfacha a chur i bhfeidhm chun tacú le rannpháirtíocht dhaoine faoi mhíchumas sa phobal in Éirinn san áireamh, ná foilsíú an Bhille Míchumais agus na Pleananna Sracthuairiscithe Earnálacha ag dul leis an mBille a chuir 6 Roinn Rialtas lárnacha ar fáil, An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta san áireamh. Díreoidh Plean Sracthuairiscithe Earnála na Roinne seo ar éascú agus feabhsú inrochtana a dhéanamh ar ghairmoiliúint agus ar dheiseanna fostaíochta do dhaoine faoi mhíchumas, mar go gcreidimid gurb í an fhostaíocht an bealach is fearr páirt

¹³ Cúlmissiún an EEA 25 Ballstát an AE, chomh maith leis an Ioslainn, An Iorua agus Lichtenstein

iomlán a ghlacadh sa phobal, go sóisialta, go cultúrtha agus go heacnamaíoch.

Tar éis athbhreithniú fairsing a dhéanamh agus próiseas comhchomhairleach a bheith ann ar shaincheistean a bhaineann le gairmoiliúint do dhaoine faoi mhíchumas, tá straitéis nua á ullmhú agus foilseofar í amach anseo. Chomh maith leis sin, tá tionscnamh nua ar bun, An Scéim Tacaíochta Fostaíochta Lánaimseartha (FTESS), d'fhonn tacaí níos fearr a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas atá ábalta agus sásta páirt a ghlacadh i bhfostaíocht lánaimseartha, agus cuirfear i bhfeidhm an scéim le linn 2005.

RÓL CHISTE SÓISIALTA NA HEORPA

Luadh thuas fócas chuspóirí Liospóin, sa mhéid is a bhaineann siad le forbairt ar pholasaithe mhargadh fostaíochta na hÉireann, chomh maith le ról Straitéis Fostaíochta na hEorpa agus le ról an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Fhostaíocht.

Gné Eorpach eile i bpolasaithe agus i gcláir mhargadh fostaíochta na hÉireann ná Ciste Sóisialta na hEorpa (ESF). Thar tréimhse an ráitis straitéise seo, forbróidh agus tacóidh maoiniú ESF le scileanna an lucht oibre. Bainfear úsáid as an maoiniú ESF atá ar fáil faoin gClár Oibríochtaí Forbartha um Fhostaíocht agus Acmhainní Daonna (EHRDOP), i dtionscnaimh oiliúna ag Fiontraíocht Éireann, ag FÁS agus ag gníomhaireachtaí eile, agus i gcláir atá díreach faoi scáth na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, chun oideachas agus deiseanna fostaíochta a sholáthar dóibh siúd atá fostaithe agus dóibh siúd atá difhostaithe. Tabharfaidh an Tionscnamh Pobail EQUAL aghaidh ar éagothroime agus ar idirdhealú sa mhargadh fostaíochta, trí thionscadail ESF-mhaoinithe a sholáthar (Comhpháirtíochtaí Forbartha) chun modhanna nuálaíochta nua a thástáil le dul i ngleic le héagothroime sa mhargadh fostaíochta. Cuirfear béim ar leith ar chleachtais is fearr ón gclár seo a scaipeadh i measc an phobail i gcoitinne. Beidh an Roinn páirteach, mar an t-údarás náisiúnta don ESF in Éirinn, thar tréimhse an ráitis straitéise seo, san idirbheartaíocht ag leibhéal an AE ar Rialacháin nua a stiúrfaidh na Cistí Struchtúracha (ESF san áireamh) don tréimhse 2007-2013. Chomh maith leis, sin beidh an Roinn páirteach i bhforbairt ar chláir náisiúnta ESF-mhaoinithe a chuirfear sa tsiúl i 2007.

Ag leibhéal an pholasáí tá sé ag éirí níos soiléire anois go bhfuil tábhacht ar leith ag baint le hoideachas agus le hoiliúint má táthar chun spriocanna Liospóin a bhaint amach, agus is dócha go mbeidh ról níos mó ag Gairmoideachas agus Oiliúint (VET), agus go ndéanfar spreagadh agus forbairt air dá réir. Má dhéantar forbairt ar VET ag leibhéal náisiúnta,

tacóidh sé le forbairt pholasáí an AE ar an ábhar agus beifear ábalta na príomh-mholtaí a eascraíonn as an bpróiseas comhoibritheach atá ar bun le tamall anuas, a chur i bhfeidhm, próiseas atá ag réadú fhís na hEorpa mar mhargadh fostaíochta aontaithe. An príomhfhócas a bheidh ann don chéad chúpla bliain eile ná cur i bhfeidhm ar Chommuiniqué Maastricht ar Ghairmoideachas agus Oiliúint¹⁴ agus treo an pholasáí sin maidir le carnadh agus aistriú ar chreidmheasa i nGairmoideachas agus Oiliúint, uirlisí soghluaiseachta feabhsaithe agus, ar deireadh thiar, forbairt ar Chreat Oibre Cailíochtaí Eorpach.

Ceartha Fostaíochta & Caidreamh Tionsclaíoch

CEARTA FOSTAÍOCHTA

Tá ról tábhachtach fós ag an gcreat oibre reachtach ar Chearta Fostaíochta maidir le cur chun cinn ar chobhsaíocht an mhargaidh fostaíochta. Aithnítear agus glactar go forleathan leis na buntáistí eacnamaíoch a bhaineann le hurrús fostaíochta agus le caidrimh fostaíochta comhaontaithe ó thaobh caidrimh chomhoibritheacha ar an láthair oibre, solúbthacht inmheánach níos mó, glacadh le hathruithe teicneolaíochta, sealbhú carnach ar scileanna agus níos mó dreasachtaí chun go ndéanfaí infheistiú in acmhainní daonna. Bíonn ionchur ag reachtaíocht Chearta Fostaíochta i ngach ceann de na gnéithe sin, mar go mbíonn fostaithe, a bhfuil coinniollacha oibre maithe acu, níos sona ar an iomlán agus dá bhrí sin bíonn siad níos táirgiúla agus níos oscailte i leith athruithe.

Achtaíodh sraith reachtaíochta sa réimse cearta fostaíochta atá ag teacht leis na hathruithe sa tsochaí agus sa láthair oibre, ag leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta araon, trí thionscnaimh náisiúnta, trí thrasuíomh ar Threoracha AE agus trí dhaingniú ar mholtaí agus ar choinbhinsiúin ón Eagraíocht Oibreachais Idirnáisiúnta (ILO) agus ó Chomhairle na hEorpa. Le linn thréimhse an ráitis straitéise seo leanfaimid orainn ag idirghníomhú leis na Páirtithe Sóisialta, le Ranna Rialtais agus le Gníomhaireachtaí ar aon reachtaíocht a mholtar a bhaineann le Ceartha Fostaíochta.

D'fhonn reachtaíocht fostaíochta a chomhlíonadh, agus ag teacht leis an gComhaontú *Sustaining Progress*, ceapadh níos mó Cigirí Fostaíochta agus déanfar athbhreithniú leanúnach ar líon na gcigirí le linn thréimhse na straitéise seo.

SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHT

Rinneadh dul chun cinn seasta, le blianta beaga anuas, sa réimse sláinte, sábháilteacht agus leas, mar a bhfacthas ráta

¹⁴ Sonraítear sa Chommuiniqué roinnt tosáíochtaí d'fhonn feabhas a chur ar chomhoibriú Eorpach i ngairmoideachas agus oiliúint ag leibhéal náisiúnta, chun feabhas a chur ar chórais agus ar institiúidí VET agus ag leibhéal an AE chun cur le trédhearcacht, caighdeán agus comh-mhuinín, d'fhonn fíor-mhargadh fostaíochta Eorpach a éascú.

tionóisce, marfach agus neamh-mharfach araon, ag titim 13% agus 14% faoi seach ó 1998 ar aghaidh. Is cóir breathnú ar an laghdú básanna agus tionóisce sa lucht oibre sin i gcomhthéacs méadú beagnach ceathrú milliún duine sa lucht oibre ó 1998. Seo laghdú fíor-shuntasach, go háirithe sa mhéid is go bhfuil claonadh ag an ráta idirnáisiúnta tionóisce dul i méid nuair a thagann méadú gasta ar an lucht oibre.

Táthar ag súil go dtosóidh an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag Obair ag feidhmiú i 2005. Cuirfidh an tAcht fuadar faoi bhaint amach láthair oibre níos sábháilte sa todhchaí. Cuirfear béim ar chultúr coisctheach, trí bhéim a chur ar thábhacht na hinniúlachta i gcúrsaí sláinte agus sábháilteachta i laghdú tionóiscí agus droch-shláinte, rud a shábhálfaidh airgead ar ghnóthaí, árachas dliteanais an fhostóra san áireamh, agus ar deireadh thiar, ar an ngeilleagar i gcoitinne.

Príomh-fhorálacha an Achta ná gur féidir fineálacha ar-an-bpointe a ghearradh, go bhfuil méadú tagtha ar fhionóis do chiontú achomair nó do chiontú ar diotáil, go bhfuil tástáil i bhfeidhm do shubstaintí meisciúla agus eile, go bhfuil comhaontuithe sláinte agus sábháilteachta i bhfeidhm, go bhfuil cosaint i gcoinne difhostú nó i gcoinne pionós a ghearradh, agus go bhfuil freagrachtaí ar dhearthóirí, ar dhéantóirí agus ar dhaoine a dhéanann coimisiúnú, a fhaigheann nó a thógann ionad oibre.

Ina theannta sin, tá straitéis nua á ullmhú ag leibhéal an AE ar shláinte, sábháilteacht agus leas ag obair, chun riachtanais níos leithne an Aontais a chur san áireamh chomh maith leis an ngá atá ann cur chuige éagsúil a chur i bhfeidhm toisc méadú an AE i 2004.

CAIDREAMH TIONSCLAÍOCH

Feabhsaíodh go mór an timpeallacht chaidrimh thionsclaíoch in Éirinn le deich mbliana anuas agus tá an timpeallacht sin fós cuíosach cobhsaí. Cé go bhfacthas méadú i 2003 ar 2002 sa líon laethanta a cailleadh de bharr díospóidí tionsclaíocha – 37,482 i gcomparáid le 21,257 – léiríonn an líon laethanta a cailleadh i 2003 an treocht leanúnach atá ann, líon cuíosach íseal laethanta a chailliúint de bharr díospóidí tionsclaíocha. Thit líon na ndíospóidí féin ó 27 díospóid go 24 díospóid, an líon is lú ó bailíodh staitisticí i 1923. Léiríonn sonraí an CSO don chéad leath de 2004 go bhfuil an treocht sin ag treabhadh leis, le 5,370 lá cailte toisc 6 dhíospóid i gcomparáid le 32,277 lá cailte toisc 14 dhíospóid sa tréimhse chéanna i 2003.

Chuaigh cúpla gné éagsúil i bhfeidhm ar an treocht, 'sé sin socracht cuíosach maith a bheith ann sa timpeallacht

chaidrimh thionsclaíoch, ar nós cur i bhfeidhm agus soláthar ar an gComhaontú Comhpháirtíochta Náisiúnta *Sustaining Progress*. Dhaingnigh na Páirtithe Sóisialta *Sustaining Progress* i mí an Mhárta 2003, agus clúdaíonn an Comhaontú an tréimhse 2003-2005. Cosúil leis na comhaontuithe a tháinig roimhe, léiríonn *Sustaining Progress* éabhlóid i gcomhpháirtíocht sóisialta. Cé gur comhaontú trí bliana a bhí i *Sustaining Progress*, go ginearálta, rinneadh ath-idirbheartú ar théarmaí pá agus ar shaincheisteanna bainteach leis an láthair oibre, mar a foráladh dóibh i *Sustaining Progress*, i mí an Mheithimh 2004.

Sonraíodh i *Sustaining Progress* - Cuid a Dó, na téarmaí pá agus na saincheisteanna a bhaineann leis an láthair oibre, mar a idirbheartaíodh go rathúil iad i Meitheamh 2004 agus feidhmeoidh siad mar chreat oibre don chobhsaíocht leanúnach atá ann i gcaidreamh tionsclaíoch. Toisc gur thángthas ar chomhaontú ar réimse ábhar, tá cinnteacht ann anois d'fhostóirí agus d'fhostaithe araon maidir le pá agus le saincheisteanna a thiocfaidh chun cinn faoin láthair oibre. I mí Dheireadh Fómhair 2005, táthar ag súil tús a chur le cainteanna faoin gcomhaontú a thiocfaidh i gcomharba ar *Sustaining Progress*.

Cuireann *Sustaining Progress* leis an ról atá ag gníomhaireachtaí réitigh dhíospóide na Roinne – An Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais agus an Chúirt Oibreachais – agus iad ag plé le díospóidí ar chomhlíonadh ar théarmaí an chomhaontaithe phá agus maidir leis an gceart saincheisteanna a idirbheartú. Bhí dea-cháil ar an dá ghníomhaireacht (Seirbhís an Choimisinéara Cearta san áireamh) go dtí seo. Réitítear 80% de na cásanna trí idir-réiteach leis an gCoimisiún um Chaidreamh Oibreachais agus glacann na páirtithe le formhór na moltaí a dhéanann an Chúirt Oibreachais.

Toisc forálacha *Sustaining Progress* maidir le nuachóirí, solúbthacht, athruithe leanúnacha agus síocháin thionsclaíoch sa tseirbhís phoiblí, cuireadh go mór le cruthú na timpeallachta socair chaidreamh tionsclaíoch atá ann. D'aontaigh na páirtithe i *Sustaining Progress* go mbraithfeadh íocaíocht an dá mhéadú tagarmharcála deireanacha pá agus méaduithe ginearálta pá ar bhaint amach sásúil na bhforálacha sin.

Cuireann an Binse Achomhairc Fostaíochta (EAT) seirbhís neamhspleách ar fáil do dhaoine a bhíonn ag lorg réitigh ar shárú ar a gcearta reachtúla agus tháinig méadú 25% le dhá bhliain anuas ar an líon cásanna ar phléigh an EAT leo maidir le difhostú éagórach agus le hiomarcaíocht, rud a théann i gcion ar bhaint amach ard-chaighdeán i seirbhís chustaiméara. Cuirfidh grúpa oibre moltaí ar fáil, agus

Cathaoirleach an EAT mar chathaoirleach ar an ngrúpa oibre sin, bunaithe ar athbhreithniú inmheánach atá ar bun ag an ngrúpa ar ghnáthaimh an EAT, d'fhonn leibhéal níos fearr seirbhíse custaiméara a sholáthar.

Faoi láthair, leis na hathruithe suntasacha go léir, tá níos mó éilimh ar chomhlachtaí cearta fostaíochta an Stáit. I láthair na huaire tá an Roinn ag meas oiriúnacht na struchtúr agus na ngnáthamh sin freastal ar na héilimh nua. Tá an scéal á mheas ag an Roinn, i gcomhchomhairle leis na comhlachtaí cearta fostaíochta atá i gceist agus leis na Páirtithe Sóisialta.

Cuirfidh an Roinn moltaí faoi bhráid an Rialtais maidir le simpliú a dhéanamh ar an gcorpas mór reachtaíochta ar chearta fostaíochta, gan baint ó na cearta atá socraithe cheana féin. Díreofar ar fheabhas a chur ar ghnéithe oibríochtúla áirithe sa reachtaíocht sin.

CLÁR OIBRE UM PHOLASÁÍ SÓISIALTA

Ag leibhéal an Aontais Eorpaigh, díreofar ar chomhtháthú na ndeich mballstát nua san aontas. Tréimhse fheidhmithe an Chláir Oibre um Pholasáí Sóisialta reatha ná 2000 go 2005 agus táthar ar tí Clár Oibre nua don tréimhse 2006 go 2010 a chomhaontú i 2005. Cuireann an clár oibre treoir ar fáil maidir le fostaíocht agus le polasáí sóisialta, ag cur cuspóirí polasáí ó straitéis Liospóin i ngníomh mar bhearta nithiúla eacnamaíochta agus sóisialta. Mar a luadh cheana sa ráiteas straitéise seo, tá leath-shlí sroichte ag Straitéis Liospóin i 2005, ócáid a chuireann deis thábhachtach ar fáil athbhreithniú a dhéanamh ar an bpróiseas, iarracht níos tréine a dhéanamh ar fud an aontais na spriocanna a comhaontaíodh a bhaint amach agus bearta ceartaitheacha a chur i bhfeidhm chun cloí leis na spriocanna.

Tátail

Toisc go bhfuil an geilleagar domhanda tagtha chuige féin arís, tá leibhéal cobhsaíochta sroichte inar féidir fás a chothú. Tá geilleagar na hÉireann ag baint tairbhe as an téarnamh sin. An dúshlán atá i ndán dúinn amach anseo ná tógáil ar a bhfuil bainte amach go dtí seo. Meastar go mairfidh an fás fostaíochta atá ann faoi láthair in Éirinn go fadtéarmach agus go mbeidh éileamh ar lucht oibre ann dá

bharr. Thar an gcéad chúig bliana eile, freastalófar ar an éileamh méadaithe sin toisc an méadú a thiocfaidh ar an daonra (a mheastar a fhreastalóidh ar 50% den mhéadú), níos mó rannpháirtíochta ó lucht oibre eachtrach (23%) agus imircigh (27%). Go meántéarmach cuideoidh rannpháirtíocht oibríthe níos aosta agus rannpháirtíocht bhan-oibríthe, go háirithe mná pósta, freastal ar an éileamh.

Tá an soláthar lucht oibre ag brath níos mó is níos mó ar imircigh. Mar thoradh ar mhéadú an AE tháinig athrú suntasach ar an sórt oibrí imirceach, atá anois ag teacht ón AE25. Meastar, don tréimhse intuartha ar aon nós, nach lorgófar ach oibríthe ard-oilte ó thíortha lasmuigh den AE méadaithe. Lena chois sin, rachfar i ngleic le heaspa lucht oibre toisc oiliúint agus comhtháthú sa mhargadh fostaíochta ar níos mó daoine faoi mhíchumas.

Toisc riachtanais an gheilleagar agus déimeagrafaíocht atá ag athrú caitheamh táirgiúlacht an lucht oibre a úsáid níos mó i dtiomáint an fháis in Éirinn. Dhearbhaigh taighde a rinneadh in Éirinn le déanaí an tábhacht a bhaineann le hinfheistiú in acmhainní daonna chun feabhas a chur ar tháirgiúlacht an gheilleagair agus mar thoradh air sin feabhas a chur ar fhás eacnamaíoch agus fostaíochta. Chun barr ár gcumais fostaíochta a bhaint amach, caitheamh leanúint leis na bhforbairt ar lucht oibre ard-oilte, solúbtha trí oideachas, oiliúint, ath-sciliú agus tríd an oideachas fadsaoil, agus fostóirí a mhealladh, infheistiú níos mó in oiliúint a bhfostaithe. Tá ról tábhachtach i gcónaí ag maoiniú ESF i dtacú le forbairt scileanna don láthair oibre.

I dteannta na forbartha eacnamaíoch agus na forbartha fostaíochta atáthar ag súil leis, beidh ráta athraithe post ann mar a athraíonn fostaíocht. Caitheamh béim a chur ar fheabhsú scileanna dá réir. Ag leibhéal na hEorpa, beidh ról tábhachtach i gcónaí ag an idirphlé ar pholasáí sóisialta. Beidh páirt mhór ag an gcur chuige comhdhearcach, a luadh cheana, i bhforbairt eacnamaíoch na hÉireann. Seo idirphlé ag fostóirí, fostaithe agus an Rialtas.

Cuirfidh an cur chuige sin, tacaithe ag sraith reachtaíochta cearta daonna agus na forálacha comhlionta a bhaineann leis an reachtaíocht sin agus bearta spreagtha fostaíochta, creat oibre ar fáil chun timpeallacht iomaíoch ghnó a bhaint amach thar tréimhse an ráitis straitéise seo.

SPRIOCANNA

- VII** Dul sa tóir ar mhargadh fostaíochta a chothaíonn forbairt ar chaipiteal daonna agus ar oideachas fadsaoil, dul i ngleic le riachtanais scileanna an gheilleagair, éascú a dhéanamh ar rannpháirtíocht agus ar inrochtana fostaíochta, agus páirt a ghlacadh i gcuimsitheacht shóisialta.
- VIII** Feabhas a chur ar an gcaighdeán fostaíochta trí fheabhsú agus forfheidhmiú a dhéanamh ar chearta fostaíochta agus ar theidlíochtaí, sábháilteacht agus sláinte ag obair san áireamh, agus cothú a dhéanamh ar chomhpháirtíocht shóisialta, ar shíocháin thionsclaíoch agus ar réiteach díospóide éifeachtach.

CUSPÓIRÍ AGUS BEARTA STRAITÉISEACHA

Oideachas Fadsaoil

CUSPÓIR

2.1 Oideachas fadsaoil a réadú do líon níos mó daoine sa lucht oibre.

BEART STRAITÉISEACH

2.1.1 Idirghníomhóimid le Ranna, le gníomhaireachtaí agus le grúpaí eile d'fhonn tionscnaimh oideachais fadsaoil a chur i bhfeidhm, a chuirfidh deiseanna fostaíochta ar fáil don lucht oibre. Oiliúint In-Chomhlachta (In-Company Training)

Oiliúint in-Chomhlachta

CUSPÓIR

2.2 Cur le hinfheistiú in oiliúint ar an Láthair Oibre, ag díriú go háirithe ar oibríthe ar bheagán scileanna.

BEARTA STRAITÉISEACHA

2.2.1 Déanfaimid riaradh ar thionscnamh oiliúna a rachaidh i ngleic le hOiliúint ar an Láthair Oibre, trí mholtaí a lorg ón bpobal agus déanfaimid éascú ar na tionscnaimh bhreise a chuireann FÁS i bhfeidhm sa réimse sin, ag baint feidhme as maoiniú ESF agus as maoiniú ón gCiste Náisiúnta Oiliúna.

2.2.2 Oibreimid le Ranna, le gníomhaireachtaí agus le grúpaí eile chun a chinntiú go gcuireann polasaí forbartha oiliúna san áireamh na riachtanais a bheadh de dhíth ar fhostaithe ar bheagán scileanna, chun go mbeidís infhostaithe agus cinnteoidimid go leanfaidh FÁS agus Skillnets orthu ag forbairt clár atá dírithe ar oibríthe ar bheagán scileanna.

Oiliúint agus tacaí do dhaoine faoi mhíchumas

CUSPÓIR

2.3 Feabhas a chur ar thacaí oiliúna agus fostaíochta do dhaoine faoi mhíchumas.

BEARTA STRAITÉISEACHA

2.3.1 Forbróimid agus cuirfimid i bhfeidhm an scéim nua ag FÁS a thacaíonn le daoine faoi mhíchumas glacadh le fostaíocht lánaimseartha (Scéim Tacaíochta Fostaíochta Lánaimseartha).

2.3.2 Oibreimid i gcomhpháirt le páirtithe leasmhara lárnacha eile ag forbairt Plean Earnála don Roinn, mar atá sonraithe sa Bhille Míchumais 2004.

2.3.3 Déanfaimid iniúchadh ar an scóip atá ann cur le feacht fostaíochta maidir le daoine faoi mhíchumas mar acmhainn sa mhargadh fostaíochta. Gairmoideachas agus Oiliúint ag leibhéal an AE (Vocational Education and Training at EU level)

Gairmoideachas agus Oiliúint ag Leibhéal an AE

CUSPÓIR

2.4 Glacfaimid páirt, i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, i bhforbairt ar pholasaí AE chun a chinntiú go mbíonn páirt i bhfad níos mó ag gairmoideachas agus oiliúint i gclár oibre Liospóin.

BEARTA STRAITÉISEACHA

2.4.1 Oibreimid ar chur i bhfeidhm na moltaí ar Ghairmoideachas agus Oiliúint a sonraíodh i gCommuniqué Maastricht ó mhí na Nollag 2004.

2.4.2 Tacóimid le tionscnaimh chun cur níos mó le soghluaiseacht lucht oibre an AE, trí fhorbairt a dhéanamh ar an gCreat Oibre Cáilíochtaí Eorpacha agus ar bhearta trédhearcachta agus soghluaiseachta eile.

Tacaíocht do Dhaoine Dífhostaithe

CUSPÓIR

2.5 Daoine dífhostaithe agus neamhghníomhacha a mhealladh isteach sa mhargadh fostaíochta agus an ghluaiseacht sin a éascú trí réimse clár agus seirbhísí a sholáthar.

BEARTA STRAITÉISEACHA

2.5.1 Leanfar le cur i bhfeidhm ar an Straitéis Choisctheach, mar a phléann FÁS le daoine dífhostaithe. Déanfaimid na moltaí a mheas a rinneadh le déanaí in athbhreithniú ar an straitéis sin, d'fhonn cur le héifeacht an phróisis.

2.5.2 Leanfaimid ag cur réimse clár fostaíochta agus oiliúna ar fáil chun cuidiú leis na rannpháirtithe fillleadh ar obair nó tosú ag obair.

Straitéis Fostaíochta na hEorpa

CUSPÓIR

2.6 Páirt a ghlacadh sa chéad chéim eile i Straitéis Fostaíochta na hEorpa, a rachaidh i bhfeidhm ar an gClár um Leasuithe Náisiúnta, le béim ar leith ar chruthú fostaíochta agus ar fhorbairt ar lucht oibre atá oile agus solúbtha.

BEARTA STRAITÉISEACH

2.6.1 Glacfaimid páirt, ag leibhéal an AE in obair na Comhairle Fostaíochta Polasaí, Sóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí (ESPHCA) agus le grúpaí ábhartha eile, an Coiste Fostaíochta san áireamh, ionas go mbíonn polasaithe agus spriocanna na Roinne léirithe i bpolasaithe an AE. Cuirfear gné fostaíochta an Chláir um Leasuithe Náisiúnta i gcrích ar bhonn bliantúil agus cuirfear é faoi bhráid Choimisiún na hEorpa mar chuid de na socrúithe tuairiscithe ar chlár oibre Liospóin.

Oibríthe oile ó lasmuigh den EEA

CUSPÓIR

2.7 Polasaí a chur i bhfeidhm chun réimse ionstraimí a sholáthar, d'fhonn éascú a dhéanamh ar lucht oibre oile ó lasmuigh den Limistéar Eacnamaíoch Eorpach, nuair nach féidir teacht ar na scileanna riachtanacha trí ghnáth-earcú ná trí oiliúint.

BEARTA STRAITÉISEACH

2.7.1 Cuirfimid i bhfeidhm forálacha an Bhille um Cheadanna Fostaíochta, atá le hachtú i 2005, chun córas Ceadanna Fostaíochta cuimsitheach a chur ar bun. Foilseoidimid páipéar polasaí ar na scileanna ar leith atá de dhíth ar Éire tar éis mhéadú an AE, ag cur na sruthanna imirceach ó Bhallstáit nua san áireamh.

Ceadanna Fostaíochta

CUSPÓIR

2.8 Feabhas a chur ar leibhéal na seirbhíse custaiméara, d'iarratasóirí ar Cheadanna Fostaíochta.

BEARTA STRAITÉISEACH

2.8.1 Lorgóimid áis ar-líne d'iarratais ar Cheadanna Fostaíochta ar leith agus bainfimid fónamh as an líon níos lú

iarratas de bharr mhéadú an AE, agus cuirfear eolas níos fearr agus leibhéal seirbhíse níos pearsanta ar fáil dár gcustaiméirí.

Caiteachas agus Gníomhaíochtaí ag FÁS

CUSPÓIR

2.9 Monatóireacht a dhéanamh ar éifeacht chaiteachas agus ghníomhaíochtaí FÁS chun cuspóirí na Roinne ar oiliúint straitéiseach agus ar an margadh fostaíochta a chur i bhfeidhm.

BEARTA STRAITÉISEACHA

2.9.1 Déanaimid maoirseacht agus leithdháileadh ar acmhainní airgeadais do ghníomhaíochtaí FÁS agus cinnteoidimid go dtacaíonn siad le cuspóirí straitéiseacha na Roinne.

2.9.2 Déanfaimid monatóireacht ar ghníomhaíochtaí FÁS agus ar a bhfuil baint amach aige, lena chinntiú go bhfuil an ghníomhaireacht ag baint amach a treoirlínte um rialú straitéiseach agus corparáideach ar aon.

Sonraí an Mhargaidh Fostaíochta

CUSPÓIR

2.10 Sonraí ábhartha agus reatha ar an margadh fostaíochta a sholáthar a chuirfidh eolas ar fáil chun tacú le forbairt ar pholasaithe agus ar thionscnaimh a bhaineann leis an margadh fostaíochta.

BEARTA STRAITÉISEACH

2.10.1 Ullmhóimid agus nua-shonróimid sonraí margaidh fostaíochta, trí mhion-anailís a dhéanamh ar thuarascálacha eacnamaíochta agus trí staitisticí a bhaineann le treochtaí fostaíochta/difhostaíochta a thiomsú.

Ciste Sóisialta na hEorpa

CUSPÓIR

2.11 A chinntiú go mbaintear an úsáid is fearr as na hacmhainní atá ar fáil ó Chiste Sóisialta na hEorpa (ESF) do chlár 2000-2006 a thacaíonn le tionscnaimh sa mhargadh fostaíochta.

BEARTA STRAITÉISEACH

2.11.1 Déanfaimid monatóireacht ar chaiteachas ESF faoi chlár ábhartha agus déanfaimid ár ndícheall an úsáid is fearr a bhaint as acmhainní ESF.

Ceapadh Cláir ESF 2007-2013

CUSPÓIR

2.12 Cláir ESF a thionscnamh, don tréimhse 2007-2013, laistigh de threoirlínte an AE agus de threoirlínte náisiúnta - cláir a chuireann leis an bhforbairt ar chaipiteal daonna agus a chuireann le rannpháirtíocht i bhfostaíocht.

BEARTA STRAITÉISEACH

2.12.1 Forbróimid clá(i)r ESF don tréimhse 2007-2013, i gcomhar le páirtithe leasmhara lárnacha, a rachaidh i ngleic le tacaí riachtanacha oiliúna agus/nó fostaíochta aitheanta sa mhargadh fostaíochta, ag teacht le rialacháin ábhartha AE.

Idirphlé Sóisialta

CUSPÓIR

2.13 Dul chun cinn a dhéanamh ar an idirphlé ag leibhéal an AE, ag leibhéal náisiúnta agus ag leibhéal fiontar.

BEARTA STRAITÉISEACHA

2.13.1 Glacfaimid páirt sa phróiseas idirphlé sóisialta ag leibhéal an AE agus ag an leibhéal náisiúnta;

2.13.2 Feidhmeoidimid go gníomhach chun ionadaíocht na Roinne a chur in iúl sa phróiseas comhpháirtíochta sóisialta náisiúnta, mar a n-áireofar idirbheartaíocht i *Sustaining Progress* agus sa chomhaontú a thiocfaidh i gcomharba air;

2.13.3 Cuirfimid i bhfeidhm na forálacha ábhartha as *Sustaining Progress* agus as aon Chomhaontú a thagann i gcomharba air, laistigh den tréimhse ama riachtanach;

2.13.4 Cuirfimid i bhfeidhm moltaí ón bhFóram um Ionad Oibre na Todhchaí.

Réiteach reachtach, comhlíonta agus díospóide

CUSPÓIR

2.14 Forálacha um réiteach reachtach, comhlíonta agus díospóide a sholáthar sa réimse cearta fostaíochta, sláinte agus sábháilteacht san áireamh, agus sa chaidreamh tionsclaíoch.

BEARTA STRAITÉISEACHA

2.14.1 Tabharfaimid isteach forálacha éifeachtacha reachtacha chun trasuí a dhéanamh ar dhualgais AE agus ILO.

2.14.2 Cuirfidimid i bhfeidhm, mar is gá, gealltanais a eascraíonn as Comhpháirtíocht Shóisialta nó a chuirfeadh san áireamh an timpeallacht chaidrimh thionsclaíoch atá ag teacht chun cinn.

2.14.3 Déanfaimid athbhreithniú ar Threoir an AE ar Uaireanta Oibre, i gcomhar le Ballstáit eile agus i gcomhchomhairle le Ranna Rialtais agus Páirtithe Sóisialta ábhartha eile.

2.14.4 Comhdhlúthóimid an corpas dlí fostaíochta atá ann agus forbróimid moltaí, i gcomhar leis na páirtithe leasmhara, maidir leis na struchtúir agus leis na gnásanna atá ag eagraíochtaí cearta fostaíochta.

2.14.5 Feabhsóimid an comhlionadh ar reachtaíocht chearta fostaíochta trí athbhreithniú a dhéanamh ar ghnásanna agus trí mholtaí a chur faoi bhráid an Rialtais.

2.14.6 Déanfaimid achtú ar an reachtaíocht nua Sláinte agus Sábháilteachta agus ina dhiaidh sin déanfaimid nua-shonrú ar na rialacháin ghaolmhara um fheidhmiú ginearálta, chomh maith le rialacháin sainearnála eile.

2.14.7 Forbróimid treoirlínte do gach beart a bhaineann le sábháilteacht, sláinte agus leas ceirde.

2.14.8 Leanfaimid an tAthbhreithniú ar Shainúdarás agus Acmhainní na Cigireachta Oibreachais.

2.14.9 Déanfaimid athbhreithniú ar sholáthar seirbhíse an Bhinse Achomhairc Fostaíochta.

Táscairí Feidhmíochta

Rátaí fostaíochta agus dífhostaíochta.

Infheistiú na Roinne i scéimeanna oiliúna do dhaoine fostaíthe agus dífhostaithe.

An líon cliant ag Seirbhís Fostaíochta FÁS (daoine atá ag lorg poist agus daoine a tharchuirtear ón bPlean Gníomhaíochta um Fhostaíocht) a fhaigheann post nó a ghlacann páirt in oideachas/oiliúint, i gcomparáid le 2004.

An líon laethanta stailce agus an líon stailceanna.

Feabhas a chur ar chearta fostaíochta agus ar theidlíochtaí trí fhorálacha éifeachtacha reachtacha a thabhairt isteach laistigh den tréimhse ama riachtanach.

Céatadán na ngearán faoi chearta fostaíochta a imscrúdaítear agus a chuirtear i gcrích laistigh de 4 mhí.

Líon agus céatadán na ndíospóidí ar chearta fostaíochta agus ar chaidreamh tionsclaíoch a réitítear trí mheán institiúidí fostaíochta agus institiúidí caidrimh thionsclaíoch.

Céatadán na gCinntí EAT a chuirtear ar ceal.

Cur i láthair níos simplí ar dhlí fostaíochta.

Laghdú ar an ráta tionóiscí (a bhfuil bás nó gortú mar thoradh orthu) ag obair in aghaidh gach 10,000 oibrí.

GALLÁN 3 Feabhas a chur ar Fheidhmiú Margái agus ar Rialú

ANAILÍS TIMPEALLACHTA

Ginearálta

Sainmhíonann agus forordaíonn dlí na hÉireann na dualgais reachtúla atá ar fhiontair ghnó i leith grúpa éagsúil de pháirtithe leasmhara - fostóirí, scairshealbhóirí, creidiúnaithe, soláthraithe, tomhaltóirí agus iomaitheoirí ina measc. An cuspóir atá i gceist ná ardchaighdeán sa rialú corparáideach agus margáí éifeachtacha iomaíocha a chur chun cinn agus leasa tomhaltóirí a chosaint. Cuireann an polasaí seo le hiomaíochas náisiúnta, trí shuíomh slán agus cobhsaí a sholáthar d'infheistiú, do thrádáil agus d'idirbhearta gnó agus tomhaltóra.

San am a chuaigh thart, bhí an geilleagar uiresach ó thaobh iomaíochta de, ní raibh leibhéal maith comhlionta ar riachtanais dlí fostaíochta ann agus níor tugadh tús áite mar is cóir don tomhaltóir. Cibé scéal é, tá feabhas mór tagtha ar an timpeallacht rialaitheach a bhuíochas le hathruithe suntasacha polasaí le blianta beaga anuas. An dúshlán atá romhainn anois ná rialú go héifeachtach ach fós féin costais agus ualaigh neamhriachtanacha a sheachaint a rachadh i gcion ar an iomaíochas foriomlán.

Polasaí Iomaíochta

Cuspóir an pholasaí iomaíochta ná tacú le forbairt agus le rathúnas gnóthai trí dheireadh a chur le hiallaigh gan bharántas ar iomaíocht. Bainfear é sin amach trí ráthaíocht a thabhairt go mbeidh teacht ar mhargáí agus trína chinntiú go bhfeidhmíonn na margáí sin go héifeachtach agus go cóir. Téann iomaíocht éifeachtach chun sochair an tomhaltóra freisin, trí rogha earraí agus seirbhísí a sholáthar ag réimse praghsanna.

Thug an tAcht Iomaíochta 2002 cumhachtaí agus feidhmeanna an Údaráis Iomaíochta suas chun dáta. Chomh maith leis sin, mar thoradh ar rialacha nua AE, ó 1 Bealtaine 2004, glacann údaráis náisiúnta páirt níos mó i bhforfheidhmiú agus i bhfeidhmiú dlí iomaíochta Pobail.

Cuireadh go mór le hacmhainní an Údaráis Iomaíochta, le blianta beaga anuas, chun an ról nua sin a chomhlánú. Mar sin féin, cuireann feidhmíocht láidir eacnamaíoch na hÉireann béim ar an ngá atá ann eagraíocht um fhorfheidhmiú iomaíochta a chur ar bun a mbeadh dóthain acmhainní ar fáil di, agus is gá athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar na hacmhainní atá ar fáil don Údarás Iomaíochta.

Chuir an tÚdarás staidéar i gcrích le déanaí ar an tionscal bÁCála agus rinne sraith moltaí maidir le cur le hiomaíocht san earnáil sin. Tá staidéir eile idir lámha ag an Údarás ar earnálacha eile ar nós na hearnála árachais agus gairmeacha eile. A luaithe is a chuirtear i gcrích na staidéir sin, déanfar na moltaí a mheas agus déanfar beart dá réir, más cuí, thar tréimhse na straitéise seo.

Polasaí Tomhaltóirí

An cuspóir atá le polasaí tomhaltóirí ná eolas a sholáthar do thomhaltóirí a bheadh riachtanach dóibh má tá siad chun cinntiú eolacha a dhéanamh, chun cosaint a thabhairt dóibh ar thrádálaithe neamhscrupallacha agus chun ráthaíocht a thabhairt dóibh go léireofar leasa an tomhaltóra sa phróiseas déanta cinnidh agus sa phróiseas forfheidhmithe.

Sháraigh boilsciú phraghas tomhaltóra na hÉireann an meán don limistéar AE15 le seacht mbliana anuas. Sa tréimhse ceithre bliana go dtí Bealtaine 2004, mhéadaigh meán-phraghas earraí agus seirbhísí Éireannacha 22% i gcoibhneas lenár bpáirtithe trádála. Idir 2001 agus 2002 d'éirigh le hÉirinn dul chun tosaigh ar an mBreatain agus ar an tSualainn, chun áit a ghlacadh ar an tríú tír is costasaí san AE d'earraí agus do sheirbhísí (ní raibh ach An Danmhairg agus an Fhionlainn chun tosaigh orainn). Faoi 2003 bhí Éire beagnach inchurtha leis an bhFionlainn, a bhí ar an tír is costasaí i limistéar na hEorpa d'earraí agus do sheirbhísí. De réir ráiteas 2004 an Údaráis Iomaíochta ar Phraghsanna agus ar Chostais, fuarthas go bhféadfadh an luasghéarú ar bhoilsciú phraghas tomhaltóra na hÉireann, le cois laghdú ar luach an dollar i gcoinne an euro, meathlú níos mó a dhéanamh ar chost-iomaíochas na hÉireann, rud a bheadh baolach d'fhostaíocht agus do chaighdeán mhaireachtála.

Spreag sé sin athbhreithniú ar dhlíthe tomhaltóirí atá ann cheana féin agus forbairt ar straitéis láidir a thabharfadh cosaint agus a chuirfeadh chun cinn leasa tomhaltóirí. Chomh maith leis sin, caithfear aghaidh a thabhairt ar na laigí atá ann sna struchtúir ionadaíocha agus abhcóideachta.

Cé gur tháinig an chuid is mó den reachtaíocht tomhaltóirí ón AE, d'fhorbair roinnt mhaith de na dlíthe intíre ar bhealach scaipthe le breis is céad bliain. Tá formhór ar ndlíthe intíre as dáta anois agus caithfear iad a athchóiriú. Is dlíthe iad atá ilghnéitheach agus toirtiúil agus comhdhéanta de reachtaíocht éagsúil phríomha agus thánaisteach. Mar thoradh ar sin níl an pobal ar an eolas faoi chearta tomhaltóirí agus faoi na dualgais atá ar ghnóthai.

Cuireadh an Grúpa Straitéise Tomhaltóirí ar bun i mí an Mhárta 2004 chun comhairle a chur agus moltaí a dhéanamh ar an bhforbairt ar pholasáí náisiúnta tomhaltóirí. Chomh maith leis sin, tá an Roinn páirteach i mór-athbhreithniú atá á dhéanamh ar an gcorpas reachtaíochta atá ann cheana féin, d'fhonn a chinntiú go bhfreastalaíonn an reachtaíocht sin ar riachtanais tomhaltóirí agus go leagtar amach í go cuimsitheach agus go sothuigte.

Dlí Cuideachtaí (Company Law)

GINEARÁLTA

Tá feabhas mór tagtha ar chomhlíonadh ar dhlí cuideachtaí le blianta beaga anuas mar thoradh ar leasuithe suntasacha reachtacha agus institiúideacha, go háirithe:

- achtú ar an Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí 2001 agus ar Acht na gCuideachtaí (Iniúchadh agus Cuntasaíocht) 2003;
- Breis acmhainní chun a chinntiú gur féidir le cuideachtaí a ndualgais comhdaithe leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí a chomhlíonadh agus níos mó piónós don neamhchomhlíonadh;
- forfheidhmiú réamhghníomhach ar fhorálacha dlí cuideachtaí trí Oifig an Stiúrtóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach a chur ar bun agus acmhainní a sholáthar don Oifig sin.

Ina theannta sin bunófar go foirmiúil an comhlacht maoirseachta nua, Údarás Maoirseachta, Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann (IAASA) agus tosóidh sé ag feidhmiú i 2005. Beidh sainúdarás aige maoirseacht a dhéanamh ar ghairmeacha iniúchta agus cuntasaíochta in Éirinn thar tréimhse na straitéise seo.

I gcomhthéacs béim níos mó anois ar leas poiblí agus ar infheistiú sa réimse seo, is gá monatóireacht a dhéanamh ar an bpróiseas chun feabhas a chur ar chaighdeán um rialú corparáideach in Éirinn thar tréimhse an ráitis straitéise seo.

COMHDHLÚTHÚ AGUS ATHCHÓIRIÚ

Faoi láthair tá leasú mór sa tsiúl ar dhlí cuideachtaí ag leibhéal intíre, agus is dócha gurb é seo an clár um leasú rialaitheach is mó ar tugadh faoi riamh in Éirinn. Déanfaidh an Bille Comhdhlúite agus Athchóirithe Dlí Cuideachtaí comhdhlúthú, ath-struchtúru, simpliú agus nuachóiriúar dhlí cuideachtaí in Éirinn. An cuspóir atá leis ná creat dlíthiúil a bhronnadh ar ghnóthaí Éireannacha agus déanann sé soláthar:

- d'fheidhmíocht an mhargaidh;
- d'éifeachtacht rialaitheach; agus
- do shástacht na bPáirtithe Leasmhara.

An ghné is nuálaí sa phróiseas leasaithe seo ná go bhfuil na páirtithe go léir rannpháirteach ann (ceapaitheoirí cinntí, 8Rialtóirí, gnóthaí agus comhlachtaí gairmiúla), ag feidhmiú tríd an nGrúpa Athbhreithnithe Dlí Cuideachtaí, ag baint úsáide as an gcód cuideachtaí simplithe.

De réir an Bhille beidh an chuideachta phríobháideach ar an sórt cuideachta caighdeánach. Comhnascfaidh an Bille an dá bhonn dhlíthiúla shoiléire a bhaineann le reachtanna dlí in Éirinn lena chéile: dlí intíre agus dlí AE. Cuirfidh an Bille san áireamh chomh maith Plean Gníomhaíochta Seirbhísí Airgeadais an AE agus na cleachtais idirnáisiúnta is fearr i rialú corparáideach.

Is iad na gnóthaí beaga príobháideacha is mó a bhainfidh tairbhe as an simpliú seo toisc go laghdófar ar líon na ndualgas agus na ngnáthamh a chaithefear a chomhlíonadh agus go gcuirfear feabhas ar éifeachtacht agus ar ghnóthachain costais dá réir

SEIRBHÍSÍ AIRGEADAIS (STRUCHTÚR DLÍTHIÚIL DON TIONSCAL CISTÍ)

Tá Éire anois aitheanta ar cheann de phríomh-shuímh an domhain do réimse seirbhísí airgeadais a úsáidtear sa trádáil idirnáisiúnta, ina measc sin tá baincéireacht, maoiniú sócmhainní, bainistiú cistí, bainistiú infheistíochta, cumhdach agus riarachán agus oibríochtaí saináracháis. I limistéar Bhaile Átha Cliath tá 12,000 duine fostaithe go díreach sna seirbhísí airgeadais idirnáisiúnta, an IFSC san áireamh, agus de bhreis air sin tá 5,500 duine fostaithe i seirbhísí dá leithéid timpeall na tíre. As an méid sin tá os cionn 5,000 díbh siúd ag plé le Cistí. Cé nach raibh mórán reachtaíochta ar fáil don tionscal Cistí ar dtús, cuireadh reachtaíocht dá leithéid i bhfeidhm le blianta beaga anuas agus tá an dlí reatha thuas chun dáta anois. Cé go bhfuil gá le rialúcháin chuí, caithfear solúbthacht áirithe a sholáthar sa tionscal Cistí ionas gur féidir le hÉirinn a tús áite feabhais a choinneáil i soláthar seirbhísí airgeadais, go háirithe an IFSC atá chun tosaigh sa mhargadh iomaíoch domhanda.

Aontas Eorpach

Bíonn tionchar ag forbairtí ag leibhéal an AE agus ag forbairtí idirnáisiúnta, go háirithe scannail/teipeanna móra corparáideacha sna Stáit Aontaithe agus le déanaí san Eoraip, ar dhlí cuideachtaí, ar rialú corparáideach, ar chuntasaíocht, ar iniúchadh agus ar sheirbhísí airgeadais. Príomh-chuspóir na n-athruithe sin ná muinín an infheisteora a aisghabháil, cosaint níos fearr a thabhairt do leasa an infheisteora agus do leasa na bpáirtithe leasmhara eile ar imigh na scannail sin i gcion orthu agus soláthar a dhéanamh do mhargáí caipitil níos éifeachtaí ar fud an AE, trí níos mó riachtanais nochta agus trédhearcachta a chur i bhfeidhm, níos mó cuntasachta a lorg ó baill Bhoird agus ó bhainistiócht shinsearach agus socruithe forfheidmithe níos fearr a bheith ann.

Glacadh le réimse leathan reachtaíochta agus moltaí AE sna réimsí sin le dhá bliain anuas; roinnt acu atá á dtrasaí go dlí na hÉireann faoi láthair agus roinnt eile a ndéanfar a thrasaí thar an gcéad trí bliana eile.

Ina theannta sin, tiocfaidh bearta eile chun cinn ón réimse leathan tionscnamh a sonraítear i bPlean Gníomhaíochta an Choimisiún ar Rialú Corparáideach agus ar Dhlí Cuideachtaí a foilsíodh i 2003. Go deimhin, forbraíodh roinnt de na tionscnaimh ghearrthréimhseacha a moladh sa Plean Gníomhaíochta agus táid ag céimeanna éagsúla idirbheartaíochta leis an gComhairle AE faoi láthair.

Dá bhrí sin, thar an gcéad chúpla bliain eile, beidh tionchar substainteach ag forbairtí seachtracha ar an timpeallacht rialaitheach anseo agus déanfaidh an Roinn a dícheall é sin a bhainistiú go héifeachtach.

Athchóiriú Árachais

Toisc méaduithe suntasacha i bprémheanna árachais agus árachóirí a bhí ag diúltú meastacháin a thabhairt, tá gealltanais tugtha i gClár Comhaontaithe an Rialtais dul i ngleic le costais árachais. I gcomhthéacs an róil a bhíodh ag an Roinn seo mar rialtóir árachais, ghlacamar páirt lárnach i gClár Athchóirithe Árachais an Rialtais. Cé go gcuireann dlí AE cosc ar rialtais idirghabháil a dhéanamh maidir le prémheanna árachais nó maidir le rioscaí a fhrithgheallann árachóirí, is í aidhm an chláir seo ná feabhas a chur ar fheidhmiú an mhargaidh árachais, costais soláthar cúitimh a laghdú agus imscrúdú a dhéanamh ar iomaíochas sa mhargadh chun éascú a dhéanamh ar laghdú prémheanna do thomhaltóirí agus do ghnóthai. Mar chuid den chláir seo cuirfear i bhfeidhm réimse bearta ar nós sábháilteacht ar na bóithre, feabhsúcháin sa phróiseas dlíthiúil agus cothromaíocht a bhaint amach idir maoirseacht stuama agus cosaint don tomhaltóir. Ag croilár an chláir athchóirithe tá moltaí Bhord Comhairleach um Árachas Gluaisteán (MIAB) agus Plean Gníomhaíochta MIAB.

Cuirfidh an Clár Athchóirithe Árachais go mór le laghdú na bprémheanna árachais. Léiríonn staitisticí ó Innéacs Praghsanna do Thomhaltóirí an CSO gur laghdaigh prémheanna árachais gluaisteán 19.2% idir Aibreán 2003 agus Deireadh Fómhair 2004.

Chuir bearta athchóirithe a rinneadh le déanaí freisin le dea-fheidhmiú an mhargaidh árachais, le brabúsacht feabhsaithe agus le mealladh ar roinnt mhaith iomaitheoirí nua.

I ndiaidh bhunú Údarás Rialála Seirbhísí Airgeadais na hÉireann (IFSRA), a dhéanann rialú anois ar árachas, agus toisc aistriú fhreagracht na Roinne seo i leith costas agus soláthar árachas gluaisteán, tá deireadh tagtha le ról na Roinne seo sa Chlár Athchóirithe Árachais, seachas an bhaint atá againn leis an mBord Measúnachta Díobhála Pearsanta (PIAB). An príomh-fhócas a bheidh ag an Roinn as seo amach i ndáil le hárachas ná ar bpáirt in iomaíochas agus iomaíocht (i gcomhar leis an Údarás Iomaíochta).

Bhí bunú PIAB in Aibreán 2004 mar phríomh-thionscnamh sa Chlár Athchóirithe Árachais. A bhuiochas le PIAB laghdófar go suntasach na costais a bhaineann le soláthar

cúitimh, toisc go gcuirfear deireadh le costais dhlíthiúla nuair nach bhfuil gá le hidirghabháil dá leithéid. Cuirfidh PIAB measúnú níos gasta ar fáil, chun sochair na n-éilitheoirí.

Tá staidéar ar árachas idir lámha ag an Údarás Iomaíochta, i gcomhar leis an Roinn seo. Is í aidhm an staidéir sin ná cleachtas frith-iomaíochta nó srianta eile ar iomaíocht a aithint sa mhargadh árachais in Éirinn, seachas árachas saoil, ag tagairt go háirithe d'árachas gluasteán, d'árachas dliteanais fhostóra agus d'árachas dliteanais phoiblí. Foilsíodh tuarascáil dheiridh ag tús 2005, ina bhfuil moltaí dírithe ar dheireadh a chur le srianta gan bharántas sa réimse sin.

Cuireann na coinníollacha oibríochta nua sa mhargadh árachais go mór le mealltacht an mhargaidh d'iomaitheoirí nua. Tá fás ag teacht ar an margadh árachais. Tháinig méadú ar phrímheanna scríofa go dtí os cionn €4bhiliún i 2003, i gcomparáid le €2bhiliún i 1998. Mar a fhásann an geilleagar, fásfaidh an margadh árachais chomh maith. Cuirfidh iomaíocht ó iomaitheoirí nua, a mheallfar toisc coinníollacha feabhsaithe margaidh, go mór leis an laghdú atá ag teacht ar phrímheanna.

Tátail

Seo a leanas achoimre ar na príomh-ghnéithe a bhainfidh leis an timpeallacht rialaitheach ghnó don chéad trí bliana eile. Tá dúshláin shubstainteacha i ndán dúinn agus ní dócha go maolóidh siad. In ainneoin an dul chun cinn suntasach le cúpla bliain anuas, tá fadhbanna suntasacha fós ag baint le feidhmiú margáí d'earraí agus do sheirbhísí in Éirinn. I measc na bhfadhbanna sin tá leibhéil iomaíochta uireasacha, srianta rialaitheacha agus taimhe shuntasach an tomhaltóra. Ó thaobh dlí cuideachtaí de, cé go bhfuil feabhas ag teacht ar leibhéil chomhlíonta, níl rialú corparáideach sa tír seo mar ba chóir dó a bheith go fóill. Dá bhrí sin is gá forfheidhmiú éifeachtach a dhéanamh ar riachtanais rialaitheacha reatha i réimsí iomaíochta, tomhaltóirí agus dlí cuideachtaí.

Níl an córas rialaitheach 'reatha' statach faoi láthair. Tá sé de shíor ag athrú agus ag forbairt, go háirithe sa réimse dlí cuideachtaí. Sa réimse sin, caithfear an-chuid trasuí reachtach a chur i gcrích thar an gcéad trí bliana eile díreach le gealltanais AE reatha a chomhlíonadh. Chomh maith leis sin, caithfear tabhairt faoi idirbheartaíocht AE ar shaincheisteanna reatha agus ar thionscnaimh nua. Is gá fuadar a choinneáil faoi leasú dlí cuideachtaí intíre ionas gur féidir soláthar a dhéanamh do riachtanais reachtacha an tionscail Chistí agus chun gur féidir luas a chur le cur i bhfeidhm an Bhillé Comhdhlúite agus Athchóirithe Dlí Cuideachtaí. Cuireadh tús le tionscadal Dlí Cuideachtaí uailmhianach eile, a dhíreoidh go príomha ar riachtanais a chomhlíonadh atá sonraithe i dTreoir an AE ar Chleachtas Tráchtála Éagothroma, nuair a ghlactar leis.

SPRIOCANNA

- IX** A chinntiú go ndéanann an córas rialaitheach reatha soláthar ar mhargaí éifeachtacha agus iomaíocha le hardchaighdeán um rialú corparáideach agus cosaint tomhaltóra.
- X** Forbairt sa bhreis a dhéanamh ar an gcreat reachtach, leis na cleachtais rialaitheacha is fearr san áireamh, go háirithe prionsabail an rialaithe níos fearr.
- XI** Laghdú ar an gcostas atá ar chúiteamh a sholáthar agus próiseáil níos gasta ar éilimh dhíobhála pearsanta, d'fhonn feabhas a chur ar fheidhmiú an mhargaidh árachais chun sochair tomhaltóirí agus gnóthaí.

CUSPÓIRÍ AGUS BEARTA STRAITÉISEACHA

An tÚdarás Iomaíochta

CUSPÓIR

3.1 A chinntiú go bhfuil dóthain acmhainní ag an Údarás Iomaíochta agus cuidiú leis a mhisean a chomhlíonadh.

BEARTA STRAITÉISEACH

3.1.1 Cuideoidimid leis an Údarás forleathnú a dhéanamh ar a Rannóg Cumasc chun freastal ar an éileamh méadaithe agus déanfaimid athbhreithniú leanúnach ar sholáthar foirne agus ar mhaoiniú an Údarais sa todhchaí.

Iomaíocht in earnálacha foscaithe

CUSPÓIR

3.2 Cuirfimid deireadh le srianta ar iomaíocht agus osclóimid earnálacha foscaithe sa gheilleagar.

BEARTA STRAITÉISEACHA

3.2.1 Déanfaimid anailís ar na forálacha rialaitheacha reatha atá ann a chuireann srian ar iomaíocht agus déanfaimid moltaí maidir le rialacháin nó reachtaíocht nua, d'fhonn deireadh a chur le haon srian ar iomaíocht atá ann nach bhfuil gá leis.

3.2.2 Cuirfimid feabhas ar ról na hiomaíochta agus ar pholasáí tomhaltóirí chun deireadh a chur le srianta ar iomaíocht agus osclóimid earnálacha foscaithe sa gheilleagar.

Polasáí Tomhaltóirí

CUSPÓIR

3.3 Polasáí tomhaltóirí nua a cheapadh agus a chur i bhfeidhm, ag teacht leis na cleachtais idirnáisiúnta is fearr agus bunaithe ar chreat institiúideach agus reachtach nua-aimseartha.

BEARTA STRAITÉISEACHA

3.3.1 Forbróimid polasáí tomhaltóirí nua agus na struchtúir tacaíochta a ghabhann leis, a bheidh dirithe ar chothú agus ar chosaint leasa tomhaltóirí, bunaithe ar obair an Ghrúpa Straitéise Tomhaltóirí.

3.3.2 Cuirfimid chun cinn athbhreithniú ar an reachtaíocht reatha tomhaltóirí, chun a chinntiú go bhfuil dlí tomhaltóirí

níos sothuigte agus go bhfreastalaíonn sé ar riachtanais tomhaltóirí.

Dlí Cuideachtaí & Gníomhaireachtaí Rialaitheacha

CUSPÓIR

3.4 Comhoibriú agus tacú leis an CRO, an Rialtóir ar Sheribhísí Airgeadais, an Stiúthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus an IAASA (nuair a chuirtear ar bun go foirmiúil é) agus monatóireacht a dhéanamh orthu, d'fhonn ardchaihdeáin sa rialú corparáideach a bhaint amach.

BEARTA STRAITÉISEACHA

3.4.1 Cuirfimid i bhfeidhm Acht na gCuideachtaí (Iniúchadh agus Cuntasaíocht) 2003, go háirithe bunú Údarás Maoirseachta, Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann (IAASA) ar bhonn reachtúil, chomh luath agus is féidir.

3.4.2 Forbróimid, i gcomhchomhairle leis na gníomhaireachtaí rialaitheacha, an Tuarascáil Bhliantúil Cuideachtaí, foilseachán a bheidh mar áis mhonatóireachta agus tuairiscithe ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ar an dá ard-spríoc sa réimse Dlí Cuideachtaí.

3.4.3 Déanfimid dul chun cinn ar chóras bearta don chomhlíonadh rialaitheach (agus don neamh-chomhlíonadh), i gcomhchomhairle le gníomhaireachtaí rialaitheacha chun gur féidir monatóireacht agus tuairisciú ar Spríoc a haon thuas.

Creat oibre reachtúil na gcuideachtaí don tionscal seirbhísí airgeadais

CUSPÓIR

3.5 Creat reachtach solúbtha a sholáthar d'fheithiclí corparáideacha a úsáidtear i dtionscal na seirbhísí airgeadais. Cuirfidh sé seo le hiomaíochas na hÉireann mar go mbeidh sí mar áit níos tarraingtí, cuideachtaí seirbhísí airgeadais a bhunú.

BEARTA STRAITÉISEACHA

3.5.1 Soláthróimid creat reachtach d'fheithicil nua infheistíochta ciste (an Ciste Conarthach Comónta neamh-UCITS); le dliteanais scagtha agus tras-infheistiú do chuideachtaí infheistíochta.

3.5.2 Forbróimid moltaí maidir le chomhdhlúthú ar fhorálacha reachtacha a bhaineann le gach cuideachta infheistíochta.

Reachtaíocht an AE ar Dhlí Cuideachtaí

CUSPÓIR

3.6 Glacfaimid páirt in obair reachtach na Comhairle agus an Choimisiúin AE ar dhlí cuideachtaí, d'fhonn an margadh inmheánach a dhaingniú agus a fhorbairt.

BEARTA STRAITÉISEACHA

3.6.1 Achtóimid clár reachtaíochta cuideachtaí príomha agus tánaisteach a bheadh oiriúnach chun soláthar a dhéanamh do reachtaíocht nua AE, ina mbeadh:

- Reacht um Chuideachta Eorpach;
- Reacht um Chomharchumann Eorpach;
- Leasuithe ar an gCéad Treoir Dlí Cuideachtaí;
- Treoir um Dhéileáil Chosistigh agus Ionramháil Margaidh (Mí-úsáid Margaidh);
- Rialachán Idirnáisiúnta ar Chaighdeáin Chuntasaíochta;
- Treoracha maidir le nuachóiriú ar Chuntasaíocht, Réamheolairí, Tátchceangail agus Dualgais Trédhearcachta.

3.6.2 Glacfaimid páirt san idirbheartaíocht ar bhearta atá faoi bhráid na Chomhairle AE faoi láthair agus ar bhearta a moladh sa Phlean Gníomhaíochta um Rialú Corparáideach/um Dhlí Cuideachtaí, thar an gcéad trí bliana eile.

An tAcht Comhdhlúite agus Athchóirithe Dlí Cuideachtaí

CUSPÓIR

3.7 Feidhmiú ar mholtaí ar Acht Chomhdhlúite agus Athchóirithe Dlí Cuideachtaí, a d'eascair as obair an Ghrúpa Athbheithnithe Dlí Cuideachtaí.

BEARTA STRAITÉISEACH

3.7.1 Cuirfimid Scéim Ghinearálta an Bhille Comhdhlúite agus Athchóirithe faoi bhráid an Rialtais i 2005, d'fhonn faomhadh a fháil agus é a fhoilsiú agus a achtú chomh luath agus is féidir.

Clár Athchóirithe Árachais

CUSPÓIR

3.8 Monatóireacht a dhéanamh ar an mBord nua-bhunaithe PIAB, agus cúnaimh a thabhairt dó a mhisean a chomhlíonadh.

BEARTA STRAITÉISEACHA

3.8.1 Feidhmeoidimid i dteannta an Bhoird Measúnachta Díobhála Pearsanta (PIAB) agus tabharfaimid tacaíocht dó feabhas a chur ar phróiseáil éilimh airgid mar chúiteamh ar dhíobháil phearsanta, d'fhonn feabhsúcháin bhuanseasmhacha a bhaint amach maidir le feidhmiú an mhargaidh árachais i gcoitinne, chun sochair tomhaltóirí agus gnóthaí.

3.8.2 Críochnóimid agus foilseoidimid staidéar ar an earnáil árachais i gcomhar leis an Údarás Iomaíochta i rith 2005. Táscairí Feidhmíochta (Performance Indicators) Clár ar an reachtaíocht nua phríomha agus thánaisteach a soláthar de réir na n-amscálaí a shonrófar i ngach Plean Gnó Bliantúil comhleantach ag tosú i 2005. Tomhas cainníochtúil agus cáilíochtúil a dhéanamh ar an méid a dhéanann an Bord Measúnachta Díobhála Pearsanta (PIAB) chun costais agus am seachadta ar chúiteamh airgid d'éilitheoirí a íslú.

Táscairí Feidhmíochta

Clár ar an reachtaíocht nua phríomha agus thánaisteach a soláthar de réir na n-amscálaí a shonrófar i ngach Plean Gnó Bliantúil comhleantach ag tosú i 2005.

Tomhas cainníochtúil agus cáilíochtúil a dhéanamh ar an méid a dhéanann an Bord Measúnachta Díobhála Pearsanta (PIAB) chun costais agus am seachadta ar chúiteamh airgid d'éilitheoirí a íslú.

GALLÁN 4 Seachadadh Gnó, Nuachóiriú & Fócas ar an gCustaiméir

ANAILÍS TIMPEALLACHTA

Faoi láthair tá breis is 1,000 duine fostaithe ag an Roinn. Mar a léirítear tríd síos an ráitis straitéise seo táimid tiomanta seirbhís den scoth a chur ar fáil dár gcustaiméirí seachtracha agus inmheánacha araon. Bunaímid ár ngnó laethúil ar na luachanna lárnacha seo a leanas: cothroime agus urraim, oscailteacht agus trédhearcacht, solúbthacht agus freagrúlacht, comhpháirtíocht agus comhchomhairle, freagracht, inspreagadh agus feidhmíocht, seirbhís agus gairmiúlacht.

I mí Feabhra 2005, rangaíodh an Roinn don tríú bliain as a chéile ar “cheann den 50 cuideachta is fearr in Éirinn chun feidhmiú ann mar fhostaí”¹⁵. Thairis sin, tháinig feabhas ar an rangú sin gach bliain. Cuireann rannpháirtíocht na Roinne sa chomórtas sin tuairisc tagarmharcála ar fáil dúinn, ionas gur féidir linn muid féin a chur i gcomparáid leis na heagraíochtaí is fearr san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach in Éirinn agus cuireann sé ar ár gcumas aghaidh a thabhairt ar shaincheistanna a chuireann foireann na Roinne faoinár mbráid. Toisc gur fheidhmiomar go dúthrachtach ar an gcaoi sin, chuireamar feabhas ar an mbealach ina ndéanann an Roinn a cuid gnó.

Tá Coiste Comhpháirtíochta thar a bheith gníomhach ag an Roinn, agus dá thoradh sin is féidir leis na bhfoireann, le ceardchumann agus leis an mbainistíocht comhfhreagracht a ghlacadh maidir le dúshlán an nuachóirithe agus a chinntiú go dtugtar tús áite don chlár oibre athruithe.

NUACHÓIRIÚ AGUS ATHRÚ

Sonraíodh sa Tionscnamh um Bhainistíocht Straitéiseach (SMI), a seoladh i 1994, an clár oibre athruithe don státseirbhís in Éirinn. D'fhorbair “Delivering Better Government”, a foilsíodh i mí Bealtaine 1996, an creat oibre a sonraíodh san SMI agus chuir sé go mór leis an gclár nuachóirithe forleathan atá dírithe ar ardchaighdeán agus éifeachtacht níos fearr a chinntiú agus luach ar airgead a fháil i soláthar seirbhísí don phobal. Mar thoradh ar an gclár seo tá cur chuige níos toradh-thiomáinte ann sa bhainistíocht ar an earnáil phoiblí agus tá an Státseirbhís níos éifeachtaí chomh maith.

De bharr SMI agus *Delivering Better Government*, an chomhaontú comhpháirtíochta sóisialta reatha, cruthaíodh plean gníomhaíochta sonracha, ina bhfuil gealltanais ón Rialtas tabhairt faoi réimse gníomhaíochtaí dírithe ar dhul

chun cinn ar an bpróiseas nuachóirithe laistigh den Roinn agus a chinntiú go gcuirtear feabhas leanúnach ar sheirbhísí dár gcustaiméirí.

SEIRBHÍS CHUSTAIMÉARA AR ARDCHAIGHDEÁN & CAIRT CHUSTAIMÉARA

Is chun sochair na sochaí nua-aimseartha an fhoirfeacht a éilítear níos mó is níos mó i soláthar seirbhíse. Nuair atá soláthraithe in iúl ar riachtanais an chustaiméara, is féidir dea-fhrestal díreach agus indíreach a dhéanamh ar na riachtanais sin trí fheabhas a chur ar an soláthar seirbhíse atá de dhíth láithreach agus trí chur, ar deireadh thiar, le hiomaíochas agus le luach ar airgead.

Chun riachtanais ár gcustaiméirí a mheas, rinne an Roinn taighde fairsing ar chúram custaiméara i ngach ceann de sheacht Rannóg na Roinne. Bunaíodh Cairt Chustaiméara na Roinne ar thorthaí an taighde sin, agus foilsíodh an Chairt i 2004 (atá ar fáil ar ár suíomh gréasáin www.entemp.ie).

Sonraítear sa Chairt an leibhéal seirbhíse atá ar fáil dár gcustaiméirí. Déanfar monatóireacht ar leibhéal comhlíonta na gcaighdeán a socraíodh agus tuairisceofar air seo i dTuarascáil Bhliantúil na Roinne.

Tá sí mar aidhm ag an Roinn ardchaighdeán seirbhíse a sholáthar dá custaiméirí thar réimse leathan de ghníomhaíochtaí. Gach bliain cuireann an tAonad um Fhaisnéis Cearta Fostaíochta eolas ar fáil do thuairim is 150,000 custaiméir; déantar próiseáil ar íocaíochtaí iomarcaíochta thar ceann tuairim is 25,000 fostaí, próiseáiltear timpeall is 9,000 éileamh ar íocaíochtaí dócmhainneachta agus cuireann na Cigirí Oibreachais tuairim is 7,000 cuairt i gcrích. Tá sé ar intinn na seirbhísí seo uile a athlonnú i gCeatharlach faoi 2008. Beidh baol suntasach ag baint leis an athlonnú sin do chaighdeán na seirbhísí a chuirtear ar fáil sa todhchaí. Caithfidh gach rannóg measúnú a dhéanamh ar an tionchar a bheidh ag an dílárú orthu agus teacht ar bhealaí an baol don chaighdeán seirbhíse a laghdú. Caithfear breis oibre a dhéanamh thar tréimhse na straitéise seo chun a chinntiú go rachaidh dílárú chun sochair ár gcustaiméirí go léir.

CREAT OIBRE UM BHAINISTÍOCHT FAISNÉISE

Mar chuid de na mór-shocrúithe a faomhadh, le fuadar a chur faoi mholtáil leasuithe a rinneadh i “Driving Better Government”, cheap an Roinn Grúpa Oibre um Bhainistíocht Airgeadais chun maoirseacht a dhéanamh ar

¹⁵ Tionscnaíodh an comórtas seo mar chuid den iarracht ag Coimisiún na hEorpa aird a dhíriú ar an iliomad láithreacha oibre forásacha ar fud na hEorpa, san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach araon. Is i aidhm an chomórtais ná caighdeán feabhais a bhaint amach ar an láthair oibre ar fud na hEorpa trí mheán iomaíocht shláintiúil i measc eagraíochtaí a spreagadh, agus iad ag dréim le háit a bhaint amach ina náisiúin féin mar na láithreacha oibre is fearr san Eoraip.

chur i bhfeidhm an chláir um leasú ar bhainistíocht airgeadais. Sa tuarascáil *Financial Management in a Reformed Public Service* a d'eisigh an Grúpa i 1999 moladh, i measc rudaí eile, go bhforbrófaí an Creat Oibre um Bhainistíocht Faisnéise (MIF). Is é is cuspóir don MIF ná córas solúbtha don bhainistíocht airgeadais chomhtháite a sholáthar don Roinn, ionas go bhféadfaí feabhas a chur ar éifeachtacht, ar fheidhmíocht agus ar chuntasacht. Chomh maith leis an bhfeidhm chaighdeánach a bheadh ag córas airgeadais nua-aimseartha feictear go dtuairisceoidh MIF go himhneánach agus tar éis tamaill go seachtrach ar ghnéithe airgeadais agus neamh-airgeadais feidhmíochta. Seo a leanas na haidhmeanna atá ag an tionscadal MIF: próiseáil éifeachtach ar idirbhearta agus ar chuntais airgeadais; córas déanta cinnidh níos fearr a bheith ann i leith dáileadh acmhainní; bainistiú níos éifeachtaí ar acmhainní nuair a leithdháiltear iad; níos mó trédhearcachta agus cuntasachta maidir le húsáid acmhainní.

Cuirfidh an MIF, a chuirfear i bhfeidhm thar tréimhse an ráitis straitéise seo, ar chumas na Roinne eolas a sholáthar i slí is gur féidir feabhas a chur ar nascadh acmhainní, pleananna, aschuir agus tuarascálacha, chun gur féidir cinntí eolasacha a dhéanamh maidir le leithdháileadh agus úsáid ar acmhainní na Roinne.

RIALÚ AIRGEADAIS & BAINISTÍOCHT RIOSCA

Foilsíodh an tuarascáil *The Report of the Accountability of Secretaries General and Accounting Officers* ("Tuarascáil Mullarkey") i mí Eanáir 2003. Tá impleachtaí forleathana ag an tuarascáil sin don Roinn agus táid á gcur i bhfeidhm ar bhonn céimseach. Chomh maith le hiniúchadh a dhéanamh ar ról, ar fhreagracht agus ar chuntasacht Rúnaíthe Ginearálta agus Oifigigh Chuntasachta, déanann an tuarascáil tagairt don rialú ar airgeadas inmheánach, do shocruithe iniúchta inmheánaigh agus do bhainistiú riosca, agus déanann an tuarascáil moltaí sna réimsí sin agus sonraítear am-scála dá gcur i bhfeidhm thar tréimhse dhá bhliain. Táimid ag cloí leis an amscála do chur i bhfeidhm na moltaí. Díreoidh sé seo aird an Rialtais ar chuntasacht, ar éifeachtacht agus ar luach ar airgead i gclár éagsúla na Roinne agus i maoiniú a sholáthraíonn an Roinn do chomhlachtaí eile. Cuirfear feabhas leanúnach ar na réimsí sin, agus tabharfar tús áite dó sin, thar tréimhse an ráitis straitéise seo, chun a chinntiú gur féidir leis an Rúnaí Ginearálta, mar Oifigeach Cuntasachta don Roinn, Ráiteas ar an gCóras um Rialú Airgeadais a thabhairt don Roinn.

ACMHAINNÍ DAONNA

Rachaidh na gnéithe seo a leanas i bhfeidhm ar an timpeallacht Acmhainní Daonna (AD) ina bhfeidhmíonn an Roinn seo, thar tréimhse na straitéise.

1. DÍLÁRÚ

Mar chuid de Chlár Díláraithe an Rialtais, athlonnófar tuairim is 300 post Roinne i gCeatharlach. Beidh tionchar suntasach aige seo, i dteannta na spéise atá léirithe ag roinnt d'fhoireann na Roinne athlonnú in áiteanna eile mar chuid den Chlár Díláraithe, ar ráta aistriú foirne agus ar riachtanais oiliúna mar go mbeidh baill foirne nua ag dul i dtaithe ar a róil nua laistigh den Roinn.

2. LAGHDÚ AR UIMHREACHA SA STÁTSEIRBHÍS

Mar thoradh ar an gclár atá ar bun, laghdú a dhéanamh ar líon fostaithe sa Státseirbhís, caillfear 34 post sa Roinn seo faoi dheireadh 2005. Beidh ar an Roinn an t-ardleibhéal seirbhíse, atá á chur ar fáil aici cheana féin don Rialtas agus don phobal, a chothú agus déileáil le haon athrú polasáí nó aon riachtanas seirbhíse a thagann chun cinn le linn na tréimhse, fad is a dhéantar bainistiú ar an laghdú seo ar uimhreacha.

3. FORBAIRTÍ REACHTACHA

Tá athrú radacach tagtha ar an timpeallacht AD ina bhfeidhmíonn an Roinn. De réir an Achta um Bhainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004 tá cead ag an Roinn earcaíocht dhíreach a dhéanamh, faoi réir ag ceadúnas ón gCoimisiún nua um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí. Nuair a dhéantar achtú ar Bhille Rialaithe na Státseirbhíse 2004, cuirfear roinnt mhaith athruithe i bhfeidhm ar conas a dhéantar Ranna Rialtais a bhainistiú. Tabharfaidh na hathruithe sin cumhachtaí d'Airí agus do Cheannairí na Rann, cumhachtaí a bheidh uathu chun aitheantas a thabhairt don dea-fheidhmíocht agus chun déileáil go héifeachtach le feidhmíocht lag.

4. STRAITÉIS ACMHAINNÍ DAONNA (AD)

Foilsíodh Straitéis AD na Roinne ag tús 2005. An dá chuspóir atá ag an gcéad straitéis AD ag an Roinn seo ná:

- Ár bpolasaithe AD go léir a thiomsú in aon cháipéis amháin chun a léiriú mar a idirghníomhaíonn na polasaithe sin lena chéile agus na bealaí gur féidir comhtháthú níos fearr a dhéanamh orthu.
- Plean gníomhaíochta a leagan amach d'fhorbairt na bpolasaithe sin sa todhchaí, go háirithe an t-aistriú ón gcur chuige traidisiúnta maidir le pearsanra go dtí an cur chuige HRM-bhunaithe.

Cuideoidh forbairt ar an bhfeidhm HRM lárnach níos straitéise seo leis an déabhlóid freagrachta ó ghnáth-riarachán laethúil go córas bainistíochta. Díreoidh an straitéis seo ar an mbealach ina n-aistreoimid chuig an gcur chuige níos straitéise sin maidir le bainistiú foirne agus creat

tacaí a sholáthar a bheadh riachtanach don fhoireann go léir sa timpeallacht nua HRM.

TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE & CUMARSÁIDE

Rachaidh na gnéithe seo a leanas i bhfeidhm ar an timpeallacht TF le linn tréimhse na straitéise seo.

1. DÍLÁRÚ

Ó thaobh TFC de, is eagraíocht mhór, chasta í an Roinn seo, le foireann agus oifigí san iliomad ionad agus tá réimse leathan feidhmchlár agus teicneolaíochtaí á bhforbairt agus á n-úsáid. Nuair a athlonnófar 300 ball foirne go Ceatharlach mar chuid de Chlár Díláraithe an Rialtais, beidh éileamh níos casta ar an Aonad TF.

2. SOLÁTHAR SEIRBHÍSE

Toisc go mbíonn cliant, a bhíonn ag úsáid seirbhísí na Roinne, ag éileamh soláthar seirbhíse feabhsaithe, tá feabhas tagtha ar litearthacht TF fhoireann na Roinne agus bíonn níos mó éilimh ar Aonad TFC na Roinne bonneagar TFC ar ardchaighdeán a sholáthar, ina bhfuil eolas leictreonach, bainistiú ar thaifid, faisnéis ghnó, uirlisí oibre comhoibríocha agus córais foghlama eagrúcháin.

3. RÍOMH-RIALTAS

Tá an timpeallacht sheachtrach, ina soláthraíonn an Roinn a cuid seirbhísí don phobal agus don chóras polaitíochta, ag teacht chun cinn go gasta. Cuspóir tábhachtach ag an Rialtas ná forbairt agus cothú a dhéanamh ar chóras ríomh-Rialtais, is é sin úsáid a bhaint as Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide, chun feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí don phobal. Mar chuid den chlár oibre ríomh-Rialtais, iarradh ar an Roinn forbairt a dhéanamh ar chóras leictreonach, a úsáidfeí le seirbhísí a sholáthar don phobal gnó. Freastalaíonn an suíomh gréasáin BASIS (www.basis.ie), a chothaíonn an Roinn seo, ar an riachtanas sin.

4. ATH-EAGRÚ AR PHRÓISEAS GNÓLACHTA

Cuireadh an próiseas BPR (Ath-eagrú ar Phróiseas Gnólachta) ar fáil don Roinn seo agus dá hOifigí agus cuidíonn an próiseas sin modhanna oibre nua a chur i bhfeidhm. Bainfear úsáid as an gcóras sin thar tréimhse an ráitis straitéise seo agus beidh an-tábhacht ag baint leis i gcomhthéacs díláraithe.

STRAITÉIS STAITISTICÍ

Má tá an Roinn chun straitéis sonraí/staitisticí a cheapadh caithfear, mar chéad chéim sa phróiseas sin, breithmheas a dhéanamh ar an mbealach a mbaileofar agus a n-úsáidfear na sonraí sin – go himheánach agus san earnáil phoiblí i gcoitinne. Sa réimse seo, díreoidh an Roinn ar straitéisí agus ar phleananna a dhéanann ailíniú níos mó ar infhaighteacht sonraí agus ar riachtanais sonraí, thar tréimhse an ráitis straitéise seo agus ina dhiaidh. Is mian leis an Roinn go mbeadh a gníomhaíochtaí agus a cinntí bunaithe ar fhianaise agus tacaithe ag faisnéis stuama, iontaofa.

Tuigeann an Roinn go bhfuil gá an-chuid oibre ullmhúcháin a dhéanamh sula mbaintear na cuspóirí thuasluaite amach. Beidh an obair ullmhúcháin sin mar phríomh-fhócas againn ag tús na straitéise staitisticí. Is léir don Roinn nach bhfuil roinnt mhaith de na sonraí a úsáideann, agus a úsáidfidh sí, go díreach faoina ceannas. Ar an taobh eile den scéal, is léir go mbíonn Ranna agus eagraíochtaí eile ag brath ar an Roinn seo agus ar a Gníomhaireachtaí le haghaidh sonraí eacnamaíocha agus sóisialta. Is gá déileáil leis na saincheisteanna uileghabhálacha sin go héifeachtach má táthar chun na cuspóirí sa réimse seo a bhaint amach ar bhonn leanúnach.

Chun sonraí a láimhseáil i gceart tá gá le chur chuige thar a bheith sonrath agus thar a bheith straitéiseach. Chuige sin, d'oibrigh an Roinn seo agus roinnt mhaith dá Gníomhaireachtaí, go dlúth le foireann an CSO mar chuid den tionscadal SPAR (Statistical Potential of Administrative Records). Mar thoradh ar an tionscadal sin, a bhfuiltear ag súil a chur i gcrích i rith 2005, eiseofar athbhreithniú ar riachtanais sonraí (mar atá sonraithe ag an Roinn) agus ábaltacht na bhfoinsí sonraí atá in úsáid faoi láthair freastal ar na riachtanais sin. Aithneofar na bearnaí móra atá sna sonraí sin chomh maith. Táthar ag súil freisin go bhfeidhmeoidh an tuarascáil mar chreat oibre inar féidir tosaíochtaí i riachtanais sonraí a leagadh amach, agus inar féidir roghanna straitéiseacha a mholadh a d'fhéadfaí a úsáid chun foinsí sonraí níos comhtháite a fhorbairt – bíodh na foinsí sin inmheánach sa Roinn nó seachtrach, is é sin, ar fáil don earnáil phoiblí i gcoitinne.

FAIRSINGE AN UALAI GH FREGARTHA SONRAÍ

Bíodh is go bhfuil sainchúram leathan ag an Roinn, bailiú sí (agus ag a gníomhaireachtaí) sonraí a bhaineann le daoine indibhidiúla agus sonraí faoi fhorais. As na sonraí sin, is sonraí riaracháin an chuid is mó agus baineann roinnt eile le suirbhéanna. Seo mar atá an scéal in eagraíochtaí eile san earnáil phoiblí chomh maith. Bíonn gá le roinnt mhaith de na sonraí sin chun tacú le riaradh ar

chláir agus ar scéimeanna éagsúla agus bailítear an t-eolas ó na freagróirí ar an mbonn sin. Bailítear sonraí eile a úsáidtear d'fhonn polasaí a mheas agus a cheapadh. Le blianta beaga anuas bhíodas ag bailiú níos mó sonraí ó fhorais, ach ní i mbealach comhordaithe i gcónaí. Thabharfadh sé seo le fios nach mbailítear sonraí ar bhealach éifeachtach san earnáil phoiblí agus go mbíonn ualach níos mó ar fhreagróirí ná mar is gá.

Is léir go bhfuil deiseanna ann réasúnú a dhéanamh ar an mbailiú sonraí seo, go himheánach agus san earnáil phoiblí i gcoitinne. Ní leor éifeachtacht chun é sin a bhaint amach. Má leantar leis an gcur chuige ad hoc, míshásúil seo cuirfidh sé caighdeán na sonraí a bhailítear i mbaol agus beidh droch-thionchar aige sin ar an bpróiseas déanta cinnidh dá réir. Dá bhrí sin tá sé ar intinn ag an Roinn aghaidh a thabhairt ar shaincheist ualach an fhreagróra ar bhealach trédhearcach, a chuirfidh in iúl go bhfuil an Roinn tiomanta dul i ngleic leis an gceist, mar mhír ann féin sa straitéis.

Tátail

Cinnteoídh an dul chun cinn ar an bpróiseas nuachóirithe go mbeidh fócas ann i gcónaí ar sholáthar seirbhísí den scoth agus go mbeidh luach níos fearr ar airgead á fháil ag custaiméirí agus ag páirtithe leasmhara.

Má chuirtear an MIF i bhfeidhm i gceart beidh tionchar lárnach aige ar mheasúnú éifeachtach ar chomhlíonadh spriocanna agus cuspóirí. Feidhmeoidh sé mar bhonn ónar féidir cinntí a bhunú ar fhianaise maidir le húsáid acmhainní tríd síos ár bpolasaithe agus ár gcláir, leis an dá sprioc – éifeachtacht a bhaint amach agus luach a fháil ar airgead.

Ina theannta sin, díreoidh cur i bhfeidhm ar mholtaí Thuarascáil Mullarkey aird na Roinne ar chuntasacht, ar rialú airgeadais inmheánaigh, ar shocruithe iniúchta inmheánaigh agus ar bhainistiú riosca.

Tá dúshlán shuntasacha agus chasta i ndán don Roinn thar tréimhse an ráitis straitéise seo toisc Clár Diláráithe an Rialtais, mar a athlonnófar tuairim is 300 ball foirne i gCeatharlach. Díreoidh clár oibre na Seirbhísí Tacaíochta Corparáideacha ar a chinntiú nach gcuireann an dilárú isteach ró-mhór ar leanúnachas gnó agus ar chaighdeán na seirbhíse custaiméara a chuirtear ar fáil.

SPRIOCANNA

- XII** Ard-tacaíocht agus comhairle ghairmiúil a sholáthar sa Roinn i gcoitinne i bpríomh-réimsí tacaíochta, chun a chinntiú go mbainimid amach ár spriocanna gnó agus go mbimid chun tosaigh i gcónaí sa chlár oibre nuachóirithe.
- XIII** Seirbhísí den scoth a sholáthar dár gcustaiméirí agus dár bpáirtithe leasmhara seachtracha, ionas gur féidir an úsáid is fearr a bhaint agus an fhorbairt is fearr a dhéanamh ar ár n-acmhainní agus an luach is fearr ar chaiteachas a fháil.

CUSPÓIRÍ AGUS BEARTA STRAITÉISEACHA

Seirbhís Chustaiméara ar Ard-Chaighdeán

CUSPÓIR

4.1 An soláthar seirbhíse is fearr agus is féidir a chur ar fáil dár gcustaiméirí trí chur i bhfeidhm ar chaighdeán sheirbhís chustaiméara atá sonraithe inár gCairt Sheirbhís Chustaiméara agus trí thionscadail ríomh-Rialtais a chur i bhfeidhm a rachaidh chun sochair ár gcustaiméirí.

BEARTA STRAITÉISEACHA

4.1.1 Déanfaimid monatóireacht, meastóireacht agus feabhsú ar na caighdeáin atá sonraithe inár gCairt Sheirbhís Chustaiméara agus tuairisceoidimid go leanúnach ar chomhlíonadh na gcaighdeán sin.

4.1.2 Leanfaimid orainn le monatóireacht, le forleathnú agus le feabhsú na seirbhísí a sholáthraimid don phobal agus dár bpáirtithe leasmhara agus rachaimid go gníomhach sa tóir ar níos mó seirbhísí ríomh-sholáthraithe nuair is cuí agus nuair is féidir.

Nuachóiriú

CUSPÓIR

4.2 Gach réimse den phróiseas nuachóirithe a chur chun cinn, le béim ar leith ar thionscadail bhreis-luacha, ina measc sin cur i bhfeidhm ar an MIF, agus úsáid a bhaint as ár struchtúir Chomhpháirtíochta chun idirphlé agus comhchomhairle inmheánach leis an bhfoireann a chur chun cinn.

BEARTA STRAITÉISEACHA

4.2.1 Ainmneoidimid agus cuirfimid i bhfeidhm tionscnaimh um bhainistiú athruithe agus tosaíochtaí na Roinne, tríd an gCoiste um Bhainistiú Athruithe agus tríd na Grúpaí SMI agus brúfaimid ar aghaidh soláthar ar réimse cuimsitheach gealltanais inár bPlean Gníomhaíochta *Sustaining Progress*.

4.2.2 Cuirfimid fuadar faoi chur i bhfeidhm an MIF, ag tagairt go háirithe do phlean tionscadail 2004-2006 an MIF.

4.2.3 Cinnteoidimid go bhfuil ár gCoiste Comhpháirtíochta lárnach i gcónaí i gcur chun cinn ar idirphlé agus comhchomhairle inmheánach leis an bhfoireann ar shaincheistean sa phróiseas athruithe agus feabhsúcháin.

Acmhainní Daonna agus Oiliúint

CUSPÓIR

4.3 Leanfaimid orainn ag forbairt acmhainní daonna na Roinne tríd an gcóras PMDS agus ag aistriú ón bhfeidhm Bainistiú Pearsanra traidisiúnta chuig an gcóras déabhlóide HRM, ionas go mbeidh cothromaíocht deiseanna ann don fhoireann ar fad.

BEARTA STRAITÉISEACHA

4.3.1 Cuirfimid i bhfeidhm Straitéis HRM na Roinne, cur i bhfeidhm clár agus tacáí oiliúna san áireamh.

4.3.2 Leanfaimid orainn leis an gcur i bhfeidhm éifeachtach ar an gcóras PMDS, de réir na spriocdhátaí aontaithe, chun feabhas a chur ar fhorbairt agus ar fheidhmíocht foirne.

4.3.3 Forbróimid polasaithe i slí is go mbeidh áit níos mó ag mná i bpoist shinsearacha, le béim ar leith ar bhaint amach na spriocanna seo a leanas: 33% de na poist AP agus 20% de na poist PO líonta ag mná.

4.3.4 Forbróimid polasaithe chun feabhas a chur ar rannpháirtíocht dhaoine faoi mhíchumas i gcomórtais chothaithe.

Bainistíocht Acmhainní Daonna

CUSPÓIR

4.4 A chinntiú go bhfuil na hacmhainní daonna riachtanacha ag an Roinn, agus go bhfuil na scileanna riachtanacha ann chun ár spriocanna gnó a bhaint amach.

BEARTA STRAITÉISEACHA

4.4.1 Cuirfimid oiliúint agus forbairt sprioc-dhirithe ar fáil, chun aghaidh a thabhairt ar shainfhorbairt agus ar riachtanais ghnó indibhidiúla agus ghrúpaí foirne, ag baint feidhme as córais ríomh-fhoghlama nuair is féidir.

4.4.2 Cuirfimid lenár scileanna agus lenár n-inniúlacht chun feabhas leanúnach a chur ar ár seirbhís dár gcustaiméirí agus dár bpáirtithe leasmhara ag gach leibhéal.

Teicneolaíocht Faisnéise & Cumarsáide

CUSPÓIR

4.5 Na seirbhísí TFC is fearr agus is féidir a sholáthar chun tacú le riachtanais ghnó na Roinne.

BEARTA STRAITÉISEACHA

4.5.1 Déanfaimid athbhreithniú ar Straitéis TFC 2003-2006, agus ullmhóimid Straitéis TFC leasaithe, más cuí, chun aon athrú suntasach i timpeallacht oibre na Roinne a chur san áireamh.

4.5.2 Cuirfimid bonneagar TFC buanseasmhach ar fáil chun gur féidir leis an Roinn óstáil cheart a dhéanamh ar a seirbhísí comhéadain leis an bpobal ar bhonn 24/7.

4.5.3 Cuirfimid áis próiseas ath-eagraithe gnó (BPR) ar fáil chun cuidiú le hAonaid agus le hOifigí na Roinne feabhas a chur ar sholáthar seirbhíse agus chun modhanna oibre nua a chur i bhfeidhm dá réir. Tabharfaimid tús áite, go háirithe, don obair díláraithe thar tréimhse na straitéise.

4.5.4 Forbróimid córas feabhsaithe, níos éifeachtaí d'fócaíochtaí lomarcaoíochta leictreonacha.

Dilárú

CUSPÓIR

4.6 Foireann agus feidhmeanna na Roinne a athlonnú i gCeatharlach laistigh den amscála a leag an Rialtas amach, i slí is nach gcuirfear isteach ró-mhór ar leanúnachas gnó agus ar chaighdeán seirbhíse chustaiméara agus i mbealach a chinntiann go bhfuil na daoine féin lárnach sa phróiseas.

BEARTA STRAITÉISEACHA

4.6.1 Cuirfimid plean feidhmithe ar fáil agus cuirfimid i ngníomh é, a shonróidh na straitéisí atá againn laghdú a dhéanamh ar an gcur isteach ar sheirbhís chustaiméara, rioscaí a aithint, agus bainistiú a dhéanamh ar ráta aistrithe foirne, ar oiliúint, ar bhainistíocht eolais agus ar chumarsáid.

4.6.2 Oibreoidimid go dlúth le hOifig na nOibreacha Poiblí d'fhonn foirgneamh a fháil i gCeatharlach atá ar ardchaigheán dearaidh agus tógtha go maith agus a chuireann ionad sábháilte, inrochtana ar fáil don fhoireann go léir.

4.6.3 Tá sé ar intinn againn a chinntiú go gcothaítear an t-ardleibhéal soláthar seirbhíse nuair a bheimid i mBaile Cheatharlaigh.

Rialú Airgeadais & Luach ar Airgead

CUSPÓIR

4.7 A chinntiú go ndéantar gach idirbheart airgeadais de réir na ngnáthamh airgeadais phoiblí atá ar bun agus iarracht feabhas a chur ar luach ar airgead i ngnóthai riaracháin na Roinne.

BEARTA STRAITÉISEACHA

4.7.1 Lorgóimid cur i bhfeidhm iomlán ar an gclár nuachóirithe um bhainistíocht airgeadais, feabhas leanúnach ar sheirbhís dár gcustaiméirí inmheánacha agus seachtracha san áireamh.

4.7.2 Cinnteoidimid go mbainfidh bainistíocht agus aonaid ghnó na Roinne fónamh as na buntáistí a eascraíonn as an gcóras nua um bhainistíocht airgeadais, chun a chur ar a gcumas a gcuid oibre a dhéanamh ar bhealach níos éifeachtaí.

4.7.3 Déanfaimid athbhreithniú ar scéim na n-íocaíochtaí Dócmhainneachta.

Iniúchadh Inmheánach

CUSPÓIR

4.8 Seirbhís iniúchta inmheánaigh riosca-bhunaithe a sholáthar, a thugann ráthaíocht maidir leis na córais rialaithe.

BEARTA STRAITÉISEACHA

4.8.1 Cuirfimid ráthaíocht ar fáil don Oifigeach Cuntasachta maidir le córais iniúchta inmheánaigh na Roinne agus na n-oifigí atá díreach laistigh de shainchúram na Roinne. Cuirfimid comhairle ar an Oifigeach Cuntasachta go háirithe maidir le siniú an Ráitis um Rialú ar Airgeadas Inmheánach, a ghabhann anois leis an gCuntas Leithghabhála.

4.8.2 Comhlionfaimid ár bhfreagrachtaí i leith Choimisiún na hEorpa do chlár iniúchta a chaithefear a chur i bhfeidhm go tras-eagraíochtúil nuair a fhaightear maoiniú ó Chiste Sóisialta na hEorpa (ESF). Tá sainról forleathan againn maidir le dúnadh ar gach babhta maoinithe.

Oscailteacht, Trédhearcacht & Cuntasacht

CUSPÓIR

4.9 Feabhas a chur ar éifeachtacht agus ar thrédhearcacht bainistíochta ár ngnó, is é sin faisnéis ar ardchaighdeán a

chur ar fáil faoi Shaoráil Faisnéise agus faoi ionstraimí eile agus cumarsáid leanúnach, éifeachtach a sholáthar i ngach cuid den Roinn.

BEARTA STRAITÉISEACHA

4.9.1 Faoi réir ag comhaontú an Aire Airgeadais, sínfimid Saoráil Faisnéise chuig na dreamanna seo a leanas: An Binse Achomhairc Fostaíochta (feidhm riaracháin amháin), Fondúireacht Eolaíochta Éireann, An Grúpa Athbhreithnithe Dlí Cuideachtaí, Comhairle Ceardaíochta na hÉireann, Aonad Rialaithe Airgeadais an ESF, na 35 Bord Fiontar Contae agus Cathrach, Skillnets agus an Chúirt Oibreachais (feidhm riaracháin amháin), faoi dheireadh 2005.

4.9.2 Déanfaimid dul chun cinn ar fhorbairt ar inlíon na Roinne trí fheabhas a chur ar ábhar an tsuímh agus ar a fheidhmiú chun gur féidir cumarsáid níos éifeachtaí a spreagadh ar fud na Roinne.

Straitéis Staitisticí

CUSPÓIR

4.10 Bunchlocha a leagan ar a dtógfar soláthar tráthúil sonraí, chun tacú le cinní atá bunaithe ar fhianaise, chun tacú níos mó leis an meastóireacht a dhéantar ar pholasaithe agus ar chláir reatha, agus chun cuidiú leis an bhfoireann úsáid níos éifeachtaí a bhaint as sonraí, i dtéarmaí ceapadh polasai agus meastóireachta araon.

BEARTA STRAITÉISEACHA

4.10.1 Mar thoradh ar thionscnamh CSO/Roinn SPAR, ceapfar coiste seasta straitéise sonraí. Déanfar cathaoirleacht ar an gcoiste ag ardeibhéal sa Roinn agus beidh páirtithe leasmhara inmheánacha na Roinne agus ó na príomh-ghníomhaireachtaí rannpháirteach ann. Tabharfar cuireadh d'ionadaí ón CSO ballraíocht a ghlacadh ar an gcoiste, chomh maith leis na gnáth-pháirtithe leasmhara seachtracha – páirtithe leasmhara atá ina n-úsáideoirí sonraí chomh maith leo siúd a sholáthraíonn sonraí (forais). Seo a leanas a bheidh ar bun ag an gcoiste le linn 2005:

- ábhar agus moltaí thuarascáil SPAR a mheas;
- tús a chur leis an bpróiseas ina n-ainmnítear tosaíochtaí i riachtanais sonraí reatha agus riachtanais sonraí atá ag teacht chun cinn;
- feabhsú ar úsáid táscairí uathúla a mheas;
- a fháil amach an bhfuil an úsáid is fearr á bhaint na sonraí atá ar fáil;
- bearnaí móra sonraí a aithint;
- a fháil amach conas is fearr cur le scileanna agus le

hinniúlacht, chun gur féidir úsáid níos fearr a bhaint as sonraí.

4.10.2 Chomh maith leis an méid thuasluaite, tabharfaidh an coiste aghaidh ar shaincheist na n-ualach riaracháin agus freagartha atá ar fhiontair. Molfaidh an coiste bealaí inar féidir réasúnú a dhéanamh ar bhailiú sonraí agus foilseofar tuarascáil roimh dheireadh 2005.

Rialú Níos Fearr

CUSPÓIR

4.11 Cloí le prionsabail an rialaithe níos fearr, mar atá sonraithe sa Pháipéar Bán "Rialú Níos Fearr".

BEARTA STRAITÉISEACHA

4.11.1 Glacfaimid páirt sa tionscadal píolótach RIA.

4.11.12 Cloifimid le prionsabail 'rialú níos fearr' nuair atá reachtaíocht á hullmhú.

Bainistíocht Riosca

CUSPÓIR

4.12 A chinntiú go nglactar na bearta cuí ar fud na heagraíochta, chun na rioscaí a bheadh i ndán don eagraíocht a aithint agus iad a bhainistiú i mbealach éifeachtach.

BEART STRAITÉISEACH

4.12.1 Cuirfimid creat oibre i bhfeidhm chun rioscaí a aithint agus a mhaolú, chun a chinntiú go bhfuil modheolaíocht chomhaontaithe agus intuigthe ag an Roinn, d'fhonn a cuspóirí a bhaint amach.

Táscairí Feidhmíochta

Feidhmíocht Sheirbhís Chustaiméara measta i gcoinne na spriocanna inár gcairt chustaiméara agus measúnú a dhéanamh ar shástacht an chustaiméara ag baint úsáide as an taighde ar sheirbhís chustaiméara, a rinneadh cheana féin, mar áis tagarmharcála.

Suirbhé a dhéanamh ar fheabhas ar shástacht le seirbhísí.

Forbairt ar ghníomhaíochtaí acmhainní daonna a chainníochtú, trí ionchuir a mheas, ar nós rannpháirtíocht i PMDS, caiteachas ar oiliúint agus ar laethanta oiliúna, agus trí thaighde cáilíochtúil a dhéanamh, chun torthaí lánacha a mheas, torthaí ar nós sástacht le feabhas scileanna, i gcomparáid leis an inniúlacht atá de dhíth, chun spriocanna na Roinne a bhaint amach.

Dul chun cinn ar an gcur chuige níos réamhghníomhaí, níos solúbtha agus níos freagraí ar Acmhainní Daonna a mheas, trí shuirbhé a dhéanamh i 2006 i measc na foirne. Cuirfear torthaí an tsuirbhé sin i gcomparáid le torthaí an tsuirbhé a rinneadh i 2003.

Toradh na mbearta a chuireamar i bhfeidhm, chun feabhas a chur ar rialú airgeadais, de réir meastúcháin an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste is cóir a dhéanamh, d'fhonn tuairisciú ar Chuntas Leithghabhála na Roinne agus a leithéidí.

Conas mar a éiríonn leis an dilárú go Ceatharlach, ag tagairt do chur i gcrích an diláraithe laistigh den amscála a shonraigh an Grúpa Feidhmithe um Dhilárú agus an méid a laghdaítear ar chur isteach ar sheirbhís chustaiméara nuair a chuirtear é i gcomparáid le caighdeán na seirbhíse custaiméara roimh an dilárú.

Laghdú ar amanna feithimh, i gcás éisteacht le cásanna éilimh ag eagraíochtaí cearta fostaíochta agus ag eagraíochtaí caidrimh thionsclaíoch agus amanna feithimh d'íocaíochtaí iomarcaíochta agus d'íocaíochtaí dócmhainneachta.

CUID 3

Saincheisteanna Tras-Rannacha

Iomaíochas	58
Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht	58
Trádáil	58
Forbairt Réigiúnach – Boird Forbartha Contae/Cathrach	58
Cuimsitheacht Shóisialta	58
Clár Athchóirithe Náisiúnta	59
Plean Forbartha Náisiúnta 2000-2006	59
Ceartha Fostaíochta & Caidreamh Tionsclaíoch	59
Comhpháirtíocht Shóisialta	59
Tráchtáil, Tomhaltóirí agus Iomaíocht	59
Nuachóiriú agus Athrú	60
New Connections	60
Tátaí	60

Glacann an Roinn páirt i bhfad níos forleithne i bpolasaithe leathana náisiúnta ná na réimsí a thagann go díreach faoi raon na Roinne agus a gníomhaireachtaí, chun go gcuimseofaí réimse eagraíochtaí leasmhara ar nós na Páirtithe Sóisialta, Ranna Rialtais agus Gníomhaireachtaí eile, an earnáil dheonach agus réimse leathan eagraíochtaí idirnáisiúnta.

IOMAÍOCHAS

Téann an clár oibre leathan iomaíochais i gcion ar gach ceann de Rannóga na Roinne, chomh maith leis an iliomad Rann agus Gníomhaireacht Stáit eile. Pléann an Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais, Comhairle a dhéanann feidhmíocht iomaíochais a mheas agus a shainmhíniú d'úsáid iomaíochais, le hionadaithe as na príomh-Ranna eacnamaíoch. Déantar moltaí na Comhairle a leanúint trí Ghrúpa Idir-Rannach neamhfhoirmiúil, le cathaoirleacht na Roinne, agus tuairiscíonn an grúpa seo dá réir don Rialtas, ar dhul chun cinn.

Déanann Coiste Caibinéid um Bhonneagar déileáil le saincheisteanna iomaíochais eile, agus tá an tAire mar ionadaí ar an gCoiste sin. Tacaíonn an Grúpa Tras-Rannach um Bhonneagar, Tithíocht agus PPPanna leis an gCoiste.

Tugann an Coiste Caibinéid ar an AE aghaidh ar shaincheisteanna ginearálta AE agus iomaíochais, agus tacaíonn an Grúpa Oifigeach Sinsearach agus an Coiste Rannach um Chomhordú ar Ghnóthaí AE leis an gCoiste. Tá ionadaíocht ag an Aire/Roinn ar na Grúpaí sin.

EOLAÍOCHT, TEICNEOLAÍOCHT AGUS NUÁLAÍOCHT

Faoi théarmaí Chinneadh Rialtais ar an 22 Meitheamh 2004, ar Chomhordú agus Rialú ETN, agus de bharr Thuarascáil an Choimisiúin um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht (ICSTI), cuireadh coiste idir-rannach ardleibhéil ar bun, le hionadaíocht as gach Roinn, a bhfuil ról eolaíochta agus teicneolaíochta aici agus déanann an Roinn seo cathaoirleacht ar an gCoiste. Feidhmeoidh an Coiste mar fhóram, ina bpléifear saincheisteanna tras-earnálacha, d'fhonn feabhas a chur ar chomhtháthú agus ar shineirgíocht ar fud an Chórais Náisiúnta Nuálaíochta. Tuairisceoidh an Coiste Idir-Rannach don Rialtas, ar bhonn rialta agus déanfaidh sé moltaí maidir le cur i bhfeidhm ar an bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta T&F.

Mar chuid den Chinneadh Rialtais chéanna, ceapadh an chéad Phríomh-Chomhairleoir Eolaíochta ag an Rialtas, agus glacadh an comhairleoir sin páirt sa Choiste Idir-

Rannach. Táthar ag súil go gcuirfidh na bearta seo fuadar faoi fheabhsú córas agus struchtúr, ionas gur féidir forbairt agus dul chun cinn comhtháite a dhéanamh ar shaincheisteanna tras-earnálacha.

Is é an tAire ionadaí na hÉireann ar chúrsaí taighde ag Comhairle Iomaíochais an AE, agus déanann sé idirghabháil agus bainistiú ar pháirt na hÉireann i gclár taighde AE. Tá gréasán curtha ar bun ag an Roinn seo de Phointí Teagmhála Náisiúnta agus de Thoscáirí Náisiúnta i measc na Rann agus na nGníomhaireacht chun comhairle, eolas praiticiúil agus cúnadh a thabhairt dóibh siúd a bheadh ag smaoinéamh ar mhaoiniú a fháil ón Séú Clár Creat Oibre.

TRÁDÁIL

Caithear comhoibriú agus comhordú éifeachtach a dhéanamh ar leasa éagsúla a bhaineann le cur chun cinn trádála, má táthar chun an úsáid is fearr agus is féidir a bhaint as na tacaí atá ar fáil d'onnmhaireoirí. I dtús báire, d'fhéadfaí comhfhís agus comhdhearadh a bheith ann maidir le coinníollacha creat oibre (Comhaontaithe - Comhbheartas Tráchtála, an Eagraíocht Dhomhanda Trádála (WTO)) ina ndéantar trádáil. Cuireadh socrúithe Liospóin i bhfeidhm, ar leasa tras-earnálacha, chun go mbeadh cur chuige comhordaithe ag Éire, ag an gCoiste AE 133¹⁵ agus ag cruinnithe gaolmhara, agus chun a bheith ullamh do mhór-chainteanna ar nós babhta Forbartha Doha.

Bionn feidhm ag an bhFóram Comhairleach Trádála agus ag an gCoiste ar Thuilleamh Eachtrach, sa roinnt ar eolas, sa chomhoibriú agus sa chomhordú.

FORBAIRT RÉIGIÚNACH – BOIRD FORBARTHA CONTAE/CATHRACH

Leanfaidh an Roinn ag tacú leis an gcur chuige níos comhordaithe, maidir le soláthar seirbhísí poiblí ag leibhéal áitiúil tríd an tacaíocht a thugann an Roinn do na Boird Forbartha Contae/Cathrach¹⁶, go háirithe ó thaobh ionadaíocht an IDA, Fiontraíocht Éireann, Boird Fiontar Contae/Cathrach agus FÁS ar na Boird Forbartha.

CUIMSITHEACHT SHÓISIALTA

I Liospóin sa bhliain 2000, gheall Comhairle Eorpach Chinn Stáit agus Rialtais Bhallstát an AE, go mbeadh tionchar cinntitheach acu ar bhochtaineacht san AE faoi 2010.

Comhaontaigh Ballstáit, i mí na Nollag 2000, go mbeadh sraith comhchuspóirí acu chun dul i ngleic le bochtaineacht agus le heisiatacht shóisialta.

¹⁵ De réir Alt 133 de Chonradh an AE, tá sé de dualgas ar Choimisiún na hEorpa dul i gcomhchomhairle le Ballstáit maidir le feidhmiú Chomhbheartas Tráchtála an AE. Tugtar Coiste Alt 133 ar an gCoiste sin.

¹⁶ Bunaíodh na Boird Forbartha Contae i 2000 chun comhordú níos fearr a dhéanamh ar sheirbhísí forbartha poiblí agus áitiúla ag leibhéal áitiúil. Is é an t-údarás áitiúil atá i gceannas ar na Boird, le hionadaithe ón gcéithe príomh-earnáil – údarás áitiúil, forbairt áitiúil, páirtithe sóisialta agus gníomhaireachtaí stáit. Tá ionadaithe ag IDA Éireann, ag Fiontraíocht Éireann, ag FÁS agus ag na Boird Fiontar Contae/Cathrach ar gach bord. Déanann ionadaí tofa ón údarás áitiúil cathaoirleacht ar na Boird.

Tá sé de dhualgas ar Bhallstáit Plean Gníomhaíochta Náisiúnta in aghaidh Bochtaineachta agus Eisiámh (NAPS/Cuimsitheacht) a dhreachtú agus tuairisciú ar dhul chun cinn ar na cuspóirí sin. Glacann an Roinn seo páirt sa phróiseas NAPS/Cuimsitheacht trí ionchur a sholáthar sa phlean maidir le bearta ábhartha sa mhargadh fostaíochta a thugann aghaidh ar chuspóirí frith-bhochtaineachta agus ar chuspóirí um chuimsitheacht shóisialta. I measc na mbeart sin tá Clár Fostaíochta FÁS, an Clár Geilleagair Shóisialta, Oiliúint do Dhaoine faoi Mhíchumas agus do ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste eile, agus an Clár Tionscnaimh Pobail EQUAL.

CLÁR ATHCHÓIRITHE NÁISIÚNTA

Tá an Roinn freagrach as na gnéithe fostaíochta agus iomaíochais a ullmhú, a bhaineann leis an gClár Athchóirithe Náisiúnta, agus feidhmeoidh an clár sin in ionad na riachtanais tuairiscithe AE atá ann faoi láthair, mar a n-áirítear an Plean Náisiúnta Gníomhaíochta um Fhostaíocht. Clúdaíonn an Clár Athchóirithe Náisiúnta polasaithe eacnamaíochas agus fostaíochta araon agus déanfaidh Roinn an Taoisigh comhordú air. Tacóidh an iliomad polasaithe reatha rialtais leis na saincheisteanna a chlúdófar ann, go háirithe Sustaining Progress, agus cuirfear síos ar an gcaoi a dhéanfar na Treoirí nua a ionchorprú i bpolasáí intíre agus ar an gcaoi a chuirfear i bhfeidhm iad.

PLEAN FORBARTHA NÁISIÚNTA 2000-2006

ACMHAINNÍ FOSTAÍOCHTA AGUS DAONNA CLÁR OIBRÍOCHTÚIL FORBARTHA

Is í an Roinn an tÚdarás Bainistíochta don CO um Fhorbairt Fostaíochta & Acmhainní Daonna agus sa chomhthéacs sin tá an Roinn freagrach as monatóireacht agus tuairisciú ar dhul chun cinn an chláir seo. Mar chuid den chlár, infheistíofar €15 billiún i ngairmoideachas, in oiliúint agus i bhfostaíocht thar an tréimhse 2000- 2006. Is trí Chiste Sóisialta na hEorpa a chuirtear €892 milliún den méid sin ar fáil. Seo a leanas na páirtithe leasmhara: An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta; FÁS; Fiontraíocht Éireann; na Páirtithe Sóisialta agus Coimisiún an AE.

CLÁR OIBRÍOCHTÚIL NA HEARNÁLA TÁIRGIÚLACHTA

Is í an Roinn an tÚdarás Bainistíochta do CO na hEarnála Táirgiúlachta chomh maith agus déanann an Roinn monatóireacht agus tuairisciú ar dhul chun cinn an chláir sin. Cuirtear breis is €4.5 billiún ar fáil faoin gclár seo agus úsáidtear é chun timpeallacht agus bonneagar ghnó na hÉireann a bheith ar a laghad chomh fabhrach is mar atá a mhacasamhail in aon áit eile ar domhan. Cuirtear €330

milliún as an méid sin ar fáil trí Chiste Forbartha Réigiúnach na hEorpa agus trí Chiste Ionstraim Airgeadais um Threoir lascaigh. Seo a leanas na páirtithe leasmhara: na Comhthionóil Réigiúnacha, na hÚdaráis Réigiúnacha, na Páirtithe Sóisialta, Coimisiún an AE agus Ranna Rialtais agus Gníomhaireachtaí áirithe ar nós an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha, Fiontraíocht Éireann agus Forbairt na Sionainne.

CEARTA FOSTAÍOCHTA & CAIDREAMH TIONSCLAÍOCH

Bionn an Roinn fós ag feidhmiú go dlúth le forais chaidrimh thionsclaíoch, leis na páirtithe sóisialta agus le Ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí eile ar shaincheisteanna comhpháirtíochta agus ar fhorbairtí san AE, agus ar réimse saincheisteanna eile ar nós caidreamh tionsclaíoch agus an láthair oibre. Ráiteas Straitéise 2005-2007 Ich 59

COMHPHÁIRTÍOCHT SHÓISIALTA

Cuireann an Roinn go mór le seachadadh ar thionscnaimh speisialta atá i *Sustaining Progress*. Is í an Roinn an príomh-ghníomhaire a thugann aghaidh ar:

- Daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach, oibrítithe leochaileacha agus iad siúd atá dífhostaithe de bharr iomarcaíochta;
- costas árachais agus fáil ar árachas;

agus tacaíonn an Roinn le forais eile a thugann aghaidh ar:

- Imirce agus Idirchultúrachas
- Dul i ngleic le míbhuntáiste oideachais – litearthacht, uimhríocht agus luath-fhágáil scoile;
- Cúram – leanaí agus daoine faoi mhíchumas agus daoine níos aosta; agus
- Gach éinne a chur san áireamh i Sochaí Eolais.

Cuireann an Roinn tuairisc ar fáil ar bhonn rialta ar chur i bhfeidhm a gníomhaíochtaí sna tionscnaimh sin don Ghrúpa Stiúrtha Lárnach agus ag Seisiúin Iomlánacha.

Lasmuigh de na comhaontaithe comhpháirtíochta sóisialta reatha, feidhmíonn an Roinn i dteannta na bpáirtithe sóisialta ar fhóraithe éagsúla ar nós Oifig Forbartha Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta (NESDO).

TRÁCHTÁIL, TOMHALTÓIRÍ AGUS IOMAÍOCHT

Sa réimse Dlí Cuideachtaí, comórtas agus polasáí tomhaltóirí, oibríonn an Roinn go dlúth le Ranna Rialtais eile, le hoifigí agus gníomhaireachtaí na Roinne agus le forais leasmhara eile, ar nós Údarás Rialála Seirbhísí

Airgeadais na hÉireann (IFSRA), Stocmhalartán na hÉireann, agus Painéal Táthcheangail na hÉireann. Cuid lárnach dár n-obair ná na comhchaidrimh sin a chothú agus a fhorbairt. Ar an ábhar sin, oibríonn an Roinn go dlúth le hOifig an Ard-Aighne d'fhonn a clár reachtaíochta a chur i bhfeidhm agus leo seo a leanas d'fhonn a spriocanna a bhaint amach: An Oifig um Chlárú Cuideachtaí, Oifig an Stiúrtóra um Fhorfheidmiú Corparáideach, Clárann na gCarachumann, Oifig an Stiúrtóra um Ghnóthaí Tomhaltóirí agus an tÚdarás Iomaíochta. Oibreoidh an Roinn go dlúth le hÚdarás Maoirseachta, Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann (IAASA) nuair a chuirtear an tÚdarás sin ar bun go foirmiúil.

NUACHÓIRIÚ AGUS ATHRÚ

Feidhmíonn an Roinn go gníomhach ar Choistí Idir-Rannacha Éagsúla a thugann aghaidh ar an gclár oibre nuachóirithe. Seo a leanas roinnt de na Grúpaí sin: Grúpa na Rúnaithe Ginearálta, an Gréasán um Bhainistíocht Athruithe, an Grúpa Feidhme Mullarkey, An Grúpa Straitéise Cánach, Grúpa Stiúrtha RIA, Coiste Comhairleach an Chreat Oibre um Bhainistíocht Faisnéise, Fo-ghrúpa um Bhainistíocht Tionscadail an MIF, an Grúpa Oibre um Bhainistíocht Airgeadais, an Gréasán PMDS, Gréasán na nOifigeach Pearsanra, an Coiste Oiliúna agus Forbartha, Gréasán Oifigigh Oiliúna na Roinne, Grúpa Oifigeach Idirchaidraimh um Dhílárú. Tríd na grúpaí sin cuireann an Roinn go mór le forbairt ar earnáil phoiblí atá nua-aimseartha, táirgiúil agus dírithe ar an gcustaiméir, ach fós féin a ghlacann leis na cleachtais is fearr atá i bhfeidhm in áiteanna eile.

NEW CONNECTIONS

New Connections is teideal don dara Plean Gníomhaíochta Cumainn Faisnéise de chuid an Rialtais agus déantar moltaí ann maidir leis na réimsí seo a leanas: ríomh-Rialtas, T&F, ríomh-Ghnó, oideachas fadsaoil, agus saincheisteanna a bhaineann leis an timpeallacht rialaitheach. Tá sí de fhreagracht ar an Roinn seo roinnt de na moltaí agus de na bearta sin a chur i bhfeidhm, ina measc tá BASIS (business access website), an tionscadal Ceadanna Fostaíochta ar líne, an tionscadal ar líne d'Oifig na bPaitinní, clárú cuideachtaí ar líne agus ciste luasghéaraithe Fiontraíocht Éireann. Déanfaidh an Roinn a dícheall a chinntiú go mbaintear amach na spriocanna a shonraítear i *New Connections*. Tuairiscíonn an Roinn do Roinn an Taoisigh dhá uair sa bhliain ar dhul chun cinn, a thuairiscíonn dá réir do Choiste Caibinéid an Chumainn Faisnéise.

TÁTAL

Mar chríoch, idirghníomhaíonn an Roinn, ina ról i bpolasaithe náisiúnta a théann i gcion ar pholasaí, leis an gcuid is mó de na Ranna Rialtais agus le roinnt mhaith Gníomhaireachtaí eile. Tá dlúthbhaint againn leis na Páirtithe Sóisialta chomh maith.

Caithfidh cothú leanúnach a dhéanamh ar na comhchaidrimh sin má táimid lenár mbearta straitéiseacha féin agus ár gcomh-bhearta straitéiseacha a chur i bhfeidhm.